Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Iúil 2024
(OR. en)

10570/24

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0232(COD)**

**CODEC 1400**
**ENV 573**
**CLIMA 223**
**AGRI 453**
**FORETS 155**
**RECH 262**
**TRANS 264**
**PE 148**

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le Faireachán Ithreach agus Athléimneacht Ithreach (an Dlí maidir le Faireachán Ithreach)<br>– An toradh ar an gcéad léamh i bParlaimint na hEorpa<br>(An Bhruiséil, an 10 agus an 11 Aibreán 2024) |

## I. RÉAMHRÁ

Thíolaic an rapóirtéir, Martin HOJSÍK (RE, SK), tuarascáil ar an togra thuasluaite le haghaidh Treorach thar ceann an Choiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (ENVI) ina raibh 216 leasú (leasuithe 1 go 216) ar an togra.

Ina theannta sin, chuir grúpa Renew leasú amháin síos (leasú 217), chuir roinnt Feisirí ó ghrúpaí polaitiúla éagsúla 18 leasú síos (leasuithe 218 go 234 agus 245), chuir grúpa ID trí leasú síos (leasuithe 235 go 237), chuir grúpa na nGlasach/SCE sé leasú síos (leasuithe 238 go 244), chuir an Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe (AGRI) 19 leasú síos (leasuithe 246 go 264) agus chuir grúpa ECR trí leasú síos (leasuithe 265 go 267).

## II. VÓTÁIL

Nuair a vótáladh i suí iomlánach Pharlaimint na hEorpa an 10 Aibreán 2024, glacadh leasuithe 1 go 35, 37 go 50, 52 go 61, 63 go 66, 68 go 74, 76 go 83, 85 go 94, codanna 1 agus 2 de 95, 96 go 108, 110 go 113, 120 go 169, 171 go 180, 186 go 202, 214 go 217, 221, 224, 226 go 228, 231, 232, 234, 247 go 252, 254, 260 agus 266 ar an togra le haghaidh Treorach. Cuireadh leasú 107 agus leasú 240 ar ceal. Níor glacadh aon leasuithe eile.

Is é atá sa togra ón gCoimisiún arna leasú amhlaidh an seasamh ón bParlaimint ar an gcéad léamh, atá le fáil ina rún reachtach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo é.

---

## P9_TA(2024)0204

## Faireachán agus Athléimneacht ithreach (An Dlí maidir le Faireachán Ithreach)

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Aibreán 2024 ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Faireachán Ithreach agus Athléimneacht Ithreach (an Dlí maidir le Faireachán Ithreach) (COM(2023)0416 – C9-0234/2023 – 2023/0232(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0416),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 192(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0234/2023),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don tuairim réasúnaithe a thíolaic Seanad na hÍsiltíre agus Teach na nIonadaithe san Ísiltír, faoi chuimsiú Phrótacal Uimh. 2 maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm, á mhaíomh nach gcomhlíonann an dréachtghníomh reachtach prionsabal na coimhdeachta,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 25 Deireadh Fómhair 2023[1],

– tar éis dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (A9-0138/2024),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go

[1] IO C, C/2024/887, 06.02.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/887/oj.

substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**Leasú 1**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Bíonn riocht maith ceimiceach, bitheolaíoch agus fisiceach ar ithreacha sláintiúla ionas gur féidir leo éicisheirbhísí atá ríthábhachtach don duine agus don chomhshaol a sholáthar, amhail bia sábháilte, cothaitheach agus leordhóthanach, bithmhais, uisce glan, timthriall cothaitheach, stóráil carbóin agus gnáthóg le haghaidh na bithéagsúlachta. ***Mar sin féin, is amhlaidh atá*** meath tagtha ar idir 60 agus 70 % d'ithreacha an Aontais agus ***tá*** siad ag dul in olcas i gcónaí. | (2) Bíonn riocht maith ceimiceach, bitheolaíoch agus fisiceach ar ithreacha sláintiúla ionas gur féidir leo éicisheirbhísí atá ríthábhachtach don duine agus don chomhshaol a sholáthar, amhail bia sábháilte, cothaitheach agus leordhóthanach, bithmhais, uisce glan, timthriall cothaitheach, stóráil carbóin agus gnáthóg le haghaidh na bithéagsúlachta. ***Tá an ithir ríthábhachtach chun slándáil bia a áirithiú. Meastar, áfach, go bhfuil*** meath tagtha ar idir 60 agus 70 % d'ithreacha an Aontais agus ***go bhfuil*** siad ag dul in olcas i gcónaí. |

**Leasú 2**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) Bíonn na billiúin euro le híoc ag an Aontas gach bliain de thoradh an díghrádaithe ithreach. Tá tionchar á imirt ag sláinte ithreach ar sholáthar na n-éicisheirbhísí ag a mbíonn toradh eacnamaíoch tábhachtach. ***Dá bhrí sin,*** tá ciall fhónta eacnamaíoch ***le bainistiú inbhuanaithe*** agus ***athghiniúint ithreacha agus féadann siad*** praghas agus luach na talún san Aontas a mhéadú go ***mór***. | (3) Bíonn na billiúin euro le híoc ag an Aontas gach bliain de thoradh an díghrádaithe ithreach. Tá tionchar á imirt ag sláinte ithreach ar sholáthar na n-éicisheirbhísí ag a mbíonn toradh eacnamaíoch tábhachtach. Tá ciall fhónta eacnamaíoch ***leis an bhfeabhsú a dhéantar air*** agus ***is féidir leis*** praghas agus luach na talún san Aontas a mhéadú go ***suntasach***. ***Thairis sin, d'fhéadfadh sé suas le 1000 bliain a thógáil chun 1 cheintiméadar de bharrithir a tháirgeadh, agus is féidir leis an bpróiseas díghrádaithe agus caillteanas iomlán ithreach tarlú go tapa.*** |

**Leasú 3**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Tá cistiú ríthábhachtach chun gur féidir aistriú chuig ithreacha sláintiúla. Leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil, cuirtear i láthair roinnt deiseanna cistiúcháin atá le fáil chun ithreacha a chosaint, a bhainistiú go hinbhuanaithe agus a athghiniúint. Tá 'Comhaontú Ithreach don Eoraip' ar cheann de na cúig mhisean de chuid an Aontais atá sa chlár Fís Eorpach agus tá sé tiomnaithe go sonrach do shláinte ithreach a chur chun cinn. Is príomhionstraim atá sa Mhisean Ithreach chun an Treoir seo a chur chun feidhme. Tá sé d'aidhm aige an t-aistriú chuig ithreacha sláintiúla a threorú trí chlár uaillmhianach taighde agus nuálaíochta a chistiú, líonra de 100 saotharlann bheo agus teach solais a bhunú i limistéir thuaithe agus uirbeacha, forbairt creata chomhchuibhithe um fhaireachán ithreach a chur chun cinn agus feasacht a mhéadú ar thábhacht na hithreach. I measc chláir eile an Aontais lena gcuirtear i láthair cuspóirí a rannchuidíonn le hithreacha sláintiúla, tá an Comhbheartas Talmhaíochta, cistí an Bheartais Chomhtháthaithe, an Clár don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide, clár oibre Fhís Eorpach, an Ionstraim Tacaíochta Teicniúla, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus InvestEU. | (11) Tá cistiú ríthábhachtach chun gur féidir aistriú chuig ithreacha sláintiúla. Leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil, cuirtear i láthair roinnt deiseanna cistiúcháin atá le fáil chun ithreacha a chosaint, a bhainistiú go hinbhuanaithe agus a athghiniúint. Tá 'Comhaontú Ithreach don Eoraip' ar cheann de na cúig mhisean de chuid an Aontais atá sa chlár Fís Eorpach agus tá sé tiomnaithe go sonrach do shláinte ithreach a chur chun cinn. Is príomhionstraim atá sa Mhisean Ithreach chun an Treoir seo a chur chun feidhme. Tá sé d'aidhm aige an t-aistriú chuig ithreacha sláintiúla a threorú trí chlár uaillmhianach taighde agus nuálaíochta a chistiú, líonra de 100 saotharlann bheo agus teach solais a bhunú i limistéir thuaithe agus uirbeacha, forbairt creata chomhchuibhithe um fhaireachán ithreach a chur chun cinn agus feasacht a mhéadú ar thábhacht na hithreach. I measc chláir eile an Aontais lena gcuirtear i láthair cuspóirí a rannchuidíonn le hithreacha sláintiúla, tá an Comhbheartas Talmhaíochta, cistí an Bheartais Chomhtháthaithe, an Clár don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide, clár oibre Fhís Eorpach, an Ionstraim Tacaíochta Teicniúla, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus InvestEU. ***Ós rud é gurb é leas coiteann an sprioc go mbeadh stádas sláintiúil ag gach ithir laistigh den Aontas, is gá cur le slógadh acmhainní chun tacú le glacadh bainistithe inbhuanaithe ithreach agus cleachtas athghiniúnach, lena n-áirítear trí thacaíocht a sholáthar ón mBanc Eorpach Infheistíochta trí shásraí dí-rioscaithe. Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar na riachtanais agus na bearnaí airgeadais foriomlána agus, más gá, acmhainní airgeadais breise a chur i bhfeidhm don tréimhse tar*** |

***éis 2027 faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil agus bearta a ghlacadh chun comhleanúnachas beartais a áirithiú i ndáil le cuspóirí na Treorach seo.***

**Leasú 4**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (12) Le Straitéis Ithreach an Aontais Eorpaigh, fógraíodh go ndéanfadh an Coimisiún togra reachtach maidir le sláinte ithreach a thabhairt i láthair chun cuspóirí na Straitéise Ithreach a chumasú agus chun dea-shláinte ithreach a bhaint amach ar fud an Aontais faoi 2050. Sa rún uaithi an 28 Aibreán 2021 maidir le cosaint ithreach[42] , chuir Parlaimint na hEorpa i dtábhacht a thábhachtaí atá sé an ithir a chosaint agus ithreacha sláintiúla a chur chun cinn san Aontas, agus é á chur san áireamh gur ann don díghrádú i gcónaí, d'ainneoin na gníomhaíochta teoranta agus éagothroime atá á déanamh i roinnt Ballstát. D'iarr Parlaimint na hEorpa ar an gCoimisiún comhchreat dlíthiúil uile-Aontais a dhearadh, agus lánurraim á tabhair do phrionsabal na coimhdeachta, maidir le hithir a chosaint agus a úsáid go hinbhuanaithe, agus aghaidh á tabhairt ar gach mórbhagairt ithreach. | (12) Le Straitéis Ithreach an Aontais Eorpaigh, fógraíodh go ndéanfadh an Coimisiún togra reachtach maidir le sláinte ithreach a thabhairt i láthair chun cuspóirí na Straitéise Ithreach a chumasú agus chun dea-shláinte ithreach a bhaint amach ar fud an Aontais faoi 2050. Sa rún uaithi an 28 Aibreán 2021 maidir le cosaint ithreach[42] , chuir Parlaimint na hEorpa i dtábhacht a thábhachtaí atá sé an ithir a chosaint agus ithreacha sláintiúla a chur chun cinn san Aontas, agus é á chur san áireamh gur ann don díghrádú i gcónaí, d'ainneoin na gníomhaíochta teoranta agus éagothroime atá á déanamh i roinnt Ballstát. D'iarr Parlaimint na hEorpa ar an gCoimisiún comhchreat dlíthiúil uile-Aontais a dhearadh, agus lánurraim á tabhair do phrionsabal na coimhdeachta, maidir le hithir a chosaint agus a úsáid go hinbhuanaithe, agus aghaidh á tabhairt ar gach mórbhagairt ithreach. ***Rud atá tábhachtach, leag Parlaimint na hEorpa béim ar na rioscaí a eascraíonn as easpa cothroime iomaíochta idir na Ballstáit agus a gcórais chosanta éagsúla don ithir d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus an acmhainneacht láidir chun iomaíocht chóir a spreagadh san earnáil phríobháideach, réitigh nuálacha agus fios gnó a fhorbairt agus onnmhairiú teicneolaíochtaí lasmuigh den Aontas a neartú.*** |

| | |
|---|---|
| [42] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 28 Aibreán 2021 maidir le cosaint ithreach (2021/2548(RSP)). | [42] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 28 Aibreán 2021 maidir le cosaint ithreach (2021/2548(RSP)). |

**Leasú 5**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) ***Is gá*** bearta a leagan síos chun faireachán agus measúnú a dhéanamh ar shláinte ***ithreach***, ithreacha a bhainistiú ***go hinbhuanaithe*** agus dul i ngleic le láithreáin éillithe chun ithreacha sláintiúla a bhaint amach faoi 2050, chun iad a choinneáil i riocht sláintiúil agus chun cuspóirí an Aontais maidir leis an aeráid agus an ***bhithéagsúlacht*** a chomhlíonadh, chun triomaigh agus tubaistí nádúrtha a chosc agus chun freagairt ***dóibh***, chun sláinte an duine a chosaint agus chun ***an tslándáil bia*** agus ***an tsábháilteacht*** bia a áirithiú. | (18) ***Tá sé ríthábhachtach*** bearta ***iomchuí*** a leagan síos chun faireachán agus measúnú ***comhchuibhithe uile-Aontais*** a dhéanamh ar shláinte ***na hithreach***, ***chun*** ithreacha a bhainistiú ***ar bhealach inbhuanaithe*** agus ***chun*** dul i ngleic le láithreáin éillithe chun ithreacha sláintiúla a bhaint amach faoi 2050, chun iad a choinneáil i riocht sláintiúil agus chun cuspóirí an Aontais maidir leis an aeráid agus ***leis*** an ***mbithéagsúlacht*** a chomhlíonadh, chun triomaigh agus tubaistí nádúrtha a chosc agus chun freagairt ***orthu***, chun sláinte an duine a chosaint agus chun ***slándáil*** agus ***sábháilteacht*** bia a áirithiú. |

**Leasú 6**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) Is in ithreacha a bhíonn níos mó ná 25 % den bhithéagsúlacht uile agus is iad an dara taiscumar carbóin is mó ar domhan iad. De bharr a n-acmhainneachta carbón a ghabháil agus a stóráil, rannchuidíonn ithreacha sláintiúla le baint amach chuspóirí an Aontais maidir leis an athrú aeráide. Soláthraíonn ithreacha sláintiúla gnáthóg fhabhrach d'orgánaigh a bheith ag fás freisin agus tá siad ríthábhachtach chun | (19) Is in ithreacha a bhíonn níos mó ná 25 % den bhithéagsúlacht uile agus is iad an dara taiscumar carbóin is mó ar domhan iad. De bharr a n-acmhainneachta carbón a ghabháil agus a stóráil, rannchuidíonn ithreacha sláintiúla le baint amach chuspóirí an Aontais maidir leis an athrú aeráide. ***Cuimsíonn bithéagsúlacht ithreach miocrorgánaigh, lena n-áirítear baictéir, fungais, prótozoa agus*** |

| | |
|---|---|
| an bhithéagsúlacht agus cobhsaíocht na n-éiceachóras a fheabhsú. Tá dlúthcheangal idir an bhithéagsúlacht thíos faoin talamh agus os a chionn, agus idirghníomhaíonn sí trí chaidrimh frithpháirteacha (e.g. fungais mhíciríosa a nascann fréamhacha plandaí). | ***néimeatóidí, chomh maith le horgánaigh níos mó amhail péisteanna talún, feithidí, agus fréamhacha plandaí, a chuireann le héagsúlacht éiceolaíoch agus fheidhmiúil éiceachórais na hithreach le chéile.*** Soláthraíonn ithreacha sláintiúla gnáthóg fhabhrach d'orgánaigh a bheith ag fás freisin agus tá siad ríthábhachtach chun an bhithéagsúlacht agus cobhsaíocht na n-éiceachóras a fheabhsú. Tá dlúthcheangal idir an bhithéagsúlacht thíos faoin talamh agus os a chionn, agus idirghníomhaíonn sí trí chaidrimh frithpháirteacha (e.g. fungais mhíciríosa a nascann fréamhacha plandaí). |

**Leasú 7**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 19 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(19a) Tá ábhar orgánach ithreach ríthábhachtach chun seirbhísí agus feidhmeanna éiceachórais ithreach a sholáthar, trí dhíghrádú, creimeadh agus balcadh ithreach a laghdú, agus ag an am céanna chun acmhainneacht mhaolánaithe, coinneála uisce agus malartaithe caitian na hithreach agus an charbóin orgánaigh san ithir a mhéadú, rud a d'fhéadfadh táirgeacht barr a mhéadú i ndeireadh na dála. Ina theannta sin, bíonn tionchar dearfach ag ábhar orgánach ithreach ar bhithéagsúlacht ithreach agus d'fhéadfadh sé an carbón a cheaptar in ithreacha a mhéadú, rud a rannchuidíonn le maolú ar an athrú aeráide.*** |

**Leasú 8**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 21 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(21a) Breathnaíodh go minic ar shubstaintí sárfhluarailcile agus polafluarailcile (PFAS) mar ábhar a rinne screamhuisce, uisce dromchla agus ithir a éilliú. Is féidir leo airíonna agus struchtúir na hithreach a athrú, le cuid de na héifeachtaí tuairiscithe lena n-áirítear laghdú ar riospráid ithreach agus ar chomhiomláin chobhsaí uisce, agus méadú ar pH na hithreach.*** |

**Leasú 9**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 22**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (22) Bíonn tionchar ag an díghrádú ithreach ar thorthúlacht, táirgeacht, frithsheasmhacht in aghaidh lotnaidí agus cáilíocht chothaitheach bia. Ós rud é go dtáirgtear 95 % dár mbia go díreach nó go hindíreach ar ithreacha agus go bhfuil an daonra domhanda ag dul i méid i gcónaí, tá sé ríthábhachtach go bhfanfaidh an acmhainn nádúrtha theoranta sin sláintiúil chun an tslándáil bia a áirithiú san fhadtéarma agus chun táirgiúlacht agus brabúsacht thalmhaíocht an Aontais a áirithiú. Le cleachtais inbhuanaithe um bainistiú ithreach, déantar sláinte ithreach a choinneáil ar bun nó a fheabhsú agus rannchuidítear le hinbhuanaitheacht agus athléimneacht an chórais bia. | (22) Bíonn tionchar ag an díghrádú ithreach ar thorthúlacht, táirgeacht, frithsheasmhacht in aghaidh lotnaidí agus cáilíocht chothaitheach bia. Ós rud é go dtáirgtear 95 % dár mbia go díreach nó go hindíreach ar ithreacha agus go bhfuil an daonra domhanda ag dul i méid i gcónaí, tá sé ríthábhachtach go bhfanfaidh an acmhainn nádúrtha theoranta sin sláintiúil chun an tslándáil bia a áirithiú san fhadtéarma agus chun táirgiúlacht agus brabúsacht thalmhaíocht an Aontais a áirithiú. Le cleachtais inbhuanaithe um bainistiú ithreach, ***lena n-áirítear na cleachtais sin a leagtar amach sa chomhbheartas talmhaíochta,*** déantar sláinte ithreach a choinneáil ar bun nó a fheabhsú agus rannchuidítear le hinbhuanaitheacht agus athléimneacht an chórais bia. ***I ndáil leis sin, tá sé ríthábhachtach caillteanas cothaitheach agus iarmhair lotnaidicídí a laghdú.*** |

**Leasú 10**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (23) Is é is cuspóir fadtéarmach don Treoir ithreacha sláintiúla a bhaint amach faoi 2050. Mar chéim idirmheánach, i bhfianaise an eolais theoranta atá ann maidir le riocht ithreacha agus maidir le héifeachtacht agus costais na mbeart chun sláinte ithreach a athghiniúint, is cur chuige céimnithe a ghlactar sa treoir. Sa chéad chéim, díreofar ar chreat faireacháin ithreach a bhunú agus measúnú a dhéanamh ar staid na n-ithreacha ar fud an Aontais. ***Áirítear inti freisin ceanglais*** maidir le ***bearta a leagan síos*** chun ithreacha ***a bhainistiú go hinbhuanaithe agus ithreacha míshláintiúla a athghiniúint a luaithe a shuitear a riocht, ach gan oibleagáid a fhorchur maidir le hithreacha*** sláintiúla ***a bhaint amach*** faoi 2050 ***ná spriocanna idirmheánacha***. Leis an gcur chuige comhréireach sin, beifear in ann bainistiú inbhuanaithe ithreach agus athghiniúint na n-ithreacha ***míshláintiúla*** a ullmhú go maith, a dhreasú agus a chur i mbun oibre. Sa dara céim, a luaithe a bheidh torthaí an chéad mheasúnaithe ar ithreacha agus an anailís ar threochtaí le fáil, déanfaidh an Coimisiún an dul chun cinn i dtreo chuspóir 2050 agus an taithí ina leith sin a bhreithniú, agus molfaidh sé athbhreithniú ar an treoir más gá chun ***dlús a chur leis an dul chun cinn i dtreo 2050***. | (23) Is é is cuspóir fadtéarmach don Treoir ithreacha sláintiúla a bhaint amach ***ar fud an Aontais*** faoi 2050. Mar chéim idirmheánach, i bhfianaise an eolais theoranta atá ann maidir le riocht ithreacha agus maidir le héifeachtacht agus costais na mbeart chun sláinte ithreach a athghiniúint, is cur chuige céimnithe a ghlactar sa treoir. Sa chéad chéim, díreofar ar chreat faireacháin ithreach a bhunú agus measúnú a dhéanamh ar staid na n-ithreacha ar fud an Aontais. ***Ba cheart do na Ballstáit cleachtais inbhuanaithe*** maidir le ***bainistiú ithreach a shainiú agus na prionsabail neamhcheangailteacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir seo á gcur san áireamh. Tugtar an tsolúbthacht do na Ballstáit cinneadh a dhéanamh maidir leis na cleachtais nithiúla atá le cur*** chun ***feidhme, nuair is iomchuí, lena léireofar na dálaí áitiúla agus a indéanta atá sé, sa chaoi go n-éascófar baint amach*** ithreacha sláintiúla faoi 2050. Leis an gcur chuige comhréireach sin, beifear in ann bainistiú inbhuanaithe ithreach agus athghiniúint na n-ithreacha ***nach bhfuil sláintiúil*** a ullmhú go maith, a dhreasú agus a chur i mbun oibre. Sa dara céim, a luaithe a bheidh torthaí an chéad mheasúnaithe ar ithreacha agus an anailís ar threochtaí le fáil, déanfaidh an Coimisiún an dul chun cinn i dtreo chuspóir 2050 agus an taithí ina leith sin a bhreithniú, agus molfaidh sé athbhreithniú ar an treoir más gá chun ***sprioc 2050 a bhaint amach***. |

**Leasú 11**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (24) Chun aghaidh a thabhairt ar na brúnna a chuirtear ar ithreacha agus na bearta iomchuí a shainaithint chun sláinte ithreach a choinneáil ar bun nó a athghiniúint, éilítear go gcuirfí san áireamh éagsúlacht na gcineálacha ithreach, na dálaí sonracha áitiúla agus aeráide agus an úsáid talún nó an cumhdach talún. Dá bhrí sin, is iomchuí go mbunódh na Ballstáit ceantair ithreach. Maidir le ceantair ithreach, is éard ba cheart a bheith iontu na bunaonaid rialachais chun ithreacha a bhainistiú agus bearta a dhéanamh chun na ceanglais a leagtar síos sa Treoir seo a chomhlíonadh, go háirithe maidir le faireachán agus measúnú a dhéanamh ar shláinte ithreach. Ba cheart ***líon, méid geografach agus teorainneacha na gceantar ithreach le haghaidh gach Ballstáit a chinneadh chun cur chun feidhme Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle + a éascú. Ba cheart*** íoslíon ceantar ithreach a bheith i ngach Ballstát agus méid an Bhallstáit á chur san áireamh. Comhfhreagróidh an t- íoslíon ceantar ithreach i gcás gach Ballstáit don líon aonad críochach NUTS 1 arna mbunú i Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[48]. | (24) Chun aghaidh a thabhairt ar na brúnna a chuirtear ar ithreacha agus na bearta iomchuí a shainaithint chun sláinte ithreach a choinneáil ar bun nó a athghiniúint, éilítear go gcuirfí san áireamh éagsúlacht na gcineálacha ithreach, na dálaí sonracha áitiúla agus aeráide agus an úsáid talún nó an cumhdach talún. Dá bhrí sin, is iomchuí go mbunódh na Ballstáit ceantair ithreach***, lena mbeifear in ann léiriú leordhóthanach a thabhairt ar dhálaí peidichlíomacha agus ar éagsúlacht ithreach ina gcríoch iomlán***. Maidir le ceantair ithreach, is éard ba cheart a bheith iontu na bunaonaid rialachais chun ithreacha a bhainistiú agus bearta a dhéanamh chun na ceanglais a leagtar síos sa Treoir seo a chomhlíonadh, go háirithe maidir le faireachán agus measúnú a dhéanamh ar shláinte ithreach. Ba cheart íoslíon ceantar ithreach a bheith i ngach Ballstát agus méid an Bhallstáit á chur san áireamh. Comhfhreagróidh an t- íoslíon ceantar ithreach i gcás gach Ballstáit don líon aonad críochach NUTS 1 arna mbunú i Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[48]***: Is féidir leis na Ballstáit a chinneadh a gceantair ithreach a bhunú de réir líon a n-aonad críochach NUTS 2 chun a ndálaí áitiúla agus inniúlachtaí a n-údarás náisiúnta a léiriú ar bhealach níos fearr***. |
| ***+Oifig na bhFoilseachán cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin maidir leis an deimhniúchán le haghaidh aistriú dé-ocsaíde carbóin atá i ndoiciméad COM(2022) 672 final agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO na Treorach sin san fhonóta.*** | |
| [48] Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 maidir le haicmiú | [48] Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 maidir le haicmiú |

coiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh (NUTS) a bhunú (IO L 154, 21.6.2003, lch. 1).

coiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh (NUTS) a bhunú (IO L 154, 21.6.2003, lch. 1).

**Leasú 12**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 24 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(24a) Is iad ceantair ithreach an leibhéal is iomchuí chun cláir beart a ghlacadh agus, i gcás inar gá, spriocanna idirmheánacha, lena n-áirítear trí phleananna ceantair ithreach áitiúla, agus dálaí áitiúla agus tuairimí na bpáirtithe leasmhara áitiúla á gcur san áireamh, chun a áirithiú go bhfeabhsóidh na hithreacha faoi seach a n-aicmiú Ós rud é go dtógann sé níos mó ama ithreacha atá díghrádaithe go criticiúil a athbhunú, ba cheart amlíne leordhóthanach suas le 10 mbliana a chur ar fáil chun a áirithiú go dtiocfaidh feabhas ar a n-aicmiú éiceolaíoch. D'fhéadfadh ithreacha atá cláraithe mar ithreacha éillithe a chumhdaítear le pleananna bainistíochta sonracha a bheith faoi réir amlíne eile.*** |

**Leasú 13**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (25) Chun rialachas iomchuí maidir le hithreacha a áirithiú, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit údarás inniúil a cheapadh le haghaidh gach ceantair ithreach. Ba cheart cead a thabhairt do na Ballstáit aon údarás inniúil breise a cheapadh ar an leibhéal | (25) Chun rialachas iomchuí maidir le hithreacha a áirithiú, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit údarás inniúil a cheapadh le haghaidh gach ceantair ithreach. Ba cheart cead a thabhairt do na Ballstáit aon údarás inniúil breise a cheapadh ar an leibhéal |

| | |
|---|---|
| iomchuí, lena n-áirítear ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach. | iomchuí, lena n-áirítear ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach***, lena n-áirítear thar chríocha na mBallstát**. **Chun costais a íoslaghdú, ba cheart do na Ballstáit údaráis atá bunaithe cheana féin a cheapadh go príomha. D'fhéadfadh údarás amháin a bheith freagrach as roinnt réimsí, rud a d'fhéadfadh feabhas a chur ar chomhsheasmhacht i gcur chun feidhme na Treorach seo. I gcás ina n-athróidh na Ballstáit leithdháileadh na n-inniúlachtaí i measc na n-údarás inniúil, ba cheart dóibh na hathruithe sin a chur in iúl don Choimisiún chun an fhaisnéis a choinneáil cothrom le dáta.*** |

**Leasú 14**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 27**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (27) Chun ***tuairisc a thabhairt ar an díghrádú ithreach, is gá*** tuairisceoirí ithreach ***a leagan síos is féidir a thomhas nó a mheas. Cé gur mór an éagsúlacht idir*** cineálacha ithreach***, dálaí aeráide*** agus ***úsáidí talún***, ***leis an eolas eolaíoch atá ann faoi láthair, is féidir critéir a leagan síos ar leibhéal an Aontais le haghaidh cuid de na tuairisceoirí ithreach sin. Mar sin féin,*** ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann na ***critéir le haghaidh cuid de na tuairisceoirí ithreach sin a oiriúnú, bunaithe ar dhálaí sonracha náisiúnta nó áitiúla agus na critéir a shainiú le haghaidh tuairisceoirí ithreach eile nach féidir critéir choiteanna ar leibhéal an Aontais a leagan síos ina leith ag an gcéim seo. I gcás na dtuairisceoirí sin lena ndéanfaí idirdhealú idir riocht sláintiúil agus míshláintiúil ach nach féidir critéir shoiléire a shainaithint ina leith faoi láthair, níl gá ach le faireachán agus measúnú. Éascóidh sé sin forbairt na gcritéar sin amach anseo.*** | (27) Chun ***foráil a dhéanamh maidir le creat comhchoiteann agus chun inchomparáideacht sonraí a cheadú, ba cheart don Choimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, modheolaíocht a ghlacadh chun luachanna tairsí a chinneadh le haghaidh*** tuairisceoirí ithreach ***do gach stádas éiceolaíoch san ithir. Tá sé tábhachtach go gcuirfear san áireamh sa mhodheolaíocht sin an fhianaise eolaíoch is déanaí agus go ndéanfar foráil inti maidir le modhanna chun dálaí aeráide éagsúla agus*** cineálacha ithreach ***éagsúla a chur san áireamh.*** Agus ***úsáid á baint acu as an modheolaíocht sin***, ba cheart do na Ballstáit ***dréachtluachanna tairsí*** a ***shainaithint le haghaidh tuairisceoirí ithreach do gach stádas éiceolaíoch ithreach agus dálaí aeráide, an cineál ithreach, an cineál limistéir talún agus fianaise eolaíoch á gcur san áireamh agus iad a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Chun cothrom iomaíochta a*** |

| | |
|---|---|
| | ***áirithiú i measc na mBallstát agus chun nach nglacfaidh na Ballstáit luachanna tairsí lena gceadaítear ithir chomhchosúil a aicmiú ar bhealach an-difriúil, rud a dhéanfadh difear do na hiarrachtaí is gá chun a stádas éiceolaíoch ithreach a fheabhsú, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar na dréachtluachanna tairsí agus ar an údar eolaíoch atá leo. Ba cheart don Choimisiún a*** bheith in ann ***faisnéis bhreise a iarraidh ar*** na ***Ballstáit nó athbhreithniú a dhéanamh ar a ndréachtluachanna tairsí. Ba cheart don Choimisiún na luachanna tairsí a fhormheas, ar choinníoll gur cuireadh a bharúlacha san áireamh go leordhóthanach.*** |

**Leasú 15**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 27 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(27a) Tá gá le tuairim chomhtháite maidir le measúnú ar shláinte ithreach a théann níos faide ná féachaint ar thosca díghrádaithe amháin agus lena soláthraítear conair shoiléir chun í a fheabhsú. Ba cheart, dá bhrí sin, an measúnú foriomlán ar stádas éiceolaíoch ithreach a aicmiú de réir cúig aicme ó 'stádas éiceolaíoch ard ithreach', 'dea-stádas éiceolaíoch', 'measartha', 'ithreacha díghrádaithe' go 'ithreacha atá díghrádaithe go criticiúil', agus tosca díghrádaithe agus feidhmeanna ithreach á gcur san áireamh, inter alia.*** |

**Leasú 16**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 27 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(27b) Chun neamhspleáchas na mBallstát atá toilteanach córais faireacháin níos cuimsithí a chur chun feidhme a urramú, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann rogha a dhéanamh idir 3 leibhéal faireacháin. Tá sraith íosta tuairisceoirí ithreach ar fáil i Leibhéal 1. I Leibhéal 2, cinntear 20 % de na pointí samplála de réir chlár LUCAS agus déantar sampláil dhúbailte orthu le haghaidh faireachán leanúnach agus bunú feidhmeanna aistrithe, agus cinneann an Ballstát an 80 % eile de na pointí samplála, le haghaidh faireachán leanúnach freisin agus de réir na gcritéar a leagtar amach sna hiarscríbhinní a ghabhann leis an Treoir seo. I Leibhéal 1 agus i Leibhéal 2, tá 20 % de na pointí samplála tiomnaithe d'fhaireachán spriocdhírithe, rud a fhágann gur féidir leis na Ballstáit measúnuithe rioscabhunaithe a leathnú, imscrúduithe a dhéanamh, nó díriú ar réimsí spéise ar leith. Le bunú cur chuige cisealta, méadaítear líon na dtuairisceoirí ithreach a ndéantar measúnú orthu ach méadaítear freisin an leibhéal neamhspleáchais atá ag na Ballstáit agus na tairseacha a bhaineann le stádas éiceolaíoch na n-ithreacha á gcinneadh acu. Is é príomhchuspóir an chur chuige cisealta sin a chur ar chumas na mBallstát uile a gcórais faireacháin a chur chun feidhme agus leas a bhaint as aon chóras náisiúnta atá ann faoi láthair a dhéanann faireachán ar ithreacha cheana féin. Le Leibhéal 2, beifear in ann bearnaí a líonadh i raon feidhme agus i méid na dtuairisceoirí ithreach atá á mbreithniú. I Leibhéal 3, déantar líon na dtuairisceoirí ithreach a leathnú tuilleadh chun gnéithe ar leith de na córais faireacháin ithreach a bheachtú.*** |

**Leasú 17**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 28**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(28) Chun dreasachtaí a chruthú, ba cheart do na Ballstáit sásraí a bhunú chun aitheantas a thabhairt d'iarrachtaí úinéirí talún agus bainisteoirí talún an ithir a choinneáil i riocht sláintiúil, lena n-áirítear trí bhíthin deimhniúchán ar shláinte ithreach a bheadh comhlántach le creat rialála an Aontais maidir le haistrithe carbóin, agus lena dtacaítear le cur chun feidhme na gcritéar um inbhuanaitheacht fuinnimh inathnuaite a leagtar amach in Airteagal 29 de Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[50] . Ba cheart don Choimisiún an deimhniúchán ar shláinte ithreach a éascú trí fhaisnéis a mhalartú agus dea-chleachtais a chur chun cinn, feasacht a mhúscailt agus measúnú a dhéanamh ar a indéanta a bheadh sé aitheantas a fhorbairt do scéimeanna deimhniúcháin ar leibhéal an Aontais, inter alia. Ba cheart sineirgí idir scéimeanna deimhniúcháin éagsúla a shaothrú a oiread is féidir chun an t-ualach riaracháin a laghdú orthu siúd a chuireann isteach ar dheimhnithe ábhartha.*** | ***scriosta*** |
| ***[50] Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn (athmhúnlú) IO L 328, 21.12.2018, lch. 82).*** | |

**Leasú 18**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 30**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (30) Is acmhainn theoranta í an ithir a bhíonn faoi réir iomaíocht shíor-mhéadaitheach d'úsáidí éagsúla. Is próiseas í an tógáil talún arb iad riachtanais forbartha eacnamaíche is cúis léi go minic, lena gclaochlaítear limistéir nádúrtha agus leathnádúrtha (lena n-áirítear talamh talmhaíochta agus foraoiseachta, gairdíní agus páirceanna) go forbairt talún saorga, agus ithir á húsáid mar ardán le haghaidh tógálacha agus bonneagair, mar fhoinse dhíreach amhábhair nó mar chartlann don atharthacht stairiúil. D'fhéadfadh an claochlú sin a bheith ina chúis le cailliúint acmhainneacht na n-ithreacha chun éicisheirbhísí eile a sholáthar (soláthar bia agus bithmhaise, timthriall uisce agus cothaitheach, an bunús don bhithéagsúlacht agus don stóráil carbóin), agus is minic gur cailliúint bhuan í sin. Go háirithe, is minic a dhéanann an tógáil talún difear do na hithreacha talmhaíochta is torthúla, rud a chuireann an tslándáil bia i mbaol. Nochtann ithir shéalaithe lonnaíochtaí daonna do bhuaicphointí tuile níos airde agus d'éifeachtaí an oileáin teasa a bhíonn níos déine freisin. Dá bhrí sin, is gá faireachán a dhéanamh ar an tógáil talún agus an séalú ithreach agus ar na héifeachtaí a bhíonn acu ar acmhainneacht na hithreach éicisheirbhísí a sholáthar. Is iomchuí freisin prionsabail áirithe a leagan síos chun ***tionchair na tógála*** talún a mhaolú ***mar chuid de bhainistiú*** inbhuanaithe ithreach. | (30) Is acmhainn theoranta í an ithir a bhíonn faoi réir iomaíocht shíor-mhéadaitheach d'úsáidí éagsúla. Is próiseas í an tógáil talún arb iad riachtanais forbartha eacnamaíche is cúis léi go minic, lena gclaochlaítear limistéir nádúrtha agus leathnádúrtha (lena n-áirítear talamh talmhaíochta agus foraoiseachta, gairdíní agus páirceanna) go forbairt talún saorga, agus ithir á húsáid mar ardán le haghaidh tógálacha agus bonneagair, mar fhoinse dhíreach amhábhair nó mar chartlann don atharthacht stairiúil. D'fhéadfadh an claochlú sin a bheith ina chúis le cailliúint acmhainneacht na n-ithreacha chun éicisheirbhísí eile a sholáthar (soláthar bia agus bithmhaise, timthriall uisce agus cothaitheach, an bunús don bhithéagsúlacht agus don stóráil carbóin), agus is minic gur cailliúint bhuan í sin. Go háirithe, is minic a dhéanann an tógáil talún difear do na hithreacha talmhaíochta is torthúla, rud a chuireann an tslándáil bia i mbaol. Nochtann ithir shéalaithe lonnaíochtaí daonna do bhuaicphointí tuile níos airde agus d'éifeachtaí an oileáin teasa a bhíonn níos déine freisin. Dá bhrí sin, is gá faireachán a dhéanamh ar an tógáil talún agus an séalú ithreach agus ar na héifeachtaí a bhíonn acu ar acmhainneacht na hithreach éicisheirbhísí a sholáthar. Is iomchuí freisin prionsabail áirithe a leagan síos chun ***an tionchar a bhíonn ag tógáil*** talún a mhaolú***, rud a chomhlánóidh bainistiú*** inbhuanaithe ithreach. |

**Leasú 19**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 31**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| (31) Ba cheart an measúnú ar shláinte ithreach bunaithe ar an líonra faireacháin a bheith cruinn, agus an tráth céanna, costais an fhaireacháin sin a choimeád ar leibhéal réasúnta. Dá bhrí sin, is iomchuí critéir a leagan síos maidir le pointí samplála a bheidh ionadaíoch do riocht na hithreach faoi chineálacha ithreach, dálaí aeráide agus úsáidí talún éagsúla. Ba cheart greille na bpointí samplála a chinneadh trí úsáid a bhaint as modhanna geostaitistiúla agus ba cheart í a bheith dlúth a dóthain chun meastachán a sholáthar ar achar na n-ithreacha sláintiúla, ar an leibhéal náisiúnta, laistigh d'éiginnteacht nach mó ná 5 %. Meastar go coitianta go soláthraíonn an luach sin meastachán atá slán ó thaobh an staidrimh de, in éineacht le dearbhú réasúnach gur baineadh amach an cuspóir. | (31) Ba cheart an measúnú ar shláinte ithreach bunaithe ar an líonra faireacháin a bheith cruinn, agus an tráth céanna, costais an fhaireacháin sin a choimeád ar leibhéal réasúnta. Dá bhrí sin, is iomchuí critéir a leagan síos maidir le pointí samplála a bheidh ionadaíoch do riocht na hithreach faoi chineálacha ithreach, dálaí aeráide agus úsáidí talún éagsúla. Ba cheart greille na bpointí samplála a chinneadh trí úsáid a bhaint as modhanna geostaitistiúla agus ba cheart í a bheith dlúth a dóthain chun meastachán a sholáthar ar achar na n-ithreacha sláintiúla, ar an leibhéal náisiúnta, laistigh d'éiginnteacht nach mó ná 5 %. Meastar go coitianta go soláthraíonn an luach sin meastachán atá slán ó thaobh an staidrimh de, in éineacht le dearbhú réasúnach gur baineadh amach an cuspóir. ***Tá sé tábhachtach go n-áireofaí sa mhodheolaíocht agus sa chreat faireacháin ithreach critéir chomhchuibhithe samplála, lena n-áirítear doimhneacht na samplála.*** |

**Leasú 20**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 31 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(31a) Caomhnaíonn cartlanna ithreach léargas ar ithreacha ó am agus láthair ar leith, rud a ligeann do na Ballstáit sampla amháin a úsáid chun críoch éagsúil agus gníomhaíochtaí samplála allamuigh a chuíchóiriú, agus mar sin, na costais fhadtéarmacha a bhaineann le faireachán in-situ a laghdú. Ina theannta sin, cuireann cartlanna ithreach ar chumas taighdeoirí athmheastóireacht a dhéanamh ar ithreacha ón am atá caite i gcomhthéacs an lae inniu chun tuiscint níos fearr a fháil ar athrú fadtéarmach ithreach, nó chun críocha taighde eile, lena n-áirítear taighde leighis. Tá sé*** |

***ríthábhachtach, dá bhrí sin, go n-áiritheoidh an Coimisiún, lena n-áirítear seirbhísí amhail an tAirmheán Comhpháirteach Taighde (JRC), in éineacht leis na Ballstáit agus leis an bhFaireachlann Eorpach Ithreach, go gcaomhnófar go maith na samplaí, na hasbhaintí DNA agus na sonraí loma a thógfar chun dlí comhshaoil an Aontais agus an dlí comhshaoil náisiúnta a chomhlíonadh i gcartlann fhisiciúil agus go mbeidh samplaí agus sonraí loma na gcartlann sin ar fáil le haghaidh tuilleadh taighde agus nuálaíochta.***

**Leasú 21**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (32) Ba cheart don Choimisiún cúnamh a thabhairt do na Ballstáit agus tacú leo faireachán a dhéanamh ar shláinte ithreach trí leanúint de shampláil ithreach agus tomhais ithreach ghaolmhara (ithir LUCAS) a dhéanamh agus a fheabhsú ar bhonn tráthrialta in situ mar chuid de Chlár an tSuirbhé staidrimh fráma limistéir ar chumhdach/úsáid talún (LUCAS). Chun na críche sin, ***déanfar*** Clár LUCAS a fheabhsú agus a uasghrádú chun é a ailíniú go hiomlán leis na ceanglais cháilíochta shonracha atá le comhlíonadh chun ***críoch*** na Treorach seo. Chun an t-ualach a mhaolú, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit na sonraí maidir le sláinte ithreach a scrúdaítear faoi ithir fheabhsaithe LUCAS a chur san áireamh. Ba cheart do na Ballstáit a fhaigheann tacaíocht ar an gcaoi sin na socruithe ***dlí*** is gá a dhéanamh chun a áirithiú ***go bhféadfaidh*** an ***Coimisiún an*** tsampláil ithreach in situ sin a dhéanamh, lena n-áirítear ***ar pháirceanna*** faoi úinéireacht phríobháideach, agus i gcomhréir leis an | (32) ***Mar chomhlánú ar fhardail náisiúnta atá ann cheana,*** ba cheart don Choimisiún cúnamh a thabhairt do na Ballstáit agus tacú leo faireachán a dhéanamh ar shláinte ithreach trí leanúint de shampláil ithreach agus tomhais ithreach ghaolmhara (ithir LUCAS) a dhéanamh agus a fheabhsú ar bhonn tráthrialta in situ mar chuid de Chlár an tSuirbhé staidrimh fráma limistéir ar chumhdach/úsáid talún (LUCAS). Chun na críche sin, ***ba cheart an*** Clár LUCAS a fheabhsú agus a uasghrádú chun é a ailíniú go hiomlán leis na ceanglais cháilíochta shonracha ***agus leis na tuairisceoirí uile*** atá le comhlíonadh chun ***críche*** na Treorach seo. Chun an t-ualach a mhaolú, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit na sonraí maidir le sláinte ithreach a scrúdaítear faoi ithir fheabhsaithe LUCAS a chur san áireamh. ***Déanfaidh Lucas ithir sampláil agus anailís ar 20 % ar a laghad de mhéid na samplaí náisiúnta, rud a chuirfidh leis an bhfaireachán a dhéanfaidh na Ballstáit. Tá an anailís a*** |

reachtaíocht náisiúnta nó ***an*** reachtaíocht ***de chuid*** an Aontais is infheidhme.

***rinne LUCAS fíor-riachtanach chun ligean do na Ballstáit feidhmeanna bailí aistrithe a ríomh agus a chalabrú ionas go mbeidh siad in ann leanúint de dhearadh malartach faireacháin a úsáid i gcomhréir le Leibhéal 2.*** Ba cheart ***don Choimisiún, arna iarraidh sin*** do ***Bhallstát, cúnamh breise a thabhairt le suas le 50 % den tsampláil le linn an chéad bhabhta faireacháin náisiúnta. Ba cheart do*** na Ballstáit a fhaigheann tacaíocht ar an gcaoi sin na socruithe ***dlíthiúla*** is gá a dhéanamh chun a áirithiú ***gur féidir leis*** an ***gCoimisiún an*** tsampláil ithreach in situ sin a dhéanamh, lena n-áirítear ***i bpáirceanna atá*** faoi úinéireacht phríobháideach, ***le comhaontú na n-úinéirí,*** agus i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta nó ***le*** reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

**Leasú 22**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 33**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (33) Tá seirbhísí cianbhraiteachta á bhforbairt ag an gCoimisiún i gcomhthéacs Copernicus mar chlár atá dírithe ar úsáideoirí, agus leis sin is amhlaidh atá siad ag tacú leis na Ballstáit freisin. Chun tráthúlacht agus éifeachtacht an fhaireacháin ar shláinte ithreach a mhéadú, agus i gcás inarb ábhartha, ba cheart do na Ballstáit sonraí cianbhraiteachta a úsáid, lena n-áirítear aschuir ó sheirbhísí Copernicus, chun faireachán a dhéanamh ar thuairisceoirí ithreach ábhartha agus chun measúnú a dhéanamh ar shláinte ithreach. Ba cheart don Choimisiún agus don Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil tacú le hiniúchadh agus forbairt a dhéanamh ar tháirgí um chianbhraiteacht ithreach, chun cúnamh a thabhairt do na Ballstáit faireachán a dhéanamh ar na | (33) Tá seirbhísí cianbhraiteachta á bhforbairt ag an gCoimisiún i gcomhthéacs Copernicus mar chlár atá dírithe ar úsáideoirí, agus leis sin is amhlaidh atá siad ag tacú leis na Ballstáit freisin. Chun tráthúlacht agus éifeachtacht an fhaireacháin ar shláinte ithreach a mhéadú, agus i gcás inarb ábhartha, ba cheart do na Ballstáit sonraí cianbhraiteachta a úsáid, lena n-áirítear aschuir ó sheirbhísí Copernicus, chun faireachán a dhéanamh ar thuairisceoirí ithreach ábhartha agus chun measúnú a dhéanamh ar shláinte ithreach. Ba cheart don Choimisiún agus don Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil tacú le hiniúchadh agus forbairt a dhéanamh ar tháirgí um chianbhraiteacht ithreach, chun cúnamh a thabhairt do na Ballstáit faireachán a dhéanamh ar na |

| | |
|---|---|
| tuairisceoirí ithreach ábhartha. | tuairisceoirí ithreach ábhartha. ***Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit tacaíocht bhreise a thabhairt d'úsáid teicneolaíochtaí digiteacha iontaofa atá ar fáil, amhail bunachair sonraí leictreonacha, córais faisnéise geografaí, sainaithint uathoibrithe íomhánna nó e-DNA, chun feabhas a chur ar chomhroinnt eolais agus ar thrédhearcacht i ndáil le sláinte na hithreach agus chun na costais a bhaineann le tomhas agus faireachán ithreach a laghdú.*** |

**Leasú 23**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 34**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (34) Agus an Coimisiún ag forbairt agus ag uasghrádú fhaireachlann ithreach an Aontais atá ann cheana, ba cheart dó tairseach dhigiteach um shonraí maidir le sláinte ithreach a bhunú, ar cheart di a bheith comhoiriúnach leis an Straitéis Eorpach maidir le Sonraí[50] agus le spásanna sonraí an Aontais, agus ar cheart di a bheith ina mol chun rochtain a sholáthar ar shonraí maidir le hithir a thagann ó fhoinsí éagsúla. Ba cheart a áireamh ***ar an*** tairseach sin ***go príomha na*** sonraí ***uile*** arna mbailiú ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún mar a cheanglaítear leis an Treoir seo. Ba cheart an fhéidearthacht a bheith ann freisin sonraí ábhartha eile maidir le hithir arna mbailiú ag na Ballstáit nó ag aon pháirtí eile a chomhtháthú sa tairseach, agus é sin ar bhonn deonach (agus go háirithe sonraí a thagann as tionscadail faoi Fhís Eorpach agus faoin Misean 'Comhaontú Ithreach don Eoraip'), ar choinníoll go gcomhlíonann na sonraí sin ceanglais áirithe a mhéid a bhaineann le formáid agus sonraíochtaí. Ba cheart don | (34) Agus an Coimisiún ag forbairt agus ag uasghrádú fhaireachlann ithreach an Aontais atá ann cheana, ba cheart dó tairseach dhigiteach um shonraí maidir le sláinte ithreach a bhunú, ar cheart di a bheith comhoiriúnach leis an Straitéis Eorpach maidir le Sonraí[50] agus le spásanna sonraí an Aontais, agus ar cheart di a bheith ina mol chun rochtain a sholáthar ar shonraí maidir le hithir a thagann ó fhoinsí éagsúla. Ba cheart ***na sonraí maidir le sláinte ithreach*** a ***chur ar fáil go poiblí i bhformáid is féidir leis an bpobal taighde, úinéirí agus bainisteoirí talún, comhairleoirí a oibríonn laistigh den chóras comhairleach feirme agus an pobal a úsáid, lena n-áirithítear comhlíonadh dhlí an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta. Ba cheart a*** áireamh ***go príomha sa*** tairseach sin sonraí ***ábhartha*** arna mbailiú ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún mar a cheanglaítear leis an Treoir seo ***agus fónamh mar ardán chun Bosca Uirlisí um Bainistiú Inbhuanaithe Ithreach a bhunú lena soláthrófar faisnéis atá cothrom le dáta a*** |

Choimisiún na ceanglais sin a shonrú trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme.

***bhaineann go sonrach le comhthéacs faoi chleachtais bainistithe ithreach inbhuanaithe bunaithe ar dhálaí éagsúla ithreach, úsáide talún agus aeráide***. Ba cheart an fhéidearthacht a bheith ann freisin sonraí ábhartha eile maidir le hithir arna mbailiú ag na Ballstáit nó ag aon pháirtí eile a chomhtháthú sa tairseach, agus é sin ar bhonn deonach (agus go háirithe sonraí a thagann as tionscadail faoi Fhís Eorpach agus faoin Misean 'Comhaontú Ithreach don Eoraip'), ar choinníoll go gcomhlíonann na sonraí sin ceanglais áirithe a mhéid a bhaineann le formáid agus sonraíochtaí. Ba cheart don Choimisiún na ceanglais sin a shonrú trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. ***Ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún a áirithiú go mbeidh rochtain éasca agus saor in aisce ag institiúidí taighde ar na sonraí go léir nuair a iarrann siad sin.***

---

[50] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir leis an Straitéis Eorpach maidir le Sonraí, COM(2020)66 final.

[50] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir leis an Straitéis Eorpach maidir le Sonraí, COM(2020)66 final.

**Leasú 24**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 35**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (35) Is gá freisin feabhas a chur ar chomhchuibhiú na gcóras faireacháin ithreach a úsáidtear sna Ballstáit agus leas a bhaint as na sineirgí idir córais faireacháin an Aontais agus na córais náisiúnta chun sonraí níos inchomparáide a bheith ann ar fud an Aontais. | (35) Is gá freisin feabhas a chur ar chomhchuibhiú na gcóras faireacháin ithreach a úsáidtear sna Ballstáit agus leas a bhaint as na sineirgí idir córais faireacháin an Aontais agus na córais ***faireacháin*** náisiúnta ***agus leas iomlán a bhaint as uirlisí faireacháin comhchuibhithe atá ann cheana amhail*** |

***LUCAS*** chun sonraí níos inchomparáide a bheith ann ar fud an Aontais. ***Thairis sin, chuideodh comhchuibhiú na gcóras faireacháin sna Ballstáit le hinfheistíochtaí in ardteicnící agus ardteicneolaíochtaí faireacháin ithreach a uas-scálú.***

**Leasú 25**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 36**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(36) Chun an úsáid is forleithne is féidir a bhaint as sonraí maidir le sláinte ithreach arna nginiúint ag an bhfaireachán a dhéantar faoin Treoir seo, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit rochtain ar na sonraí sin a éascú le haghaidh páirtithe leasmhara ábhartha, amhail feirmeoirí, foraoiseoirí, úinéirí talún agus údaráis áitiúla.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 26**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 37**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (37) Chun sláinte ithreach a chothú nó a bhreisiú, is gá bainistiú oiriúnach a dhéanamh ar ithreacha. Leis an mbainistiú inbhuanaithe ithreach, cumasófar soláthar fadtéarmach seirbhísí ithreach, lena n-áirítear cáilíocht aeir agus uisce fheabhsaithe agus slándáil bia. Is iomchuí dá bhrí sin prionsabail um bainistiú inbhuanaithe ithreach a leagan síos chun cleachtais um bainistiú ithreach a threorú. | (37) Chun sláinte ithreach a chothú nó a bhreisiú, is gá bainistiú oiriúnach a dhéanamh ar ithreacha. Leis an mbainistiú inbhuanaithe ithreach, cumasófar soláthar fadtéarmach seirbhísí ithreach, lena n-áirítear cáilíocht aeir agus uisce fheabhsaithe agus slándáil bia. Is iomchuí dá bhrí sin prionsabail ***neamhcheangailteacha*** um bainistiú inbhuanaithe ithreach a leagan síos chun cleachtais um bainistiú ithreach a threorú. |

**Leasú 27**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 38**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (38) Bíonn ról ríthábhachtach ag ionstraimí eacnamaíocha, lena n-áirítear iad sin faoin gComhbheartas Talmhaíochta (CBT) a sholáthraíonn tacaíocht d'fheirmeoirí, san aistriú chuig bainistiú inbhuanaithe ithreacha talmhaíochta agus, ar bhonn níos lú, ithreacha foraoise. Tá sé d'aidhm ag CBT tacú le sláinte ithreach trí choinníollacht, éiciscéimeanna agus bearta forbartha tuaithe a chur chun feidhme. Is féidir tacaíocht airgeadais d'fheirmeoirí agus d'fhoraoiseoirí a chuireann cleachtais inbhuanaithe um bainistiú ithreach i bhfeidhm a ghiniúint freisin san earnáil phríobháideach. Is féidir ***na prionsabail um bainistiú inbhuanaithe ithreach a leagtar amach sa Treoir seo a thabhairt san áireamh sna*** lipéid inbhuanaitheachta ***deonacha i dtionscail an bhia, an*** adhmaid, ***an fhuinnimh*** agus ***sa tionscadal bithbhunaithe***, mar shampla, arna ***bhunú ag páirtithe leasmhara*** príobháideacha. Is féidir leis sin táirgeoirí bia, adhmaid agus bithmhaise eile a leanann na prionsabail sin ina dtáirgeadh iad sin a léiriú i luach a dtáirgí. Soláthrófar cistiú breise le haghaidh líonra de láithreáin fhíora i gcomhair réitigh a thástáil, a léiriú agus a uas-scálú, lena n-áirítear ar fheirmeoireacht carbóin, trí shaotharlanna beo agus tithe solais an Mhisin Ithreach. Gan dochar don phrionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as, ba cheart do na Ballstáit tacaíocht agus comhairle a sholáthar chun cuidiú le húsáideoirí talún a ndéanfar difear dóibh trí ghníomhaíocht a ghlacfar faoin Treoir seo agus riachtanais agus inniúlachtaí teoranta na bhfiontar beag agus meánmhéide go háirithe á dtabhairt san áireamh. | (38) Bíonn ról ríthábhachtach ag ionstraimí eacnamaíocha, lena n-áirítear iad sin faoin gComhbheartas Talmhaíochta (CBT) a sholáthraíonn tacaíocht d'fheirmeoirí, san aistriú chuig bainistiú inbhuanaithe ithreacha talmhaíochta agus, ar bhonn níos lú, ithreacha foraoise. Tá sé d'aidhm ag CBT tacú le sláinte ithreach trí choinníollacht, éiciscéimeanna agus bearta forbartha tuaithe a chur chun feidhme. Is féidir tacaíocht airgeadais d'fheirmeoirí agus d'fhoraoiseoirí a chuireann cleachtais inbhuanaithe um bainistiú ithreach i bhfeidhm a ghiniúint freisin san earnáil phríobháideach. Is féidir ***le*** lipéid inbhuanaitheachta ***dheonacha sa tionscal bia,*** adhmaid, ***bithbhunaithe*** agus ***fuinnimh***, mar shampla, arna ***mbunú ag geallsealbhóirí*** príobháideacha***, na rannchuidithe chun sláinte ithreach a fheabhsú a chur san áireamh i gcomhréir leis an Treoir seo***. Is féidir leis sin táirgeoirí bia, adhmaid agus bithmhaise eile a leanann na prionsabail sin ina dtáirgeadh iad sin a léiriú i luach a dtáirgí. Soláthrófar cistiú breise le haghaidh líonra de láithreáin fhíora i gcomhair réitigh a thástáil, a léiriú agus a uas-scálú, lena n-áirítear ar fheirmeoireacht carbóin, trí shaotharlanna beo agus tithe solais an Mhisin Ithreach. Gan dochar don phrionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as, ba cheart do na Ballstáit tacaíocht agus comhairle a sholáthar chun cuidiú le húsáideoirí talún a ndéanfar difear dóibh trí ghníomhaíocht a ghlacfar faoin Treoir seo agus riachtanais agus inniúlachtaí teoranta na bhfiontar beag agus meánmhéide go háirithe á dtabhairt san áireamh. |

**Leasú 28**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 39 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(39a) Áirítear ar dhálaí maithe talmhaíochta agus comhshaoil (GAECanna) 5, 6 agus 7 mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/2115 caighdeáin chun feabhas a chur ar bhainistiú curaíochta chun riosca an díghrádaithe ithreach agus an chreimthe a laghdú, lena n-áirítear tríd an ngrádán fána agus an t-íosmhéid bainistithe talún a chur san áireamh, lena léirítear dálaí suíomhshonracha chun creimeadh a theorannú, íoschlúdach ithreach chun ithir lom a sheachaint, cosaint ithreacha sna tréimhsí is íogaire chomh maith le huainíocht barr ar thalamh arúil. Ina theannta sin, tá GAEC 1 maidir le cosaint féaraigh bhuain agus GAEC 2 maidir le bogaigh agus tailte portaigh agus ithreacha atá ard in ábhar orgánach a chosaint ábhartha do chosaint ithreach.*** |

**Leasú 29**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 40**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (40) ***Chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme na cleachtais inbhuanaithe is fearr um bainistiú ithreach ,*** ba cheart go gceanglófaí ar na Ballstáit dlúthfhaireachán a dhéanamh ar thionchar na gcleachtas inbhuanaithe ***sin*** um bainistiú ithreach agus cleachtais agus moltaí a choigeartú de réir mar is gá, agus eolas nua ó thaighde agus nuálaíocht á chur san áireamh. Tá coinne le rannpháirtíocht luachmhar chuige sin ó Mhisean Fís Eorpach 'Comhaontú Ithreach don Eoraip' agus go háirithe a | (40) Ba cheart go gceanglófaí ar na Ballstáit dlúthfhaireachán a dhéanamh ar thionchar na gcleachtas inbhuanaithe um bainistiú ithreach agus cleachtais agus moltaí a choigeartú de réir mar is gá, agus eolas nua ó thaighde agus nuálaíocht á chur san áireamh. Tá coinne le rannpháirtíocht luachmhar chuige sin ó Mhisean Fís Eorpach 'Comhaontú Ithreach don Eoraip' agus go háirithe a shaotharlanna agus a ghníomhaíochtaí beo chun tacú le faireachán ithreach, oideachas ithreach |

shaotharlanna agus a ghníomhaíochtaí beo chun tacú le faireachán ithreach, oideachas ithreach agus rannpháirtíocht saoránach.

agus rannpháirtíocht saoránach.

**Leasú 30**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 42**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (42) Chun sineirgí a áirithiú idir na bearta difriúla arna ndéanamh faoi reachtaíocht eile de chuid an Aontais a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do shláinte ithreach, agus na bearta atá le cur i bhfeidhm chun ithreacha san Aontas a bhainistiú go hinbhuanaithe agus a athghiniúint, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil na cleachtais um bainistiú ithreach inbhuanaithe agus um athghiniúint comhleanúnach le pleananna athchóirithe náisiúnta arna nglacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[52]+; na pleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gComhbheartas Talmhaíochta i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/2115, na cóid dea- chleachtais talmhaíochta agus na cláir ghníomhaíochta maidir le criosanna leochaileacha ainmnithe arna nglacadh i gcomhréir le Treoir (AE) 91/676/CEE ón gComhairle[53] , na bearta caomhnaithe agus an creat gníomhaíochta tosaíochta arna bhunú le haghaidh láithreáin Natura 2000 i gcomhréir le Treoir 92/43/CEE ón gComhairle[54] , na bearta chun dea- stádas éiceolaíoch agus ceimiceach na ndobharlach a bhaint amach a áirítear i bpleananna bainistithe abhantraí arna n- ullmhú i gcomhréir le Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[55] , na bearta um bainistiú riosca tuile arna mbunú i gcomhréir le Treoir 2007/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[56] , na | (42) Chun sineirgí a áirithiú idir na bearta difriúla arna ndéanamh faoi reachtaíocht eile de chuid an Aontais a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do shláinte ithreach, agus na bearta atá le cur i bhfeidhm chun ithreacha san Aontas a bhainistiú go hinbhuanaithe agus a athghiniúint, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil na cleachtais um bainistiú ithreach inbhuanaithe agus um athghiniúint comhleanúnach le pleananna athchóirithe náisiúnta arna nglacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[52]+; na ***straitéisí agus na*** pleananna ***gníomhaíochta náisiúnta bithéagsúlachta a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 6 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch, na pleananna*** straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gComhbheartas Talmhaíochta i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/2115, na cóid dea- chleachtais talmhaíochta agus na cláir ghníomhaíochta maidir le criosanna leochaileacha ainmnithe arna nglacadh i gcomhréir le Treoir (AE) 91/676/CEE ón gComhairle[53] , na bearta caomhnaithe agus an creat gníomhaíochta tosaíochta arna bhunú le haghaidh láithreáin Natura 2000 i gcomhréir le Treoir 92/43/CEE ón gComhairle[54], na bearta chun dea- stádas éiceolaíoch agus ceimiceach na ndobharlach a bhaint amach a áirítear i bpleananna bainistithe abhantraí arna n- ullmhú i gcomhréir le Treoir |

pleananna um bainistiú triomaigh arna gcur chun cinn i Straitéis an Aontais maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide[57] , na cláir ghníomhaíochta náisiúnta arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 10 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe chun an gaineamhlú a chomhrac, spriocanna a leagtar amach faoi Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[58] agus Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[59], na pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide comhtháite arna mbunú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[60] , na cláir náisiúnta um rialú ar thruailliú aeir arna n- ullmhú i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/2284 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[61] , measúnuithe riosca agus pleanáil um bainistiú riosca tubaiste arna mbunú i gcomhréir le Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[62] , agus pleananna gníomhaíochta arna mbunú i gcomhréir le ***Rialachán (UE) …/…*** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***[63] +. Ba cheart na cleachtais inbhuanaithe um bainistiú ithreach agus cleachtais um athghiniúint a bheith, a mhéid is féidir, comhtháite laistigh de na cláir, pleananna agus beartais sin a mhéid a rannchuidíonn siad le baint amach a gcuspóirí. Dá bhrí sin, a mhéid a bhaineann le táscairí agus sonraí ábhartha, amhail táscairí toraidh a bhaineann le hithir faoi Rialachán CBT agus sonraí staidrimh maidir le hionchur agus aschur talmhaíochta arna thuairisciú faoi Rialachán (AE) 2022/2379 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[64] , ba cheart iad a bheith inrochtana do na húdaráis inniúla atá freagrach as cleachtais inbhuanaithe um bainistiú ithreach agus cleachtais um athghiniúint agus measúnú ar shláinte ithreach chun na sonraí agus na táscairí sin a thrasnascadh agus dá réir sin an measúnú is cruinne is féidir ar éifeachtacht na mbeart a roghnaíodh a chumasú.

2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[55], na bearta um bainistiú riosca tuile arna mbunú i gcomhréir le Treoir 2007/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[56], na pleananna um bainistiú triomaigh arna gcur chun cinn i Straitéis an Aontais maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide[57], na cláir ghníomhaíochta náisiúnta arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 10 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe chun an gaineamhlú a chomhrac, spriocanna a leagtar amach faoi Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[58] agus Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[59], na pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide comhtháite arna mbunú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[60], na cláir náisiúnta um rialú ar thruailliú aeir arna n- ullmhú i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/2284 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[61], measúnuithe riosca agus pleanáil um bainistiú riosca tubaiste arna mbunú i gcomhréir le Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[62], agus pleananna gníomhaíochta arna mbunú i gcomhréir le ***Treoir 2009/128/CE*** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***. Ba cheart na cleachtais inbhuanaithe um bainistiú ithreach agus cleachtais um athghiniúint a bheith, a mhéid is féidir, comhtháite laistigh de na cláir, pleananna agus beartais sin a mhéid a rannchuidíonn siad le baint amach a gcuspóirí. Dá bhrí sin, a mhéid a bhaineann le táscairí agus sonraí ábhartha, amhail táscairí toraidh a bhaineann le hithir faoi Rialachán CBT agus sonraí staidrimh maidir le hionchur agus aschur talmhaíochta arna thuairisciú faoi Rialachán (AE) 2022/2379 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[64] , ba cheart iad a bheith inrochtana do na húdaráis inniúla atá freagrach as cleachtais inbhuanaithe um bainistiú ithreach agus cleachtais um athghiniúint agus measúnú ar shláinte ithreach chun na sonraí agus na

[52] Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin maidir le hathbhunú dúlra atá i ndoiciméad COM(2022)304 agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO an Rialacháin sin san fhonóta Rialachán (UE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hathbhunú dúlra

[53] Treoir 91/676/CEE ón gComhairle an 12 Nollaig 1991 maidir le huiscí a chosaint ar thruailliú de bharr níotráití ó fhoinsí talmhaíochta (IO L 375, 31.12.1991, lch. 1).

[54] Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7).

[55] Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lgh. 1-73).

[56] Treoir 2007/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2007 maidir le rioscaí tuilte a mheasúnú agus a bhainistiú (IO L 288, 6.11.2007, lch. 27).

[57] Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún. Eoraip atá seasmhach ó thaobh na haeráide de a chruthú - straitéis nua an Aontais Eorpaigh um an oiriúnú don athrú aeráide COM(2021)82 final.

[58] Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an

táscairí sin a thrasnascadh agus dá réir sin an measúnú is cruinne is féidir ar éifeachtacht na mbeart a roghnaíodh a chumasú.

[52] Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin maidir le hathbhunú dúlra atá i ndoiciméad COM(2022)304 agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO an Rialacháin sin san fhonóta Rialachán (UE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hathbhunú dúlra

[53] Treoir 91/676/CEE ón gComhairle an 12 Nollaig 1991 maidir le huiscí a chosaint ar thruailliú de bharr níotráití ó fhoinsí talmhaíochta (IO L 375, 31.12.1991, lch. 1).

[54] Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7).

[55] Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lgh. 1-73).

[56] Treoir 2007/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2007 maidir le rioscaí tuilte a mheasúnú agus a bhainistiú (IO L 288, 6.11.2007, lch. 27).

[57] Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún. Eoraip atá seasmhach ó thaobh na haeráide de a chruthú - straitéis nua an Aontais Eorpaigh um an oiriúnú don athrú aeráide COM(2021)82 final.

[58] Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an

| | |
|---|---|
| 30 Bealtaine 2018 maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht a chur san áireamh i gcreat 2030 don aeráid agus don fhuinneamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 agus Cinneadh Uimh. 529/2013/AE (IO L 156, 19.6.2018, lch. 1). | 30 Bealtaine 2018 maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht a chur san áireamh i gcreat 2030 don aeráid agus don fhuinneamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 agus Cinneadh Uimh. 529/2013/AE (IO L 156, 19.6.2018, lch. 1). |
| 59 Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú ar son na haeráide chun na gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 (IO L 156, 19.6.2018, lch. 26). | 59 Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú ar son na haeráide chun na gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 (IO L 156, 19.6.2018, lch. 26). |
| 60 Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 94/22/CE, 98/70/CE, 2009/31/CE, 2009/73/CE, 2010/31/AE, 2012/27/AE agus 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 2009/119/CE agus (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1). | 60 Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 94/22/CE, 98/70/CE, 2009/31/CE, 2009/73/CE, 2010/31/AE, 2012/27/AE agus 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 2009/119/CE agus (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1). |
| 61 Treoir (AE) 2016/2284 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 maidir le hastaíochtaí náisiúnta truailleán áirithe san aer a laghdú lena leasaítear Treoir 2003/35/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/81/CE (IO L 344, 17.12.2016, lch. 1). | 61 Treoir (AE) 2016/2284 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 maidir le hastaíochtaí náisiúnta truailleán áirithe san aer a laghdú lena leasaítear Treoir 2003/35/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/81/CE (IO L 344, 17.12.2016, lch. 1). |
| 62 Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó | 62 Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó |

| | |
|---|---|
| Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 924). | Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 924). |
| ***[63] + Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin maidir le húsáid inbhuanaithe táirge cosanta plandaí agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115 atá i ndoiciméad COM(2022)305 agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO na Treorach sin san fhonóta*** | |
| [64] Rialachán (AE) 2022/2379 maidir le staidreamh faoi ionchur agus aschur talmhaíochta. | [64] Rialachán (AE) 2022/2379 maidir le staidreamh faoi ionchur agus aschur talmhaíochta. |

**Leasú 31**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 43**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (43) Is oidhreacht iad láithreáin éillithe de dheacáidí de ghníomhaíocht thionsclaíoch san Aontas agus d’fhéadfadh rioscaí do shláinte an duine agus don chomhshaol a bheith mar thoradh orthu anois agus sa todhchaí. Is gá ***i dtosach***, dá bhrí sin, láithreáin a d’fhéadfadh a bheith éillithe a shainaithint agus imscrúdú ***a dhéanamh orthu*** agus ansin, i gcás ***ina ndeimhneofar*** éilliú, measúnú a dhéanamh ar na rioscaí agus bearta a dhéanamh ***le dul i ngleic le rioscaí do-ghlactha***. D’fhéadfaí a chruthú trí imscrúdú ithreach nach bhfuil láithreán a d’fhéadfadh a bheith éillithe ina láithreán atá éillithe. Sa chás sin, níor cheart do na Ballstáit an láithreán a lipéadú a thuilleadh mar láithreán a d’fhéadfadh a bheith éillithe, mura bhfuil éilliú amhrasta bunaithe ar fhianaise nua. | (43) Is oidhreacht iad láithreáin éillithe de dheacáidí de ghníomhaíocht thionsclaíoch san Aontas agus d’fhéadfadh rioscaí do shláinte an duine agus ***do shláinte ainmhithe agus*** don chomhshaol a bheith mar thoradh orthu anois agus sa todhchaí. ***Ag tógáil ar an eolas atá ann cheana,*** is gá, dá bhrí sin, láithreáin a d’fhéadfadh a bheith éillithe a shainaithint agus ***a*** imscrúdú agus ansin, i gcás éilliú ***deimhnithe***, measúnú a dhéanamh ar na rioscaí agus bearta a dhéanamh ***chun aghaidh a thabhairt orthu***. D’fhéadfaí a chruthú trí imscrúdú ithreach nach bhfuil láithreán a d’fhéadfadh a bheith éillithe ina láithreán atá éillithe. Sa chás sin, níor cheart do na Ballstáit an láithreán a lipéadú a thuilleadh mar láithreán a d’fhéadfadh a bheith éillithe, mura bhfuil éilliú amhrasta bunaithe ar fhianaise nua. |

**Leasú 32**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 44**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (44) Chun láithreáin a d'fhéadfadh a bheith éillithe a shainaithint, ba cheart do na Ballstáit fianaise a bhailiú, i measc ***bealaí*** eile, trí thaighde stairiúil, ***teagmhais*** agus timpistí ***stairiúla sa tionscal, ceadanna*** comhshaoil agus ***fógraí*** ón bpobal nó ó na húdaráis. | (44) Chun láithreáin a d'fhéadfadh a bheith éillithe a shainaithint, ba cheart do na Ballstáit fianaise a bhailiú, i measc ***nithe*** eile, trí thaighde stairiúil, ***trí theagmhais thionsclaíocha*** agus timpistí ***tionsclaíocha roimhe seo, trí cheadanna*** comhshaoil***, trí shuirbhéanna sláinte*** agus ***trí fhógraí*** ón bpobal nó ó na húdaráis. |

**Leasú 33**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 45**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (45) Chun a áirithiú go ndéanfar imscrúduithe ithreach ar láithreáin a d'fhéadfadh a bheith éillithe go tráthúil agus go héifeachtach, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit, anuas ar an oibleagáid chun sprioc-am a leagan síos faoinar cheart na himscrúduithe sin a dhéanamh, imeachtaí sonracha a leagan síos lena spreagtar imscrúdú den sórt sin freisin. D'fhéadfaí a áireamh ar imeachtaí spreagtha den sórt sin iarraidh nó athbhreithniú ar chead comhshaoil nó tógála nó údarú a cheanglaítear de bhun reachtaíocht an Aontais nó reachtaíocht náisiúnta, gníomhaíochtaí um thochailt ithreach, athruithe ar úsáid talún nó idirbhearta talún nó réadmhaoine. D'fhéadfadh imscrúduithe ithreach céimeanna difriúla a leanúint, amhail staidéar deisce, cuairt ar an láithreán, réamh-imscrúdú nó imscrúdú | (45) Chun a áirithiú go ndéanfar imscrúduithe ithreach ar láithreáin a d'fhéadfadh a bheith éillithe go tráthúil agus go héifeachtach, ***mar a iarradh sa rún ó Pharlaimint na hEorpa an 28 Aibreán 2021 maidir le cosaint ithreach,*** ba cheart a cheangal ar na Ballstáit, anuas ar an oibleagáid chun sprioc-am a leagan síos faoinar cheart na himscrúduithe sin a dhéanamh, imeachtaí sonracha a leagan síos lena spreagtar imscrúdú den sórt sin freisin. D'fhéadfaí a áireamh ar imeachtaí spreagtha den sórt sin iarraidh nó athbhreithniú ar chead comhshaoil nó tógála nó údarú a cheanglaítear de bhun reachtaíocht an Aontais nó reachtaíocht náisiúnta, gníomhaíochtaí um thochailt ithreach, athruithe ar úsáid talún nó idirbhearta talún nó réadmhaoine. D'fhéadfadh imscrúduithe ithreach |

| | |
|---|---|
| taiscéalaíoch, imscrúdú níos mionsonraithe nó níos tuairisciúla, agus tástáil allamuigh nó saotharlainne. D’fhéadfadh tuarascálacha bunlíne agus bearta faireacháin arna gcur chun feidhme i gcomhréir le Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[65] cáiliú chomh maith mar imscrúdú ithreach i gcás inarb iomchuí. | céimeanna difriúla a leanúint, amhail staidéar deisce, cuairt ar an láithreán, réamh-imscrúdú nó imscrúdú taiscéalaíoch, imscrúdú níos mionsonraithe nó níos tuairisciúla, agus tástáil allamuigh nó saotharlainne. D’fhéadfadh tuarascálacha bunlíne agus bearta faireacháin arna gcur chun feidhme i gcomhréir le Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[65] cáiliú chomh maith mar imscrúdú ithreach i gcás inarb iomchuí. |
| ______________ | ______________ |
| [65] Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (IO L 334, 17.12.2010, lch. 17. | [65] Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (IO L 334, 17.12.2010, lch. 17. |

**Leasú 34**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 46**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (46) Is gá solúbthacht a bheith ann do bhainistiú láithreáin a d’fhéadfadh a bheith éillithe agus láithreáin éillithe chun costais, tairbhí agus sainiúlachtaí áitiúla a chur san áireamh. Ba cheart do na Ballstáit dá bhrí sin cur chuige riosca-bhunaithe a ghlacadh ***ar a laghad*** chun bainistiú a dhéanamh ar láithreáin a d’fhéadfadh a bheith éillithe agus ar láithreáin éillithe, agus an difríocht idir an dá chatagóir sin á tabhairt san áireamh, agus lena gceadaítear acmhainní a leithdháileadh agus an comhthéacs sonrach comhshaoil, eacnamaíoch agus sóisialta á thabhairt san áireamh. Ba cheart cinntí a ***ghlacadh*** bunaithe ar chineál agus ***méid*** na rioscaí ***féideartha*** do shláinte an duine agus don chomhshaol ***de*** thoradh ***teagmháil le héilleáin ithreacha*** (e.g. ***teagmháil le daonraí leochaileacha*** | (46) Is gá solúbthacht a bheith ann do bhainistiú láithreáin a d’fhéadfadh a bheith éillithe agus láithreáin éillithe chun costais, tairbhí agus sainiúlachtaí áitiúla a chur san áireamh. Ba cheart do na Ballstáit dá bhrí sin cur chuige riosca-bhunaithe a ghlacadh chun bainistiú a dhéanamh ar láithreáin a d’fhéadfadh a bheith éillithe agus ar láithreáin éillithe, agus an difríocht idir an dá chatagóir sin á tabhairt san áireamh, agus lena gceadaítear acmhainní a leithdháileadh agus an comhthéacs sonrach comhshaoil, eacnamaíoch agus sóisialta á thabhairt san áireamh. Ba cheart cinntí a ***dhéanamh i gcomhar le cleachtóirí sláinte áitiúla, le húdaráis sláinte agus le pobal na heolaíochta,*** bunaithe ar chineál agus ***ar mhéid*** na rioscaí ***a d’fhéadfadh a bheith ann*** do shláinte an duine agus don |

| | |
|---|---|
| amhail mná torracha, daoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta agus leanaí). Ba cheart an ***measúnú*** costais agus ***tairbhe a bhaineann le feabhsúchán a dhéanamh a bheith dearfach***. Ba cheart don réiteach feabhsúcháin optamach a bheith inbhuanaithe agus roghnaithe trí phróiseas cinnteoireachta cothromaithe ina dtugtar san áireamh na tionchair chomhshaoil, eacnamaíocha agus shóisialta. I ndáil le bainistiú láithreáin a d'fhéadfadh a bheith éillithe agus láithreáin éillithe, ba cheart an prionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as, prionsabal an réamhchúraim agus prionsabal na comhréireachta a urramú. Ba cheart do na Ballstáit an mhodheolaíocht shonrach a leagan síos chun na rioscaí a bhaineann go sonrach le láithreáin éillithe a chinneadh. Ba cheart do na Ballstáit freisin ***a shainiú an rud*** is riosca do-ghlactha ó ***láithreáin*** éillithe ann bunaithe ar eolas eolaíoch ***atá ann cheana, prionsabal*** an réamhchúraim, ***sainiúlachtaí áitiúla***, agus úsáid talún ***reatha*** agus amach anseo. Chun na rioscaí a bhaineann le láithreáin éillithe a laghdú go leibhéal inghlactha do shláinte an duine agus don chomhshaol, ba cheart do na Ballstáit bearta ***leormhaithe um laghdú*** riosca a ***ghlacadh*** lena n-áirítear feabhsúchán. Ba cheart é a bheith féideartha bearta arna ndéanamh faoi reachtaíocht eile an Aontais a cháiliú mar bhearta um laghdú riosca faoin Treoir seo i gcás ina laghdaíonn na bearta sin go héifeachtach rioscaí ó láithreáin éillithe. | chomhshaol ***mar*** thoradh ***ar nochtadh d'éilleáin ithreach*** (e.g. ***nochtadh pobal leochaileach*** amhail mná torracha, daoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta agus leanaí)***, lena n-áirítear nochtadh, agus éifeachtaí carnacha ar shláinte an duine, éiceachórais ithreach agus seirbhísí gaolmhara éiceachórais***. Ba cheart an ***anailís*** costais ***is tairbhe ar fheabhsúchán a chothromú,*** agus ***na buntáistí do na glúnta atá le teacht á gcur san áireamh***. Ba cheart don réiteach feabhsúcháin optamach a bheith inbhuanaithe agus roghnaithe trí phróiseas cinnteoireachta cothromaithe ina dtugtar san áireamh na tionchair chomhshaoil, eacnamaíocha agus shóisialta. I ndáil le bainistiú láithreáin a d'fhéadfadh a bheith éillithe agus láithreáin éillithe, ba cheart an prionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as, prionsabal an réamhchúraim agus prionsabal na comhréireachta a urramú. Ba cheart do na Ballstáit an mhodheolaíocht shonrach a leagan síos chun na rioscaí a bhaineann go sonrach le láithreáin éillithe a chinneadh. Ba cheart do na Ballstáit ***sainmhíniú a thabhairt*** freisin ***ar cad*** is riosca do-ghlactha ó ***shuíomh*** éillithe ann bunaithe ar eolas eolaíoch***, ar phrionsabal*** an réamhchúraim, ***ar thuairim na n-údarás sláinte agus na gcleachtóirí***, agus ***ar*** úsáid talún ***atá ann faoi láthair*** agus ***a bheidh ann*** amach anseo. Chun na rioscaí a bhaineann le láithreáin éillithe a laghdú go ***dtí*** leibhéal inghlactha do shláinte an duine agus ***do shláinte ainmhithe agus*** don chomhshaol, ba cheart do na Ballstáit bearta ***laghdaithe*** riosca ***leordhóthanacha*** a ***dhéanamh, agus tosaíocht á tabhairt do in- nó ex-situ,*** lena n-áirítear feabhsúchán***, ag an am céanna***. Ba cheart é a bheith féideartha bearta arna ndéanamh faoi reachtaíocht eile an Aontais a cháiliú mar bhearta um laghdú riosca faoin Treoir seo i gcás ina laghdaíonn na bearta sin go héifeachtach rioscaí ó láithreáin éillithe. |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 46 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(46a) Ba cheart go gcuirfí prionsabail mhaolúcháin i bhfeidhm le tógáil talamh chun slándáil bia an Aontais a éascú, agus tithíocht inbhuanaithe, bonneagar riachtanach agus tionscadail fuinnimh in-athnuaite á gcur san áireamh.*** |

**Leasú 37**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 48 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(48a) D'fhonn ithreacha a chosaint ar thruailliú ó cheimiceáin atá ag teacht chun cinn a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le rioscaí suntasacha do shláinte an duine agus do shláinte ainmhithe agus ar éilliú a dhéanamh ar an aer thart timpeall, ar uiscí dromchla, ar screamhuisce, agus ar aigéin ina dhiaidh sin, ba cheart sásraí beartais a bhunú chun substaintí den sórt sin ar ábhar imní iad atá ag teacht chun cinn a bhrath agus a mheasúnú. I ndáil leis sin, ba cheart cur chuige a fhorbairt le haghaidh éilliú ithreach, cur chuige lenar féidir faireachán agus anailís a dhéanamh ar na substaintí sin nó ar na grúpaí substaintí sin trí liostaí faire, mar a dhéantar cheana féin i gcás uisce dromchla agus screamhuisce. Maidir leis na substaintí nó grúpaí substaintí a bheidh le háireamh ar an liosta faire, ba cheart iad a roghnú as measc na substaintí sin lena léirítear leis an bhfaisnéis atá ar fáil go bhféadfadh riosca substaintiúil a bheith ag baint leo*** |

| | |
|---|---|
| | ***ar leibhéal an Aontais don timpeallacht ithreach, nó tríd an timpeallacht ithreach, agus nach leordhóthanach na sonraí faireacháin lena n-aghaidh. Níor cheart teorainn a chur le líon na substaintí sin nó na ngrúpaí substaintí sin a bhfuil faireachán agus anailís le déanamh orthu faoi na liostaí faire.*** |

**Leasú 38**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 48 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(48b) Tá substaintí amhail truailleáin orgánacha mharthanacha, ábhair agus cáithníní, lena n-áirítear micreaphlaistigh nó nanaphlaistigh, ina riosca soiléir do shláinte na hithreach, ach freisin do ghníomhaíochtaí riachtanacha amhail forbairt na talmhaíochta. Más ann dóibh in ithreacha, d'fhéadfadh impleachtaí a bheith ag baint leis sin ar thorthúlacht na hithreach, agus sláinte agus forbairt shláintiúil barr á gcur i mbaol dá thoradh. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, go ndéanfar foráil sa Treoir seo maidir le creat chun substaintí agus ábhair araon a áireamh san fhaireachán ar éilleáin ithreach, agus chun caighdeáin cáilíochta comhshaoil agus sraith beart a bhunú chun éilliú ithreach ó bhagairtí aitheanta agus ó bhagairtí atá ag teacht chun cinn a chosc agus a leigheas, i gcás inar iomchuí.*** |

**Leasú 39**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 50**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

(50) Sainordaítear i dTreoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[68] scaoileadh sonraí na hearnála poiblí i bhformáidí saor in aisce agus oscailte. Is é an cuspóir foriomlán leanúint ***le neartú*** gheilleagar ***sonraíbhunaithe*** an Aontais ***Eorpaigh trí chur leis an méid*** sonraí ón earnáil phoiblí atá ar fáil lena n-athúsáid, iomaíocht chóir agus rochtain éasca ar fhaisnéis ón earnáil phoiblí a áirithiú, agus feabhas a chur ar ***an*** nuálaíocht trasteorann bunaithe ar shonraí. ***Is é an príomhphrionsabal gur cheart go mbeadh sonraí rialtais oscailte trí réamhshocrú agus dearadh.*** Tá Treoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[69] dírithe ar rochtain a ráthú ar fhaisnéis ar an gcomhshaol sna Ballstáit i gcomhréir le Coinbhinsiún Aarhus. Le Coinbhinsiún Aarhus agus Treoir 2003/4/CE cuimsítear oibleagáidí leathana a bhaineann le faisnéis faoin gcomhshaol a chur ar fáil, arna hiarraidh sin, agus le faisnéis den sórt sin a scaipeadh ar bhealach gníomhach. Tá raon feidhme leathan freisin le Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[70] agus cuimsítear léi faisnéis spásúil a chomhroinnt, lena n-áirítear tacair sonraí maidir le hábhair éagsúla chomhshaoil. Tá sé tábhachtach go ndéanann forálacha na Treorach seo a bhaineann le rochtain ar fhaisnéis agus le socruithe malartaithe sonraí na Treoracha sin a chomhlánú agus nach gcruthóidh siad córas dlí ar leith. Níor cheart, dá bhrí sin, gur dhochar forálacha na Treorach seo maidir le faisnéis don phobal agus faisnéis faoin bhfaireachán ar chur chun feidhme do Threoracha (AE) 2019/1024, 2003/4/CE agus 2007/2/CE.

(50) Sainordaítear i dTreoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[68] scaoileadh sonraí na hearnála poiblí i bhformáidí saor in aisce agus oscailte. Is é an cuspóir foriomlán leanúint ***de*** gheilleagar ***sonraí*** an Aontais ***a neartú trí mhéid na*** sonraí ***idir-inoibritheacha*** ón earnáil phoiblí atá ar fáil lena n-athúsáid ***a mhéadú***, iomaíocht chóir agus rochtain éasca ar fhaisnéis ón earnáil phoiblí a áirithiú, agus feabhas a chur ar nuálaíocht trasteorann bunaithe ar shonraí. Tá Treoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[69] dírithe ar rochtain a ráthú ar fhaisnéis ar an gcomhshaol sna Ballstáit i gcomhréir le Coinbhinsiún Aarhus. Le Coinbhinsiún Aarhus agus Treoir 2003/4/CE cuimsítear oibleagáidí leathana a bhaineann le faisnéis faoin gcomhshaol a chur ar fáil, arna hiarraidh sin, agus le faisnéis den sórt sin a scaipeadh ar bhealach gníomhach. Tá raon feidhme leathan freisin le Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[70] agus cuimsítear léi faisnéis spásúil a chomhroinnt, lena n-áirítear tacair sonraí maidir le hábhair éagsúla chomhshaoil. Tá sé tábhachtach go ndéanann forálacha na Treorach seo a bhaineann le rochtain ar fhaisnéis agus le socruithe malartaithe sonraí na Treoracha sin a chomhlánú agus nach gcruthóidh siad córas dlí ar leith. Níor cheart, dá bhrí sin, gur dhochar forálacha na Treorach seo maidir le faisnéis don phobal agus faisnéis faoin bhfaireachán ar chur chun feidhme do Threoracha (AE) 2019/1024, 2003/4/CE agus 2007/2/CE.

---

[68] Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid (IO L 172, 26.6.2019, lch. 56).

[68] Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid (IO L 172, 26.6.2019, lch. 56).

| | |
|---|---|
| [69] Treoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2003 maidir le rochtain phoiblí ar fhaisnéis chomhshaoil agus lena n-aisghairtear Treoir 90/313/CEE ón gComhairle (***IO L 41, 14.2.2003, lch. 26).*** | [69] Treoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2003 maidir le rochtain phoiblí ar fhaisnéis chomhshaoil agus lena n-aisghairtear Treoir 90/313/CEE ón gComhairle (***IO L 41, 14.2.2003, lch. 26).*** |
| [70] Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2007 lena mbunaítear Bonneagar d'Fhaisnéis Spásúil sa Chomhphobal Eorpach (INSPIRE) (IO L 108, 25.4.2007, lch. 1). | [70] Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2007 lena mbunaítear Bonneagar d'Fhaisnéis Spásúil sa Chomhphobal Eorpach (INSPIRE) (IO L 108, 25.4.2007, lch. 1). |

**Leasú 40**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 51**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (51) Chun a áirithiú go ndéanfar ***an t-oiriúnú is gá ar*** na rialacha maidir le faireachán ***ar ithir shláintiúil, bainistiú inbhuanaithe ithreach*** agus bainistiú ar láithreáin éillithe, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le ***hAirteagal 290*** den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis an Treoir seo a leasú chun ***oiriúnú don dul*** chun ***cinn teicniúil*** agus ***eolaíoch*** na modheolaíochtaí chun faireachán a dhéanamh ar ***ithir shláintiúil, an*** liosta ***prionsabal inbhuanaithe um bainistiú ithreach, an liosta*** táscach ***um bearta*** laghdaithe riosca, na céimeanna agus na ceanglais maidir ***le*** measúnú sonrach ***don*** láithreán agus ***ábhar an chláir um*** láithreáin éillithe ***agus láithreáin a d'fhéadfadh a bheith éillithe***. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos | (51) Chun a áirithiú go ndéanfar na rialacha maidir le faireachán***, measúnú*** agus bainistiú ar láithreáin éillithe ***ar shláinte na hithreach a oiriúnú mar is gá***, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le ***hAirteagal 290*** den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis an Treoir seo a leasú ***nó a fhorlíonadh*** chun ***modheolaíocht a ghlacadh*** chun ***luachanna tairsí a chinneadh do thuairisceoirí ithreach a bhunóidh na Ballstáit,*** agus ***chun*** na modheolaíochtaí chun faireachán a dhéanamh ar ***shláinte na hithreach,*** liosta táscach ***na mbeart*** laghdaithe riosca, na céimeanna agus na ceanglais maidir ***leis an*** measúnú ***riosca a bhaineann go*** sonrach ***leis an*** láithreán agus ***bunú na luachanna íosta infhulaingthe a chur in oiriúint don dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch i ndáil leis an sainmhíniú ar riosca do-ghlactha don tsláinte agus don chomhshaol a eascraíonn as*** láithreáin éillithe. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachaidh an |

| | |
|---|---|
| i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[71]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile an tráth céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus tá rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe. | Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[71]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile an tráth céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus tá rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe. |
| ___________________ | ___________________ |
| [71] Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016 (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1). | [71] Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016 (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1). |

**Leasú 41**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 53**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (53) Ba cheart don Choimisiún meastóireacht fhianaise-bhunaithe a dhéanamh agus, i gcás inarb ábhartha, athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir seo, 6 bliana tar éis di a theacht i bhfeidhm ar bhonn torthaí na meastóireachta ar shláinte ithreach. Ba cheart measúnú a dhéanamh ***sa mheastóireacht*** go háirithe ar an ***ngá le ceanglais níos sonraí a leagan amach*** chun ***a áirithiú go ndéanfar athghiniúint ar*** ithreacha ***míshláintiúla agus go mbainfear amach an cuspóir chun*** | (53) Ba cheart don Choimisiún meastóireacht fhianaise-bhunaithe a dhéanamh agus, i gcás inarb ábhartha, athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir seo, 6 bliana tar éis di a theacht i bhfeidhm ar bhonn torthaí na meastóireachta ar shláinte ithreach. ***Sa mheastóireacht,*** ba cheart measúnú a dhéanamh go háirithe ar an ***mbearna agus ar na bearta is gá*** chun ithreacha sláintiúla a bhaint amach faoi 2050. Ba cheart measúnú a dhéanamh sa mheastóireacht freisin ar an ngá chun |

| | |
|---|---|
| ***ithreacha*** sláintiúla a bhaint amach faoi 2050. Ba cheart measúnú a dhéanamh sa mheastóireacht freisin ar an ngá chun sainiú ithreacha sláintiúla a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil trí fhorálacha a chur leis maidir le tuairisceoirí nó critéir áirithe bunaithe ar fhianaise eolaíoch nua a bhaineann le cosaint ithreacha nó ar fhorais fadhb atá sonrach do Bhallstát ag eascairt as cúinsí nua comhshaoil nó aeráide. De bhun mhír 22 den Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, ba cheart an mheastóireacht sin a bhunú ar na critéir maidir le héifeachtúlacht, éifeachtacht, ábharthacht, comhleanúnachas agus breisluach an Aontais agus ba cheart í a bheith mar bhonn le measúnuithe tionchair ar bhearta a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo. | sainiú ithreacha sláintiúla a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil trí fhorálacha a chur leis maidir le tuairisceoirí nó critéir áirithe bunaithe ar fhianaise eolaíoch nua a bhaineann le cosaint ithreacha nó ar fhorais fadhb atá sonrach do Bhallstát ag eascairt as cúinsí nua comhshaoil nó aeráide. De bhun mhír 22 den Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, ba cheart an mheastóireacht sin a bhunú ar na critéir maidir le héifeachtúlacht, éifeachtacht, ábharthacht, comhleanúnachas agus breisluach an Aontais agus ba cheart í a bheith mar bhonn le measúnuithe tionchair ar bhearta a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo. |

**Leasú 42**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 55 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(55a) Is é is aidhm don Treoir seo an cuspóir fadtéarmach maidir le hithir shláintiúil san Aontas a bhaint amach faoi 2050 bunaithe ar chreat comhleanúnach chun faireachán a dhéanamh ar an ithir agus chun feabhas a chur ar a sláinte. I bhfianaise a cineáil mar threoir, i gcomhréir le hAirteagal 288 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá an Treoir seo ceangailteach maidir leis an toradh atá le baint amach sna Ballstáit ar a bhfuil sí dírithe, agus ag an am céanna fágtar an chumhacht ag na húdaráis náisiúnta an fhoirm agus na modhanna a roghnú chun an toradh a bhaint amach. Dá bhrí sin, is faoi na Ballstáit a bheidh sé a ndlíthe féin a cheapadh maidir le conas na spriocanna a leagtar síos sa Treoir seo a bhaint*** |

***amach. Leis an ionstraim atá beartaithe le haghaidh treorach, fágtar go leor solúbthachta ag na Ballstáit chun na bearta is fearr dóibh a shainaithint agus chun an cur chuige a oiriúnú do dhálaí áitiúla. Tá sé sin ríthábhachtach chun na sainiúlachtaí réigiúnacha agus áitiúla a chur san áireamh a mhéid a bhaineann le hinathraitheacht ithreach, úsáid talún, dálaí aeráideolaíochta agus gnéithe socheacnamaíocha. Tugann cineál na hionstraime le tuiscint nach bhfuil oibleagáidí díreacha ar dhaoine aonair i gceist leis na prionsabail a leagtar síos sa Treoir seo.***

**Leasú 43**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1– mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Is é ***is*** cuspóir ***don Treoir seo*** creat ***faireacháin*** láidir agus ***comhleanúnach*** a chur ***i bhfeidhm*** le haghaidh na ***n-ithreacha uile*** ar fud an Aontais ***agus*** chun sláinte ithreach a fheabhsú go leanúnach san Aontas d’fhonn ithreacha sláintiúla a bhaint amach faoi 2050 agus ithreacha ***sláintiúla*** a choinneáil i riocht sláintiúil***,*** ionas gur féidir leo ***éicisheirbhísí líonmhara*** a sholáthar ar scála ***atá*** leordhóthanach chun riachtanais chomhshaoil, shochaíocha agus eacnamaíocha ***a chomhlíonadh***, tionchair an athraithe aeráide agus ***cailliúint*** na bithéagsúlachta a chosc agus a mhaolú, an athléimneacht in aghaidh tubaistí nádúrtha agus ***le haghaidh slándáil*** bia a mhéadú agus ***go laghdófar*** éilliú ithreach go leibhéil nach meastar a bheith díobhálach ***a thuilleadh*** do shláinte an duine agus don chomhshaol. | 1. Is é cuspóir ***na Treorach*** creat ***soiléir,*** láidir***, comhleanúnach*** agus ***solúbtha*** a chur ***ar bun*** le haghaidh ***faireachán agus measúnú ithreach le haghaidh*** na ***hithreacha*** ar ***fad ar*** fud an Aontais chun sláinte ithreach a fheabhsú go leanúnach san Aontas d’fhonn ithreacha sláintiúla a bhaint amach faoi 2050 agus ithreacha a choinneáil i riocht sláintiúil ***agus a meathlú a chosc*** ionas gur féidir leo ***seirbhísí iomadúla éiceachórais*** a sholáthar ar scála ***a bheidh*** leordhóthanach chun ***freastal ar*** riachtanais chomhshaoil, shochaíocha agus eacnamaíocha, ***chun*** tionchair an athraithe aeráide agus ***chailliúint*** na bithéagsúlachta a chosc agus a mhaolú, ***chun*** an athléimneacht in aghaidh tubaistí nádúrtha agus ***an tslándáil*** bia a mhéadú agus ***chun*** éilliú ithreach ***a laghdú*** go leibhéil nach meastar a ***thuilleadh a*** bheith díobhálach do shláinte an duine agus don chomhshaol.<br><br>***Bunaítear leis an Treoir seo, dá bhrí sin, creat ina gceanglaítear ar na Ballstáit*** |

| | |
|---|---|
| | ***bearta a chur i bhfeidhm atá indéanta go teicniúil agus bunaithe ar anailís costais is tairbhe, d'fhonn ithreacha sláintiúla a bhaint amach faoi 2050.*** |

**Leasú 44**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Leis an Treoir seo, rannchuidítear le gealltanais, cuspóirí agus spriocanna ar leibhéal idirnáisiúnta agus ar leibhéal an Aontais a chomhlíonadh, lena n-áirítear iad siúd atá sa mhéid seo a leanas:*** |
| | ***(a) creat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal;*** |
| | ***(b) Comhaontú Pháras;*** |
| | ***(c) Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe chun an gaineamhlú a chomhrac (UNCCD);*** |
| | ***(d) an 7ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol de chuid an Aontais (Cinneadh Uimh. 1386/2013/AE);*** |
| | ***(e) 8ú Clár Gníomhaíochta Comhshaoil an Aontais Eorpaigh (Cinneadh (AE) 2022/591);*** |
| | ***(f) an Treochlár maidir le hEoraip atá Tíosach ar Acmhainní (COM/2011/0571).*** |

**Leasú 45**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) faireachán agus measúnú ar shláinte | (a) faireachán***, cothabháil, feabhsú, athshlánú*** agus measúnú ***a dhéanamh*** ar |

*ithreach*;

shláinte ***na hithreach, bunaithe ar a stádas éiceolaíoch***;

**Leasuithe 217 agus 266**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) ciallaíonn 'ithir' brat uachtair an domhain atá suite idir an bhuncharraig agus an dromchla talún, arb éard atá ann cáithníní mianraí, ábhar orgánach, uisce, aer agus orgánaigh bheo; | (1) ciallaíonn 'ithir' brat uachtair an Domhain atá suite idir an bhuncharraig agus an dromchla talún, arb éard atá ann cáithníní mianraí, ábhar orgánach, uisce, aer agus orgánaigh bheo***, seachas fosuithe amhábhar***; |

**Leasú 46**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1a) ciallaíonn 'stádas éiceolaíoch ithreach' cáilíocht éiceolaíoch ithreach a ndéantar meastóireacht uirthi de réir éagsúlacht, ghníomhaíocht bhitheolaíoch agus fheidhmiúil na hithreach, ghnáthóg agus láithreacht tosca díghrádaithe, agus a chinntear de réir an aicmithe seo a leanas:*** <br> ***(a) tagraíonn 'ardstádas éiceolaíoch ithreach' d'ithreacha a bhfuil gníomhaíocht ard bhitheolaíoch agus fheidhmiúil acu;*** <br> ***(b) tagraíonn 'stádas maith éiceolaíoch' d'ithreacha a bhfuil stádas éiceolaíoch maith ar an iomlán acu ach a léiríonn fianaise de dhrochthionchair bheaga ó*** |

***fhachtóirí díghrádaithe amháin nó ó fhachtóirí éagsúla díghrádaithe;***

***(c) tagraíonn 'stádas éiceolaíoch measartha' d'ithreacha a bhfuil fianaise ann go bhfuil drochthionchair bheaga orthu ó tosca díghrádaithe;***

***(d) tagraíonn 'ithreacha díghrádaithe' d'ithreacha a bhfuil fianaise shoiléir ann maidir le drochthionchair ó fhachtóir díghrádaithe amháin; agus***

***(e) tagraíonn 'ithreacha atá díghrádaithe go criticiúil' d'ithreacha a bhfuil fianaise shoiléir ann maidir le tionchair dhíobhálacha ó níos mó ná aon toisc dhíghrádaithe amháin;***

**Leasú 47**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1b) ciallaíonn 'feidhmeanna éiceolaíocha ithreach' an tacar próiseas agus idirghníomhaíochtaí idirghaolmhara laistigh d'éiceachóras na hithreach lena gcothaítear beatha, lena dtacaítear le bithéagsúlacht ithreach agus a eascraíonn aisti agus lena gcothaítear sláinte agus táirgiúlacht fhoriomlán na dtimpeallachtaí talún, amhail timthriall cothaitheach, dianscaoileadh ábhair orgánaigh, foirmiú struchtúir ithreach, scagachán agus íonú uisce, ceapadh carbóin, agus soláthar gnáthóg agus acmhainní le haghaidh raon éagsúil orgánach;*** |

**Leasú 48**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) ciallaíonn '***éicisheirbhísí' a mhéid a chuireann éiceachórais go hindíreach*** le tairbhí eacnamaíocha, sóisialta, cultúrtha agus eile a ***bhaineann*** daoine ***as*** na héiceachórais sin; | (3) ciallaíonn '***seirbhísí éiceachórais' rannchuidiú díreach agus indíreach éiceachóras*** le ***folláine na sochaí ina hiomláine, agus*** tairbhí eacnamaíocha, sóisialta, cultúrtha***, comhshaoil*** agus eile a ***dhíorthaíonn*** daoine ***ó*** na héiceachórais sin; |

**Leasú 49**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3a) ciallaíonn 'bithéagsúlacht ithreach' an éagsúlacht i saol na hithreach, ó ghéinte go pobail, agus na coimpléisc éiceolaíocha ar cuid díobh iad, is é sin coimpléisc ó mhicrea-gnáthóga ithreach go tírdhreacha;*** |

**Leasú 50**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) ciallaíonn 'sláinte ithreach' ***riocht fisiciúil, ceimiceach*** agus ***bitheolaíoch*** na hithreach lena gcinntear a ***hacmhainneacht chun*** feidhmiú mar chóras beo ríthábhachtach agus ***chun éicisheirbhísí*** a sholáthar; | (4) ciallaíonn 'sláinte ithreach' ***staid fhisiceach, cheimiceach, fheidhmiúil*** agus ***bhitheolaíoch*** na hithreach lena gcinntear a ***cumas*** feidhmiú mar chóras beo ríthábhachtach agus ***seirbhísí éiceachórais*** a sholáthar***, agus úsáid talún á cur san áireamh***; |

**Leasú 247**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) ciallaíonn 'bainistiú ithreach inbhuanaithe' cleachtais um bainistiú ithreach a chothaíonn nó a bhreisíonn na héicisheirbhísí ***a sholáthraíonn an ithir gan bac a chur ar na feidhmeanna lena gcumasaítear na seirbhísí sin, nó gan bheith díobhálach d'airíonna eile an chomhshaoil***; | (5) ciallaíonn 'bainistiú inbhuanaithe ithreach' cleachtais bainistithe ithreach arb é is ***aidhm*** dóibh éicisheirbhísí na ***hithreach*** a chothabháil nó a fheabhsú ***agus na héifeachtaí socheacnamaíocha á gcur san áireamh***; |

**Leasú 52**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) ciallaíonn 'ceantar ithreach' an chuid de chríoch Ballstáit, ***mar a theorannaíonn an Ballstát*** sin i gcomhréir leis an Treoir seo; | (8) ciallaíonn 'ceantar ithreach' an chuid de chríoch Ballstáit ***nó roinnt Ballstát***, ***arna teorannú ag an mBallstát*** sin ***nó ag na Ballstáit sin*** i gcomhréir leis an Treoir seo; |

**Leasú 53**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) ciallaíonn 'láithreán éillithe' limistéar ***marcáilte de dháileacht*** amháin nó ***roinnt dáileachtaí*** ina bhfuil ***láithreacht dheimhnithe éillithe*** ithreach de ***thoradh*** | (10) ciallaíonn 'láithreán éillithe' limistéar ***línithe de phlásán*** amháin nó ***níos mó*** ina bhfuil ***éilliú*** ithreach ***deimhnithe*** de ***bharr substaint nó ábhar a*** |

***gníomhaíochtaí antrapaigineacha poncfhoinse***;

***bheith san ithir i dtiúchan a d'fhéadfadh a bheith díobhálach don tsláinte nó don chomhshaol***;

**Leasú 54**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 17 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(17a) ciallaíonn 'séalú ithreach' talamh a chumhdach le hábhar neamhscagach, go háirithe i gcomhthéacs talamh a úsáid mar ardán le haghaidh foirgneamh agus bonneagair;*** |

**Leasú 55**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 17 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(17b) ciallaíonn 'díshéalú ithreach' ath-thiontú talún nach gcomhlíonann a feidhmeanna nádúrtha ithreach a thuilleadh, amhail insíothlú, síothlú agus feidhmiúlacht hidreolaíoch, go hithir fheidhmiúil;*** |

**Leasú 56**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) ciallaíonn 'pobal lena mbaineann' an pobal a ndéanann nó ar dócha go ndéanfaidh díghrádú ithreach difear ***dó***, nó a bhfuil leas aige sna nósanna imeachta | (19) ciallaíonn 'pobal lena mbaineann' an pobal a ndéanann ***díghrádú ithreach difear dóibh*** nó ar dócha go ndéanfaidh díghrádú ithreach difear ***dóibh***, nó ***an pobal*** a bhfuil |

cinnteoireachta a bhaineann le cur chun feidhme na n-oibleagáidí faoin Treoir seo, lena n-áirítear úinéirí talún agus úsáideoirí ***talún***, chomh maith le heagraíochtaí neamhrialtasacha a chuireann cosaint ***shláinte*** an duine nó an ***chomhshaoil*** chun cinn agus a chomhlíonann aon ***cheanglas*** faoin dlí náisiúnta.

leas aige sna nósanna imeachta cinnteoireachta a bhaineann le cur chun feidhme na n-oibleagáidí faoin Treoir seo, lena n-áirítear ***saoránaigh,*** úinéirí talún***, bainisteoirí*** agus úsáideoirí, chomh maith le heagraíochtaí neamhrialtasacha a chuireann cosaint ***sláinte*** an duine nó ***sláinte ainmhithe nó*** an ***comhshaol*** chun cinn agus a chomhlíonann aon ***cheanglais*** faoin dlí náisiúnta.

**Leasú 57**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 19 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(19a) ciallaíonn 'pobal' duine nádúrtha nó dlítheanach amháin nó níos mó agus, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó leis an gcleachtas náisiúnta, comhlachais, eagraíochtaí nó grúpaí ina bhfuil na daoine sin;*** |

**Leasú 58**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (20) ciallaíonn 'éilliú ithreach' ***láithreacht ceimiceáin nó substainte*** san ithir i dtiúchan a d'fhéadfadh a bheith ***díobhálach do*** shláinte an duine nó ***don chomhshaol***; | (20) ciallaíonn 'éilliú ithreach' ***substaint nó ábhar a bheith*** san ithir i dtiúchan a d'fhéadfadh a bheith ***ina chúis, go díreach nó go hindíreach, le héifeachtaí díobhálacha ar*** shláinte an duine nó ***ar shláinte ainmhithe nó ar an gcomhshaol***; |

**Leasú 59**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (23) ciallaíonn 'riosca' an fhéidearthacht go mbeadh éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine nó ar an gcomhshaol de thoradh nochtadh d'éilliú ithreach; | (23) ciallaíonn 'riosca' an fhéidearthacht go mbeadh éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine nó ar ***shláinte ainmhithe nó ar*** an gcomhshaol de thoradh nochtadh d'éilliú ithreach; |

**Leasú 60**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 26**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (26) ciallaíonn 'feabhsúchán ithreach' gníomhaíocht athghiniúna a laghdaíonn, ***a*** aonraíonn nó a ***dhíchumasaíonn tiúchan*** éilleán san ithir. | (26) ciallaíonn 'feabhsúchán ithreach' gníomhaíocht athghiniúna a laghdaíonn, aonraíonn nó a ***chuireann bac ar thiúchain*** éilleán san ithir***, faoi bhun tairseach tocsaineachta, ar féidir contúirtí suntasacha d'orgánaigh, a bhíonn i dteagmháil leis an ithir sin, a eisiamh, agus é mar aidhm leis sin an stádas éiceolaíoch a fheabhsú***. |

**Leasú 61**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 4 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Bunóidh na Ballstáit ceantair ithreach ar fud a gcríche. | Bunóidh na Ballstáit***, i gcomhairle le húdaráis áitiúla, réigiúnacha agus trasréigiúnacha,*** ceantair ithreach***, bunaithe, i gcás inarb iomchuí,*** ar ***aonaid riaracháin atá ann cheana ar*** fud a gcríche ***féin agus i gcríocha trasteorann in éineacht le Ballstáit chomharsanachta***. |

**Leasú 221/rev1**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 4 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Comhfhreagróidh an líon ceantar ithreach i gcás gach Ballstáit don líon aonad críochach NUTS 1 arna mbunú faoi Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ar a laghad.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 63**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 4 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Agus méid geografach na gceantar ithreach á bhunú ***ag*** na Ballstáit, ***féadfaidh siad*** aonaid riaracháin atá ann cheana a ***thabhairt*** san áireamh agus ***féachfaidh*** siad ***le haonchineálacht a bhaint amach*** laistigh de gach ceantar ithreach maidir leis na paraiméadair seo a leanas: | 2. Agus méid geografach na gceantar ithreach á bhunú***, féadfaidh*** na Ballstáit ***úsáid talún***, ***struchtúir rialachais agus*** aonaid riaracháin atá ann cheana a ***chur*** san áireamh agus ***tabharfaidh*** siad ***tosaíocht d'aonchineálacht*** laistigh de gach ceantar ithreach maidir leis na paraiméadair seo a leanas: |

**Leasú 64**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(da) ceantair abhantraí de bhun Threoir 2000/60/CE agus dobharlaigh a úsáidtear le haghaidh astarraingt uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine mar a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2020/2184.*** |

**Leasú 224/rev1**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe d b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(db) réigiúin oileánra iargúlta atá ann agus oileáin scaipthe eatarthu, agus gach oileán ag comhfhreagairt do cheantar ithreach;*** |

**Leasú 226/rev1**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe d c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(dc) úsáid COPERNICUS le haghaidh theorannú na limistéar ithreach,*** |

**Leasú 65**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 4 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2a) Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás inarb iomchuí, go n-oibreoidh ceantair ithreach na mBallstát comharsanachta ina bhfuil éifeachtaí trasteorann ar ithir, úsáid inchomparáide talún thar theorainneacha nó luachanna comhchosúla le haghaidh na bparaiméadar dá dtagraítear i mír 2, pointí (a) go (d), i gcomhar le chéile chun dea-chleachtais a mhalartú. Áiritheoidh na Ballstáit freisin go nglacfaidh ceantair*** |

***ithreach cur chuige comhleanúnach thar theorainneacha.***

**Leasú 66**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 4 – mír 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2b) Tacóidh an Coimisiún leis na Ballstáit chun a áirithiú go gcomhoibríonn a gceantair ithreach ar bhonn trasteorann agus éascóidh siad comhchuibhiú na gcóras faireacháin, feidhmeanna aistrithe, fdearadh faireacháin agus aicmiú an stádais éiceolaíoch ar leibhéal na dtuairisceoirí ithreach a liostaítear in Iarscríbhinn I.*** |

**Leasú 68**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 5 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ainmneoidh na Ballstáit na húdaráis inniúla ***atá*** freagrach ar leibhéal ***atá*** iomchuí ***chun*** na dualgais a leagtar síos sa Treoir seo a ***dhéanamh***. | Ainmneoidh na Ballstáit na húdaráis inniúla ***a bheidh*** freagrach ar leibhéal iomchuí ***as*** na dualgais a leagtar síos sa Treoir seo a ***chomhlíonadh, agus rannáin agus freagrachtaí riaracháin atá ann cheana á gcur san áireamh, lena n-áirítear i gcás ceantair ithreach trasteorann***. |

**Leasú 69**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 5 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ainmneoidh na Ballstáit údarás inniúil amháin le haghaidh gach ceantair ithreach arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 4. | Ainmneoidh na Ballstáit údarás inniúil amháin le haghaidh gach ceantair ithreach arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 4. ***Féadfaidh na Ballstáit údarás inniúil amháin a ainmniú le haghaidh roinnt ceantar ithreach.*** |

**Leasú 70**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 5 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuirfidh na Ballstáit liosta na n-údarás inniúil dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 den Airteagal seo in iúl don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 18(3), pointe (b). Coinneoidh an Coimisiún liosta nuashonraithe de na húdaráis inniúla ar a shuíomh gréasáin.*** |

**Leasú 71**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 6 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Bunóidh na Ballstáit creat faireacháin bunaithe ar na ceantair ithreach arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 4(1), chun a áirithiú go ndéantar faireachán tráthrialta agus cruinn ar shláinte ithreach i gcomhréir leis an Airteagal seo agus le hIarscríbhinní I agus II. | 1. Bunóidh na Ballstáit creat faireacháin bunaithe ar na ceantair ithreach arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 4(1), chun a áirithiú go ndéantar faireachán tráthrialta agus cruinn ar shláinte ithreach i gcomhréir leis an Airteagal seo agus le hIarscríbhinní I agus II ***agus go mbeidh sé comhlántach leis an gcur chuige measúnaithe a bhunaítear le Treoir 2000/60/CE***. |

**Leasú 72**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 6 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfaidh na Ballstáit faireachán ar shláinte ithreach agus ar thógáil talún i ngach ceantar ithreach. | 2. Déanfaidh na Ballstáit faireachán ar shláinte ithreach agus ar thógáil talún i ngach ceantar ithreach. ***Bainfidh na Ballstáit úsáid as saineolas na n-institiúidí náisiúnta taighde, as na córais faireacháin náisiúnta atá ann cheana agus as na sonraí atá ar fáil. Ní bheidh ualach airgeadais ar na bainisteoirí talún mar thoradh ar na gníomhaíochtaí faireacháin a dhéanfaidh na Ballstáit.*** |

**Leasú 73**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 6 – mír 3 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) na pointí samplála ithreach atá le cinneadh i gcomhréir le ***hAirteagal 8***(2); | (b) na pointí samplála ithreach ***agus doimhneacht na samplála*** atá le cinneadh i gcomhréir le ***hAirteagal 8***(2); |

**Leasú 74**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 6 – mír 3 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) ***na*** sonraí agus táirgí cianbhraiteachta dá dtagraítear i ***mír 5*** den Airteagal seo, más ann dóibh; | (d) sonraí agus táirgí cianbhraiteachta ***atá stóinsithe go heolaíoch*** dá dtagraítear i ***mír 5*** den Airteagal seo, más ann dóibh; |

**Leasú 227/rev1**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 6 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***4. Déanfaidh an Coimisiún, faoi réir chomhaontú na mBallstát lena mbaineann, tomhais ithreach thráthrialta ar shamplaí ithreach arna nglacadh in situ, bunaithe ar na tuairisceoirí agus na modheolaíochtaí ábhartha dá dtagraítear in Airteagail 7 agus 8, chun tacú le faireachán na mBallstát ar shláinte ithreach. I gcás ina soláthróidh Ballstát comhaontú i gcomhréir leis an mír seo, áiritheoidh sé gur féidir leis an gCoimisiún sampláil ithreach in situ den sórt sin a dhéanamh.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 76**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 6 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar an chéad tomhas ithreach dá dtagraítear i mír 4 faoin ... [Oifig na bhFoilseachán: [cuir isteach an dáta = 3 bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo].*** <br><br> ***Rannchuideoidh an Coimisiún leis an bhfaireachán arna dhéanamh ag na Ballstáit trí shampláil agus anailís a chur ar fáil ar 20 % ar a laghad de mhéid na samplaí náisiúnta.*** <br><br> ***Nuair a iarrann Ballstát sin, soláthróidh an Coimisiún tuilleadh cúnaimh le suas le*** |

***50 % den tsampláil le linn an chéad bhabhta faireacháin náisiúnta.***

**Leasú 77**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 6 – mír 6 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Bunóidh an Coimisiún agus EEA, ar bhonn sonraí atá ann cheana agus laistigh de 2 bhliain ó theacht i bhfeidhm na Treorach seo, tairseach sonraí dhigiteach um shláinte ithreach a sholáthróidh rochtain i bhformáid spásúlachta gheo-thagartha ar na sonraí um shláinte ithreach atá ar fáil de thoradh an mhéid seo a leanas ar a laghad: | 6. Bunóidh an Coimisiún agus EEA, ar bhonn sonraí atá ann cheana agus laistigh de 2 bhliain ó theacht i bhfeidhm na Treorach seo, tairseach sonraí dhigiteach um shláinte ithreach a sholáthróidh rochtain i bhformáid spásúlachta gheo-thagartha***, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a],*** ar na sonraí um shláinte ithreach atá ar fáil de thoradh an mhéid seo a leanas ar a laghad:<br>__________________<br>[1a] ***Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndachta staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE, Euratom ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal Eorpach (IO L 087 31.3.2009, lch. 164).*** |

**Leasú 78**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 6 – mír 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6a. Leis an gcreat faireacháin ithreach dá dtagraítear i míreanna 3 go 6, cuirfear leis na creataí faireacháin atá ann cheana ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear sonraí ón bhFaireachlann Ithreach LUCAS.*** |

**Leasú 79**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 6 – mír 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7a. Áireofar ar an tairseach sonraí dhigiteach um shláinte ithreach an Bosca Uirlisí um Bainistiú Inbhuanaithe Ithreach dá dtagraítear in Airteagal 10a.*** |

**Leasú 80**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 6 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun formáidí nó modhanna a bhunú chun na sonraí dá dtagraítear i mír 7 a chomhroinnt nó a bhailiú nó chun na sonraí sin a chomhtháthú sa tairseach sonraí dhigiteach um shláinte ithreach. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 21. | 8. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun formáidí nó modhanna a bhunú chun na sonraí dá dtagraítear i mír 7 a chomhroinnt nó a bhailiú nó chun na sonraí sin a chomhtháthú sa tairseach sonraí dhigiteach um shláinte ithreach***, lena n-áirithítear comhlíonadh dhlí an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta***. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 21. |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 6 – mír 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***8a. Déanfaidh an Coimisiún na seirbhísí is gá maidir le fothú acmhainneachta, cúnamh agus comhairliúchán a sholáthar do na Ballstáit agus tacóidh sé lena dtionscnaimh faireacháin agus le comhchuibhiú iltaobhach rialachán, modhanna agus cartlann, agus ar an gcaoi sin, dúnfar bearnaí sonraí agus baic sreafa oibre atá ann faoi láthair trí shaineolas coiteann a chomhroinnt. Chuige sin, cuirfidh an Coimisiún leis na sásraí atá ann cheana, lena n-áirítear tionscnamh Ithreach BON.*** |

**Leasú 82**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 6a*** |
| | ***Samplaí ithreach a úsáid agus a chaomhnú go héifeachtúil*** |
| | ***1. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit agus leis an bhFaireachlann Eorpach Ithreach, bearta a chur i bhfeidhm chun a áirithiú go mbeidh cartlann fhisiceach ithreacha, eastóscáin DNA agus cartlann dhigiteach sonraí loma, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon, ar fáil i gcónaí le haghaidh tuilleadh taighde agus nuálaíochta. Áiritheoidh an Coimisiún agus na Ballstáit go stórálfar samplaí ar bhealach is iomchuí dá n-úsáid inbhuanaithe fhadtéarmach.*** |
| | ***2. Faoin ... [Oifig na bhFoilseachán: [cuir isteach an dáta = 12 mhí tar éis*** |

***dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] soláthróidh an Coimisiún treoirlínte le prótacail tagartha maidir le samplaí ithreach a úsáid ar an mbealach is costéifeachtaí.***

**Leasú 83**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 7 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tuairisceoirí ithreach, critéir le haghaidh ***riocht*** ithreach ***sláintiúil, agus*** táscairí tógála talún agus séalaithe ithreach | Tuairisceoirí ithreach, critéir le haghaidh ***stádas éiceolaíoch*** ithreach***,*** táscairí tógála talún agus séalaithe ithreach |

**Leasú 228**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 7 – mír 1 - fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiúsn* | *Leasú* |
|---|---|
| Agus faireachán agus measúnú á dhéanamh ag na Ballstáit ar ***shláinte*** ithreach, ***cuirfidh siad*** na tuairisceoirí ithreach ***agus na critéir um shláinte ithreach*** a liostaítear in Iarscríbhinn I i bhfeidhm. | Agus faireachán agus measúnú á dhéanamh ag na Ballstáit ar ithir, ***féadfaidh siad*** na tuairisceoirí ithreach a chur i bhfeidhm ***is fearr a léiríonn na saintréithe ithreach atá ag gach cineál ithreach ar an leibhéal náisiúnta*** a liostaítear in Iarscríbhinn I i bhfeidhm. |

**Leasú 85**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 7 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Féadfaidh*** na Ballstáit ***na tuairisceoirí*** ithreach agus ***na critéir um shláinte*** ithreach ***dá dtagraítear i gcuid A*** d'***Iarscríbhinn I a oiriúnú i gcomhréir leis na sonraíochtaí dá dtagraítear sa dara agus sa tríú colún i gcuid A d'Iarscríbhinn I***. | 2. ***Roghnóidh*** na Ballstáit ***an leibhéal leordhóthanach don dearadh faireacháin*** ithreach ***a gcáilíonn siad dó i gcomhréir le coinníollacha Iarscríbhinn I,*** agus ***áiritheoidh siad go n-áireofar iontu ar a laghad gach tuairisceoir*** ithreach ***i gCuid A*** d'***Iarscríbhinn I***. |

**Leasú 86**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 7 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Socróidh na Ballstáit éilleáin orgánacha le haghaidh an tuairisceora ithreach a bhaineann leis an éilliú ithreach dá dtagraítear i ***gcuid B*** d'Iarscríbhinn I. | 3. Socróidh na Ballstáit éilleáin orgánacha le haghaidh an tuairisceora ithreach a bhaineann leis an éilliú ithreach dá dtagraítear i ***gcuid A*** d'Iarscríbhinn I. |

**Leasú 87**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 7 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***4. Leagfaidh na Ballstáit síos na critéir um shláinte ithreach le haghaidh na dtuairisceoirí ithreach a liostaítear i gcuid B d'Iarscríbhinn I i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach sa tríú colún i gcuid B d'Iarscríbhinn I.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 88**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 7 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Féadfaidh na Ballstáit tuairisceoirí breise ithreach agus táscairí tógála talún a leagan síos, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta do na tuairisceoirí agus na táscairí ***roghnacha*** a liostaítear i ***gcuid C agus D*** d'Iarscríbhinn I, chun ***críoch*** faireacháin ***('tuairisceoirí ithreach breise' agus táscairí tógála talún breise')***. | 5. Féadfaidh na Ballstáit tuairisceoirí breise ithreach agus táscairí tógála talún a leagan síos, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta do na tuairisceoirí agus na táscairí a liostaítear i ***gcuid D*** d'Iarscríbhinn I, chun ***críocha*** faireacháin. |

**Leasú 89**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 7 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas nuair a leagtar amach nó nuair a oiriúnaítear tuairisceoirí ithreach, táscairí tógála talún agus critéir um shláinte ithreach i gcomhréir le míreanna 2 go 5 den Airteagal seo. | 6. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas nuair a leagtar amach nó nuair a oiriúnaítear tuairisceoirí ithreach, táscairí tógála talún agus critéir um shláinte ithreach i gcomhréir le míreanna 2 go 5 den Airteagal seo ***agus le hAirteagal 9***. |

**Leasú 90**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 8 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Cinnfidh na Ballstáit pointí samplála tríd an modheolaíocht a leagtar amach i ***gcuid A d'Iarscríbhinn II*** a chur i bhfeidhm. | 1. Cinnfidh na Ballstáit pointí samplála tríd an modheolaíocht a leagtar amach ***in Iarscríbhinn*** I a chur i bhfeidhm ***de réir an leibhéil roghnaithe le haghaidh dearadh faireacháin ithreach, agus measúnuithe riosca bunaithe ar chórais faireacháin atá ann cheana á gcur san áireamh***. |

**Leasú 91**
**Togra le haghaidh treorach**

**Airteagal 8 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) luachanna na ***dtáscairí*** ithreach a leagtar amach in ***Iarscríbhinn I***; | (a) luachanna na ***dtuairisceoirí*** ithreach ***de réir an leibhéil roghnaithe le haghaidh dearadh faireacháin ithreach mar*** a leagtar amach in ***Iarscríbhinn I***; |

**Leasú 92**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 8 – mír 3 – fomhír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) na modheolaíochtaí chun luachanna na dtuairisceoirí ithreach a leagtar amach ***i gcuid B d'Iarscríbhinn II*** a chinneadh nó a mheas; | (a) na modheolaíochtaí chun luachanna na dtuairisceoirí ithreach a leagtar amach ***in Iarscríbhinn II*** a chinneadh nó a mheas; |

**Leasú 93**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 8 – mír 3 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh na Ballstáit modheolaíochtaí a chur i bhfeidhm seachas na ***modheolaíochtaí*** a liostaítear sa chéad fhomhír, ***pointí*** (a) ***agus*** (b), ar choinníoll go bhfuil ***na*** feidhmeanna ***tarchuir córais*** bailíochtaithe ar fáil, mar a cheanglaítear in ***Iarscríbhinn II***, ***cuid B,*** an ceathrú colún. | Féadfaidh na Ballstáit modheolaíochtaí ***eile*** a chur i bhfeidhm seachas na ***cinn*** a liostaítear sa chéad fhomhír, ***pointí*** (a) ***agus*** (b), ar choinníoll go bhfuil feidhmeanna ***aistrithe*** bailíochtaithe ar fáil ***nó gur féidir iad a mheas trí shonraí a ghlactar ar an leibhéal náisiúnta a chur i gcomparáid le faireachán in situ arna gcomhordú ag an gCoimisiún***, mar a cheanglaítear in ***Iarscríbhinn II***, ***cuid B,*** an ceathrú colún. |

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 8 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar na chéad tomhais ithreach ar a dhéanaí faoin… (Oifig na bhFoilseachán: ***[cuir*** isteach an dáta = ***4*** bliana tar éis ***dháta*** theacht i bhfeidhm na Treorach). | 4. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar na chéad tomhais ithreach ar a dhéanaí faoin… (Oifig na bhFoilseachán: ***cuir*** isteach an dáta = ***3*** bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach ***seo***). |

**Leasú 95**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 8 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar tomhais ithreach nua gach ***5 bliana*** ar a laghad. | 5. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar tomhais ithreach nua gach ***6 bliana*** ar a laghad ***nó níos luaithe, aon uair a mheastar go ndéantar modhnú ar stádas na hithreach*. *Éascóidh na Ballstáit freisin faireachán ithreach in-situ arna chomhordú ag an gCoimisiún.*** |
| Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar cothrom le dáta luach na dtáscairí tógála talún agus séalaithe ithreach ***uair amháin sa*** bhliain ar a laghad. | Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar cothrom le dáta luach na dtáscairí tógála talún agus séalaithe ithreach ***gach dhá*** bhliain ar a laghad. |

**Leasú 96**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 8 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 20 chun Iarscríbhinn II a leasú chun na modheolaíochtaí tagartha a luaitear inti a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus | 6. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 20 chun Iarscríbhinn II a leasú chun na modheolaíochtaí tagartha a luaitear inti a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus |

| | |
|---|---|
| teicniúil***, go háirithe i gcás inar féidir luachanna na dtáscairí ithreach a chinneadh tríd an gcianbhraiteacht dá dtagraítear in Airteagal 6(5)***. | teicniúil. |

**Leasú 97**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 9 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh na Ballstáit measúnú ar ***an tsláinte ithreach*** ina gceantair ithreach uile bunaithe ar na sonraí ***a bailíodh*** i gcomhthéacs an fhaireacháin dá dtagraítear in ***Airteagail 6, 7 agus 8 le haghaidh gach ceann de na tuairisceoirí ithreach dá dtagraítear i gCodanna A agus B d'Iarscríbhinn I.*** | Déanfaidh na Ballstáit measúnú ar ***shláinte na hithreach*** ina gceantair ithreach uile bunaithe ar na sonraí ***arna mbailiú*** i gcomhthéacs an fhaireacháin dá dtagraítear in ***Airteagail 6***, 7 ***agus 8 maidir*** le haghaidh gach ceann de na tuairisceoirí ithreach dá dtagraítear ***in Iarscríbhinn*** I ***de réir an leibhéil roghnaithe le haghaidh dearadh faireacháin ithreach, agus imthosca stairiúla agus nádúrtha na hithreach á gcur san áireamh***. |

**Leasú 98**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 9 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cuirfidh na Ballstáit san áireamh freisin na sonraí a bailíodh i gcomhthéacs na n-imscrúduithe ithreach dá dtagraítear in Airteagal 14. | ***Chun measúnú a dhéanamh ar stádas éiceolaíoch ithreach,*** cuirfidh na Ballstáit san áireamh freisin na sonraí a bailíodh i gcomhthéacs na n-imscrúduithe ithreach dá dtagraítear in Airteagal 14. |

**Leasú 99**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 9 – mír 1 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar measúnuithe ar ***shláinte ithreach*** gach ***5*** bliana ar a laghad agus go ndéanfar an chéad mheasúnú ***ar shláinte ithreach*** faoin... (Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach). | Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar measúnuithe ar ***stádas éiceolaíoch na hithreach*** gach ***6*** bliana ar a laghad agus go ndéanfar an chéad mheasúnú faoin... (Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach)***, mar aon le tuarascálacha ar fheabhsú, treochtaí, dul chun cinn nó cúlchéimniú coibhneasta***. |

**Leasú 100**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 9 – mír 2 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Measfar*** go bhfuil ithir sláintiúil i gcomhréir leis an Treoir seo i gcás ina ***gcomhlíonfar na coinníollacha carnacha seo a leanas:***<br>***(a) comhlíonann na luachanna le haghaidh gach tuairisceora ithreach a liostaítear i gcuid A d'Iarscríbhinn I na critéir a leagtar síos ansin agus, i gcás inarb infheidhme, arna n-oiriúnú i gcomhréir le hAirteagal 7;***<br>***(b) comhlíonann na luachanna le haghaidh gach tuairisceora ithreach a liostaítear i gcuid B d'Iarscríbhinn I na critéir i gcomhréir le hAirteagal 7 ('ithir shláintiúil').*** | ***Meastar*** go bhfuil ithir sláintiúil i gcomhréir leis an Treoir seo i gcás ina ***n-aicmítear an ithir le stádas maith éiceolaíoch nó le stádas ard éiceolaíoch.*** |

**Leasú 101**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 9 – mír 2 – fomhír 2**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| ***De mhaolú ar an gcéad fhomhír, ní chuirfear san áireamh sa mheasúnú ar ithreacha laistigh de limistéar talún a liostaítear sa cheathrú colún d'Iarscríbhinn I na luachanna a leagtar amach sa tríú colún le haghaidh an limistéir talún sin.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 102**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 9 – mír 2 – fomhír 3**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| ***Tá ithir mhíshláintiúil i gcás nach gcomhlíonfar ceann amháin ar a laghad de na critéir dá dtagraítear i bhfomhír 1 ('ithir mhíshláintiúil').*** | ***scriosta*** |

**Leasú 103**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 9 – mír 3 – fomhír 1**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| Déanfaidh na Ballstáit anailís ar ***na*** luachanna ***le haghaidh*** na dtuairisceoirí ithreach a liostaítear i ***gcuid C*** d'***Iarscríbhinn I*** agus déanfaidh siad measúnú ***ar cé acu atá nó nach*** bhfuil caillteanas criticiúil ***éicisheirbhísí*** ann, agus na sonraí ábhartha agus an t-eolas eolaíoch atá ar fáil á ***dtabhairt*** san áireamh. | Déanfaidh na Ballstáit anailís ar luachanna na dtuairisceoirí ithreach a liostaítear i ***gcodanna A, B agus C*** d'***Iarscríbhinn I, de réir an leibhéil roghnaithe do dhearadh faireacháin ithreach,*** agus déanfaidh siad measúnú ***i dtaobh an*** bhfuil caillteanas criticiúil ***bithéagsúlachta ithreach agus seirbhísí éiceachórais*** ann, agus na sonraí ábhartha agus an t-eolas eolaíoch atá ar fáil á ***gcur*** san áireamh. |

**Leasú 104**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 9 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 4. Ar ***bhonn an mheasúnaithe*** ar shláinte ithreach ***a rinneadh*** i gcomhréir leis an Airteagal seo, ***sainaithneoidh*** an t-údarás inniúil, i gcás inarb ábhartha i gcomhar le húdaráis áitiúla, réigiúnacha***,*** náisiúnta, i ngach ceantar ithreach***, na limistéir ina bhfuil ithreacha míshláintiúla*** agus cuirfidh sé an pobal ar an eolas i gcomhréir le ***hAirteagal 19***. | 4. ***Bunaithe*** ar ***an measúnú*** ar shláinte ithreach ***arna dhéanamh*** i gcomhréir leis an Airteagal seo, ***déanfaidh*** an t-údarás inniúil, i gcás inarb ábhartha i gcomhar le húdaráis áitiúla, réigiúnacha ***agus*** náisiúnta, ***limistéir ithreach nach bhfuil stádas éiceolaíoch ard ithreach ná stádas maith éiceolaíoch acu a shainaithint*** i ngach ceantar ithreach agus cuirfidh sé an pobal ar an eolas i gcomhréir le ***hAirteagal 19***. |

**Leasú 105**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 9 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***4a. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoin 31 Nollaig 2026 i gcomhréir le hAirteagal 20 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí mhodheolaíocht a bhunú chun luachanna tairsí a chinneadh maidir le tuairisceoirí ithreach in Iarscríbhinn I le haghaidh gach stádas éiceolaíoch ithreach. Cuirfear san áireamh sa mhodheolaíocht an fhianaise eolaíoch is déanaí agus cuirfear dálaí aeráide éagsúla agus cineálacha éagsúla ithreacha san áireamh inti.*** |

**Leasú 106**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 9 – mír 4 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4b. Faoin 30 Meitheamh 2028, cuirfidh na Ballstáit faoi bhráid an Choimisiúin dréachtluachanna tairsí le haghaidh tuairisceoirí ithreach in Iarscríbhinn I, agus dálaí aeráide, an cineál ithreach agus an cineál limistéir talún á gcur san áireamh, mar aon leis an réasúnú eolaíoch agus an fhianaise ar ar bhunaigh siad a roghanna.*** |

**Leasú 107**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 9 – mír 4 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4c. Laistigh de 6 mhí ón dáta a gcuirfear isteach na dréachtluachanna tairsí dá dtagraítear i mír 4b, tabharfaidh an Coimisiún barúlacha maidir leis na dréachtluachanna tairsí, déanfaidh sé measúnú ar an réasúnú eolaíoch agus áiritheoidh sé cothroime iomaíochta laistigh den mhargadh inmheánach. Nuair a iarrann an Coimisiún sin, soláthróidh na Ballstáit don Choimisiún gach faisnéis bhreise is gá agus, i gcás inarb iomchuí, athbhreithneoidh siad na luachanna tairsí atá beartaithe.*** |

**Leasú 108**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 9 – mír 4 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4d. Ar choinníoll gur cuireadh aon bharúlacha a thug an Coimisiún i*** |

***gcomhréir le mír 4c san áireamh go leordhóthanach, déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, luachanna tairsí a fhormheas tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2029.***

**Leasú 110**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 9 – mír 4 f (nua))**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4f. Agus Leibhéal 2 á chur i bhfeidhm maidir le dearadh faireacháin ithreach, féadfaidh na Ballstáit tairbhe a bhaint as éagsúlacht suas le 20 % i gcomparáid leis na luachanna tairsí a shocraítear i gcomhréir le mír 4d.*** |

**Leasú 111**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 9 – mír 5 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Bunóidh na Ballstáit sásra le haghaidh deimhniú deonach ar shláinte ithreach d'úinéirí agus do bhainisteoirí talún de bhun na gcoinníollacha i mír 2 den Airteagal seo.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 112**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 9 – mír 5 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun formáid*** | ***scriosta*** |

***an deimhnithe ar shláinte ithreach a chomhchuibhiú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 21.***

**Leasú 113**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 9 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. ***Nuair a iarrann na húinéirí talún agus na bainisteoirí talún ábhartha sin,*** cuirfidh na Ballstáit na sonraí agus an measúnú ***ar shláinte ithreach*** dá dtagraítear in ***Airteagail 6 go 9*** in iúl ***dóibh***, go háirithe chun tacú le forbairt na comhairle dá dtagraítear in ***Airteagal 10***(3). | 6. Cuirfidh na Ballstáit na sonraí ***maidir le sláinte ithreach*** agus an measúnú dá dtagraítear in ***Airteagal 6 go hAirteagal 9*** in iúl ***do na húinéirí talún ábhartha agus do na bainisteoirí talún ábhartha agus cuirfidh siad ar fáil saor in aisce iad***, go háirithe chun tacú le forbairt na comhairle dá dtagraítear in ***Airteagal 10***(3). ***Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain éasca agus leanúnach ag institiúidí taighde ar shamplaí, ar eastóscáin DNA agus ar shonraí loma saor in aisce.*** |

**Leasú 248**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 10 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***1. Ón (Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 4 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach), glacfaidh na Ballstáit na bearta seo a leanas ar a laghad, agus cineál, úsáid agus riocht na hithreach á gcur san*** | ***scriosta*** |

***áireamh:***

***(a) cleachtais um bainistiú inbhuanaithe ithreach a shainiú agus na prionsabail um bainistiú ithreach inbhuanaithe a liostaítear in Iarscríbhinn III a urramú, lena gcur chun feidhme de réir a chéile ar na hithreacha uile a bhainistítear, ar bhonn thoradh na measúnuithe ithreach arna ndéanamh i gcomhréir le hAirteagal 9, cleachtais athghiniúna le cur chun feidhme de réir a chéile ar ithreacha míshláintiúla sna Ballstáit;***

***(b) cleachtais um bainistiú ithreach agus cleachtais eile a shainiú ar cleachtais iad a dhéanann dochar do shláinte ithreach agus atá le seachaint ag bainisteoirí ithreach.***

***Agus na cleachtais agus na bearta dá dtagraítear sa mhír seo á sainiú ag na Ballstáit, cuirfidh siad san áireamh na cláir, na pleananna, na spriocanna agus na bearta a liostaítear in Iarscríbhinn IV mar aon leis an eolas eolaíoch atá ann cheana is déanaí lena n-áirítear torthaí a thagann as Misean an chláir Fís Eorpach 'Comhaontú Ithreach don Eoraip'.***

***Sainaithneoidh na Ballstáit sineirgí leis na cláir, na pleananna agus na bearta a leagtar amach in Iarscríbhinn IV. Leis na sonraí faireacháin ar shláinte ithreach, torthaí na measúnuithe ar shláinte***

***ithreach, an anailís dá dtagraítear in Airteagal 9 agus na bearta maidir le bainistiú ithreach inbhuanaithe, déanfar eolas d'fhorbairt na gclár, na bpleananna agus na mbeart a leagtar amach in Iarscríbhinn IV.***

***Áiritheoidh na Ballstáit gur próiseas oscailte, ionchuimsitheach agus éifeachtach a bheidh i bpróiseas forbartha na gcleachtas dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus go mbeidh an pobal lena mbaineann, go háirithe úinéirí talún agus bainisteoirí, rannpháirteach ann agus go dtabharfar deiseanna luatha éifeachtacha dóibh a bheith rannpháirteach san fhorbairt sin.***

**Leasuithe 120 agus 249**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 10 – mír 2 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain éasca ***ag bainisteoirí ithreach, úinéirí talún*** agus ***údaráis ábhartha*** ar chomhairle neamhchlaonta neamhspleách maidir le bainistiú ithreach ***inbhuanaithe, ar ghníomhaíochtaí*** oiliúna agus ***ar fhothú*** acmhainneachta. | Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain éasca agus ***chomhionann*** ar chomhairle neamhchlaonta neamhspleách maidir le bainistiú ***inbhuanaithe*** ithreach***, gníomhaíochtaí*** oiliúna agus ***fothú*** acmhainneachta ***do bhainisteoirí ithreach, d'úinéirí talún, bainisteoirí talún agus d'údaráis ábhartha, ina gceantair ithreach uile***. |

**Leasuithe 121 agus 250**
**Togra le haghaidh treorach**

**Airteagal 10 – mír 2 – fomhír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) taighde agus ***cur chun feidhme coincheapa iomlánaíocha an bhainistithe ithreach*** a chur chun cinn; | (b) taighde***, nuálaíocht*** agus ***eolaíocht na saoránach*** a chur chun cinn ***agus cur chun feidhme coincheap bainistithe ithreach inbhuanaithe a spreagadh***; |

**Leasú 122**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 10 – mír 2 – fomhír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) mapáil a chur ar fáil ar na hionstraimí cistiúcháin atá ar fáil agus ar ghníomhaíochtaí chun tacú le bainistiú ithreach inbhuanaithe a chur chun feidhme, mapáil a thabharfar cothrom le dáta go tráthrialta. | (c) mapáil a chur ar fáil ar na hionstraimí cistiúcháin atá ar fáil agus ar ghníomhaíochtaí chun tacú le bainistiú ithreach inbhuanaithe a chur chun feidhme, mapáil a thabharfar cothrom le dáta go tráthrialta***, agus ar ghníomhaíochtaí eile chun tacú leis an Treoir seo a chur chun feidhme, lena n-áirítear taighde agus eolaíocht na saoránach***. |

**Leasú 251**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 10 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***3. Déanfaidh na Ballstáit measúnú tráthrialta ar éifeachtacht na mbeart arna nglacadh i gcomhréir leis an Airteagal seo agus, i gcás inarb ábhartha, déanfaidh siad measúnú agus athbhreithniú ar na bearta sin, agus an faireachán agus an measúnú ar shláinte*** | ***scriosta*** |

***ithreach dá dtagraítear in Airteagail 6 go 9 á gcur san áireamh.***

**Leasuithe 123 agus 252**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 10 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 20 chun Iarscríbhinn III a leasú chun prionsabail um bainistiú ithreach inbhuanaithe a oiriúnú chun dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil a chur san áireamh.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 124**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 10 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Tabharfaidh an Coimisiún , nuair a iarrann siad sin, cúnamh do na Ballstáit agus cuirfidh sé treoir ar fáil dóibh maidir le forbairt na mbeart sonrach a bhaineann leis na prionsabail um bainistiú inbhuanaithe ithreach a liostaítear in Iarscríbhinn III.*** |

**Leasú 125**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 10 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

***Airteagal 10a***

***Bosca Uirlisí um Bainistiú Inbhuanaithe Ithreach***

***1. Chun tacú le cur chun feidhme na Treorach seo, bunóidh an Coimisiún bosca uirlisí bainistithe ithreach inbhuanaithe lena gcuirfear faisnéis phraiticiúil ar fáil do bhainisteoirí ithreach maidir le húsáid cleachtas bainistithe ithreach inbhuanaithe, lena n-áirítear faisnéis arna soláthar ag na Ballstáit.***

***2. Beidh an méid seo a leanas sa bhosca uirlisí:***

***(a) moltaí agus samplaí de dhea-chleachtais ó údaráis inniúla na mBallstát a dhéanann faireachán ar thionchar na gcleachtas um bainistiú ithreach, agus faisnéis faoi thionchar na gcleachtas sin ar sheirbhísí éiceachórais éagsúla agus faoi bhagairtí ar an ithir;***

***(b) an fhaisnéis chomhthéacs-sonrach a bhaineann le meascáin den chineál ithreach, d'úsáid talún agus de dhálaí aeráide;***

***(c) eolas nua ón taighde agus ón nuálaíocht, lena n-áirítear eolas ón misean de chuid Fhís Eorpach 'A Soil Deal for Europe' [Comhaontú Ithreach don Eoraip];***

***(d) faisnéis ábhartha eile arna bailiú ag an gCoimisiún nó arna cur ar fáil don Choimisiún ag na Ballstáit.***

***3. Beidh an bosca uirlisí ar fáil don phobal saor in aisce agus áireofar é ar an tairseach sonraí dhigiteach um shláinte ithreach a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 6(6).***

***Déanfaidh an Coimisiún nuashonrú gníomhach ar inneachar an bhosca uirlisí do bhainisteoirí talún agus déanfaidh sé gach beart iomchuí chun é sin a chur chun cinn.***

**Leasú 126**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 11 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Prionsabail maolaithe*** tógála talún | ***Maolú*** tógála talún |

**Leasú 127**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 11 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Áiritheoidh*** na Ballstáit ***go n-urramófar na prionsabail*** seo a leanas ***i gcás tógáil talún***: | ***I gcás tógála talún, déanfaidh*** na Ballstáit ***na gníomhaíochtaí*** seo a leanas ***a mheas, agus sainiúlachtaí áitiúla agus tionchair shocheacnamaíocha á gcur san áireamh acu***: |

**Leasuithe 128 agus 254**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 11 – mír 1 – pointe a – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) caillteanas ***acmhainn*** na hithreach ***chun éicisheirbhísí líonmhara*** a ***sholáthar, lena n-áirítear táirgeadh bia, a*** sheachaint nó a laghdú a mhéid is féidir ***go teicniúil*** agus ***go heacnamaíoch, trí na nithe*** seo a leanas a dhéanamh: | (a) caillteanas ***acmhainneacht*** na hithreach a sheachaint nó a laghdú a mhéid is féidir ***go teicniúil, go sóisialta agus go heacnamaíoch chun iliomad seirbhísí éiceachórais agus seirbhísí eile a sholáthar, lena n-áirítear talmhaíocht, táirgeadh bia agus bainistiú inbhuanaithe foraoisí tríd an méid*** seo a leanas a dhéanamh: |

**Leasú 129**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 11 – mír 1 – pointe a – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) an limistéar a bhfuil tionchar ag an tógáil talún air a laghdú a ***mhéid*** is féidir ***agus*** | (i) an limistéar a bhfuil tionchar ag an tógáil talún air a laghdú a ***oiread*** is féidir***;*** |

**Leasú 130**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 11 – mír 1 – pointe a – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) limistéir ***a roghnú*** ina ndéanfaí caillteanas ***éicisheirbhísí*** a íoslaghdú ***agus*** | (ii) ***tús áite a thabhairt do*** limistéir ina ndéanfaí caillteanas ***seirbhísí éiceachórais*** a íoslaghdú***;*** |

**Leasú 131**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 11 – mír 1 – pointe a – pointe iii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) tógáil talún a dhéanamh ar bhealach a ***íoslaghdaíonn an tionchar diúltach ar an ithir***; | (iii) tógáil talún a dhéanamh ar bhealach ***atá ailínithe leis an bhforbairt inbhuanaithe, lena n-áirítear torthúlacht ithreach, bithéagsúlacht, tréscaoilteacht uisce, scagachán agus coinneáil*** a ***chaomhnú a mhéid is féidir***; |

**Leasú 132**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 11 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) cúiteamh a dhéanamh ***a mhéid*** agus | (b) ***más féidir, an caillteanas*** |

| | |
|---|---|
| ***is féidir ar chaillteanas acmhainn na hithreach chun éicisheirbhísí líonmhara a sholáthar***. | ***acmhainneachta ithreach a chúiteamh a mhéid is féidir chun seirbhísí éiceachórais iomadúla a chur ar fáil; féadfar*** cúiteamh ***den sórt sin, i gcás inarb infheidhme,*** a dhéanamh ***ar leibhéal comhiomlánaithe nó trasteorann idir Ballstáit má tá na saintréithe céanna ag an gceantar ithreach*** agus ***atá ag ceantar ithreach cóngarach i mBallstát comharsanachta nó i gceantar ithreach trasteorann***. |

**Leasú 133**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 11 –mír 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) bearta a ghlacadh chun cúiteamh cóir a áirithiú d'úinéirí talún i gcás tógáil talún;*** |

**Leasú 134**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 11 –mír 1 – pointe b b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(bb) bearta a chur i bhfeidhm chun tógáil talún a chosc nó a theorannú, lena n-áirítear mapáil ar láithreáin athfhorbraíochta tréigthe agus ar láithreáin thionsclaíocha agus dreasachtaí chun limistéir thréigthe a athbhunú agus a athúsáid le hithreacha séalaithe.*** |

**Leasú 135**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 12 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh na Ballstáit na rioscaí do shláinte an duine agus don chomhshaol a bhaineann le láithreáin a d'fhéadfadh a bheith éillithe agus láithreáin éillithe a bhainistiú, agus ***coimeádfaidh*** siad ***ar*** leibhéil inghlactha ***iad***, agus tionchair chomhshaoil, shóisialta agus eacnamaíocha ***an éillithe ithreach*** agus na mbeart laghdaithe riosca arna ***nglacadh*** de bhun ***Airteagal 15 mír 4*** á gcur san áireamh. | 1. Déanfaidh na Ballstáit na rioscaí do shláinte an duine agus ***do shláinte ainmhithe agus*** don chomhshaol a bhaineann le láithreáin a d'fhéadfadh a bheith éillithe agus láithreáin éillithe a bhainistiú ***agus a laghdú***, agus ***coinneoidh*** siad ***iad ag*** leibhéil inghlactha ***i bhfianaise na húsáide atá beartaithe don ithir***, agus tionchair chomhshaoil, shóisialta agus eacnamaíocha ***éilliú na hithreach*** agus na mbeart laghdaithe riosca arna ***ndéanamh*** de bhun ***Airteagal 15 mír 4*** á gcur san áireamh. |

**Leasú 136**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 12 – mír 4 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Tabharfar deiseanna luatha éifeachtacha don phobal ***lena mbaineann***: | 4. Tabharfar deiseanna luatha éifeachtacha don phobal: |

**Leasú 137**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 12 – mír 4 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) a ***bheith rannpháirteach*** i mbunú agus i gcur i bhfeidhm ***coincréiteach*** an chur chuige rioscabhunaithe a shainmhínítear san Airteagal seo; | (a) ***páirt*** a ***ghlacadh*** i mbunú agus i gcur i bhfeidhm ***nithiúil*** an chur chuige rioscabhunaithe ***mar*** a shainmhínítear san Airteagal seo***, láithreáin a d'fhéadfadh a bheith éillithe a shainaithint i gcomhréir le hAirteagal 13, imscrúdú a dhéanamh ar láithreáin a d'fhéadfadh a bheith éillithe i gcomhréir le hAirteagal 14 agus measúnú agus bainistiú a dhéanamh ar*** |

| | |
|---|---|
| | ***láithreáin éillithe i gcomhréir le hAirteagal 15, i gcás ina mbeidh na roghanna uile fós ar fáil***; |

**Leasú 138**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 12 – mír 4 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) faisnéis a sholáthar atá ábhartha ***maidir le láithreáin a d'fhéadfadh a bheith éillithe a shainaithint i gcomhréir le hAirteagal 13, chun imscrúdú a dhéanamh ar láithreáin a d'fhéadfadh a bheith éillithe i gcomhréir le hAirteagal 14 agus chun láithreáin éillithe a bhainistiú i gcomhréir le hAirteagal 15***; | (b) faisnéis ***agus fianaise*** a sholáthar atá ábhartha ***do na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a) tráth ar bith, amhail bithfhaireachán daonna nó sonraí faireacháin comhshaoil***; |

**Leasú 139**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 12 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Chun críocha mhír 4, áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear an pobal ar an eolas ar bhealach tráthúil, leordhóthanach agus éifeachtach, lena n-áirítear trí fhógraí poiblí agus trí mheáin leictreonacha, faoin bhfaisnéis ábhartha uile.*** |

**Leasú 140**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 12 – mír 4 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4b. Tabharfaidh na Ballstáit aird chuí ar an bhfaisnéis a cuireadh isteach i gcomhréir le mír 4 agus forálacha na Caibidle seo á gcur chun feidhme acu agus maidir leis na tuairisceoirí ithreach le haghaidh éilliú ithreach a liostaítear in Iarscríbhinn I.*** |

**Leasú 141**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 12 – mír 4 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4c. I gcás ina léiríonn an fhianaise truailliú leathan scaipthe ithreach nó nochtadh don substaint nó don mheascán lena mbaineann tríd an ithir, cuirfidh an t-údarás inniúil tús le próiseas bainistithe riosca. I gcás ina léiríonn an fhianaise nach ann d'fhaisnéis maidir leis an riosca do shláinte an duine nó do shláinte ainmhithe nó don chomhshaol a bhaineann le substaint ghuaiseach nó meascán guaiseach atá san ithir, déanfaidh an t-údarás inniúil imscrúdú breise d'fhonn bearta bainistithe riosca a dhéanamh i gcomhréir le prionsabal an réamhchúraim, i gcás inar gá.*** |

**Leasú 142**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 12 – mír 4 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4d. Cuirfidh na Ballstáit an pobal ar an eolas go pras faoi aon chinneadh nó beart a rinneadh de bhun mhír 4 agus mhír 4c agus faoi na cúiseanna agus na breithnithe ar a bhfuil an cinneadh nó an*** |

| | |
|---|---|
| | ***beart bunaithe, lena n-áirítear míniú ar an gcaoi ar cuireadh an fhaisnéis san áireamh.*** |

**Leasú 143**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 13 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh na Ballstáit gach láithreán ***a*** bhfuil amhras ***ina leith go bhfuil*** éilliú ithreach ***ann*** a shainaithint go córasach agus go gníomhach***,*** bunaithe ar fhianaise ***a bailíodh*** trí gach modh ***atá ar fáil*** (‘láithreáin a d’fhéadfadh a bheith éillithe’). | 1. Déanfaidh na Ballstáit gach láithreán ***ina*** bhfuil amhras ***faoi*** éilliú ithreach a shainaithint go córasach agus go gníomhach bunaithe ar fhianaise ***arna bailiú*** trí gach modh ***iomchuí, lena n-áirítear nósanna imeachta ionchuir agus socraithe na saoránach*** (‘láithreáin a d’fhéadfadh a bheith éillithe’). |

**Leasú 144**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 13 – mír 2 – fomhír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(d) oibriú gníomhaíochta dá dtagraítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2004/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[77] ;***<br>__________________<br>***[77] Treoir 2004/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 maidir le dliteanas comhshaoil i ndáil le damáiste comhshaoil a chosc agus a leigheas (IO L 143, 30.4.2004, lch. 56)*** | ***scriosta*** |

**Leasú 145**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 13 – mír 2 – fomhír 1 – pointe f a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fa) aon limistéir a úsáidtear chun uisce óil a astarraingt;*** |

**Leasú 146**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 13 – mír 2 – fomhír 1 – pointe g a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ga) aon ghalar a mheastar a bheith nasctha le nochtadh d'éilliú tríd an ithir;*** |

**Leasú 147**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 13 – mír 2 – fomhír 1 – pointe g b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(gb) aon fhaisnéis arna soláthar ag an bpobal nó ag údaráis na mBallstát.*** |

**Leasú 148**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 14 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh gach láithreán a d'fhéadfadh a bheith éillithe arna shainaithint i gcomhréir le hAirteagal 13 faoi réir imscrúdú ithreach. | 1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh gach láithreán a d'fhéadfadh a bheith éillithe arna shainaithint i gcomhréir le hAirteagal 13 faoi réir imscrúdú ithreach ***de réir ord tosaíochta***. |

**Leasú 149**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 14 – mír 2 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Leagfaidh na Ballstáit síos na rialacha maidir le sprioc-am, ábhar, agus ***foirm*** na n-imscrúduithe ithreach agus ***maidir le tosaíocht a thabhairt dóibh***. Leagfar síos na rialacha sin i gcomhréir leis an gcur chuige rioscabhunaithe dá dtagraítear in Airteagal 12 agus leis an liosta de ghníomhaíochtaí riosca a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le héilliú dá dtagraítear in Airteagal 13(2), an dara fomhír. | Leagfaidh na Ballstáit síos na rialacha maidir le sprioc-am, ábhar, ***foirm*** agus ***tosaíocht*** na n-imscrúduithe ithreach**,** agus ***gnéithe comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha á gcur san áireamh***. Leagfar síos na rialacha sin i gcomhréir leis an gcur chuige rioscabhunaithe dá dtagraítear in Airteagal 12 agus leis an liosta de ghníomhaíochtaí riosca a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le héilliú dá dtagraítear in Airteagal 13(2), an dara fomhír. |

**Leasú 150**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 14 – mír 2 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Tabharfar tosaíocht d'imscrúdú ithreach do láithreáin a d'fhéadfadh a bheith éillithe agus atá suite i limistéir a úsáidtear chun uisce lena thomhailt ag an duine a astarraingt.*** |

**Leasú 151**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 15 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Saineoidh na Ballstáit ***an rud*** is | 2. Saineoidh na Ballstáit ***cad*** is riosca |

| | |
|---|---|
| riosca do-ghlactha do shláinte an duine agus don chomhshaol ***ann de thoradh*** láithreáin éillithe trí eolas eolaíoch atá ann cheana, ***trí phrionsabal*** an réamhchúraim, sainiúlachtaí áitiúla, agus úsáid ***na*** talún faoi láthair agus amach anseo a chur san áireamh. | do-ghlactha ***ann*** do shláinte an duine agus ***do shláinte ainmhithe agus*** don chomhshaol ***a eascraíonn as*** láithreáin éillithe trí eolas eolaíoch atá ann cheana, ***tuairim gairmithe sláinte agus údaráis sláinte, prionsabal*** an réamhchúraim, sainiúlachtaí áitiúla, agus úsáid talún ***atá ann*** faoi láthair agus ***a bheidh ann*** amach anseo a chur san áireamh. |

**Leasú 152**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 15 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. I gcás gach láithreáin éillithe arna sainaithint de bhun Airteagal 14 nó trí aon mhodh eile, déanfaidh an t-údarás inniúil freagrach measúnú a bhainfidh go sonrach leis an láithreán maidir le húsáid na talún faoi láthair agus maidir le húsáid na talún atá beartaithe chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil rioscaí do-ghlactha ag baint leis an láithreán éillithe do shláinte an duine nó don chomhshaol. | 3. I gcás gach láithreáin éillithe arna sainaithint de bhun Airteagal 14 nó trí aon mhodh eile, déanfaidh an t-údarás inniúil freagrach measúnú a bhainfidh go sonrach leis an láithreán maidir le húsáid na talún faoi láthair agus maidir le húsáid na talún atá beartaithe chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil rioscaí do-ghlactha ag baint leis an láithreán éillithe do shláinte an duine ***agus do shláinte ainmhithe*** nó don chomhshaol. |

**Leasú 153**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 15 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh na Ballstáit a mheas gur leor measúnuithe a cuireadh chun feidhme i gcomhréir le Treoir 2010/75/AE, 2011/92/AE nó 2012/18/AE.*** |

**Leasú 154**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 15 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Ar bhonn thoradh an mheasúnaithe dá dtagraítear i ***mír 3, déanfaidh*** an t-údarás inniúil freagrach na bearta ***is*** iomchuí chun ***go mbeidh*** na rioscaí ***ar*** leibhéal inghlactha do shláinte an duine agus don chomhshaol ('bearta laghdaithe riosca'). | 4. Ar bhonn thoradh an mheasúnaithe dá dtagraítear i ***mír 3, áiritheoidh*** an t-údarás inniúil freagrach ***go ndéanfar*** na bearta iomchuí chun na rioscaí ***a thabhairt go*** leibhéal inghlactha do shláinte an duine agus don chomhshaol ('bearta laghdaithe riosca'). |

**Leasú 155**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 15 – mír 5 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Féadfaidh*** na bearta dá dtagraítear in Iarscríbhinn V ***a bheith sna bearta laghdaithe riosca sin***. Agus cinneadh á dhéanamh ag an údarás inniúil maidir leis na bearta laghdaithe riosca is iomchuí, cuirfidh sé costais, tairbhí, éifeachtacht, marthanacht agus indéantacht theicniúil na mbeart laghdaithe riosca atá ar fáil san áireamh. | ***Beidh*** na bearta ***laghdaithe riosca bunaithe ar na bearta*** dá dtagraítear in Iarscríbhinn V. Agus cinneadh á dhéanamh ag an údarás inniúil maidir leis na bearta laghdaithe riosca is iomchuí, cuirfidh sé costais, tairbhí, éifeachtacht, marthanacht agus indéantacht theicniúil na mbeart laghdaithe riosca atá ar fáil ***sa ghearrthéarma agus*** san ***fhadtéarma san*** áireamh. ***Díreoidh na Ballstáit i gcónaí ar chosc agus ar dhí-éilliú ithreach.*** |

**Leasú 156**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 15 – mír 5 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Na bearta laghdaithe riosca a dhéanann difear do dhobharlaigh máguaird a úsáidtear chun uisce atá ceaptha do*** |

***thomhaltas an duine a astarraingt, comhlíonfaidh siad na caighdeáin riosca inghlactha a leagtar amach i dTreoir (AE) 2020/2184.***

**Leasú 157**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 15 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5a. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 20 chun an Treoir seo a fhorlíonadh trí uasluachanna inghlactha a bhunú i ndáil leis an sainmhíniú ar riosca do-ghlactha don tsláinte agus don chomhshaol mar thoradh ar láithreáin éillithe dá dtagraítear i mír 2.*** |

**Leasú 158**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 16 – mír 4 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Poibleoidh*** na Ballstáit an clár agus an fhaisnéis dá dtagraítear i ***míreanna 1 agus 2***. Féadfaidh an t-údarás inniúil diúltú do nochtadh aon fhaisnéise nó srian a chur léi i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 4 de Threoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[78]. | ***Déanfaidh*** na Ballstáit an clár agus an fhaisnéis dá dtagraítear i ***mír 1 agus i mír 2 a chur ar fáil don phobal, saor in aisce, ar bhealach soláimhsithe don úsáideoir***. Féadfaidh an t-údarás inniúil diúltú do nochtadh aon fhaisnéise nó srian a chur léi i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 4 de Threoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[78]. ***Cuirfear an clár ar fáil i mbunachar sonraí spásúlachta geo-thagartha ar líne.*** |
| [78] Treoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na | [78] Treoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na |

hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2003 maidir le rochtain phoiblí ar fhaisnéis chomhshaoil agus lena n-aisghairtear Treoir 90/313/CEE ón gComhairle (***IO L 41, 14.2.2003, lch. 26).***

hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2003 maidir le rochtain phoiblí ar fhaisnéis chomhshaoil agus lena n-aisghairtear Treoir 90/313/CEE ón gComhairle (***IO L 41, 14.2.2003, lch. 26).***

**Leasú 159**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 16 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. ***Glacfaidh*** an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena mbunófar formáid an chláir. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 21. | 5. ***Déanfaidh*** an Coimisiún ***faoin... [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 1 bhliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo]*** gníomhartha cur chun feidhme ***a ghlacadh*** lena mbunófar formáid an chláir. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 21. |

**Leasú 160**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 17 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Maoiniú ón Aontas | Maoiniú ón Aontas ***agus ó na Ballstáit*** |

**Leasú 161**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 17 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I bhfianaise na tosaíochta a ***ghabhann ó nádúr*** le faireachán ithreach agus bainistiú | I bhfianaise na tosaíochta a ***bhaineann go bunúsach*** le ***bunú*** faireachán ithreach |

| | |
|---|---|
| inbhuanaithe ***ithreach*** agus ***le hathghiniúint ithreach a bhunú, tacófar le cur*** chun feidhme ***na Treorach seo ó chláir airgeadais an Aontais atá ann cheana i gcomhréir leis na rialacha agus na coinníollacha is infheidhme sna cláir sin***. | agus bainistiú inbhuanaithe agus ***athghiniúint ithreacha, faoin... [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo], cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina ndéanfar meastóireacht ar na hacmhainní airgeadais atá ar fáil ar leibhéal an Aontais*** chun ***an Treoir seo a chur chun*** feidhme. |

**Leasú 162**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 17 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar aon bhearna idir an cistiúchán agus na riachtanais chistiúcháin atá ar fáil ón Aontas chun tacú leis na Ballstáit agus an Treoir seo á cur chun feidhme acu, agus aird ar leith á tabhairt ar riachtanais faireacháin comhshaoil, lena n-áirítear ithir LUCAS.*** |

**Leasú 163**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 17 – mír 1 – fomhír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuirfear acmhainní airgeadais breise i bhfeidhm don tréimhse tar éis 2027 chun bainistiú inbhuanaithe ithreacha, a n-athghiniúint bhuan agus a ngníomhaíochtaí faireacháin a chur chun cinn.*** |

**Leasú 164**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 17 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Agus an Treoir seo á cur chun feidhme, bainfidh na Ballstáit úsáid as acmhainní airgeadais ó fhoinsí iomchuí, lena n-áirítear cistí an Aontais, cistí náisiúnta, cistí réigiúnacha agus cistí áitiúla, chun gníomhaíochtaí a mhaoiniú a dhíríonn ar chosaint ithreach, ar bhainistiú inbhuanaithe agus ar athghiniúint.*** |

**Leasú 165**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 17 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1b. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chumas na mBallstát cistí an Aontais a bhaineann le cosaint ithreach, bainistiú inbhuanaithe agus athghiniúint a ionsú. Cuirfidh an Coimisiún oiliúint agus tacaíocht theicniúil ar fáil chun acmhainneacht ionsúcháin na mBallstát a mhéadú.*** |

**Leasú 166**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 17 – mír 1 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1c. Déanfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún, i gcomhar leis an mBanc Eorpach Infheistíochta, úsáid sásraí nuálacha maoinithe a fheabhsú agus a*** |

***éascú agus slógadh caipitil phríobháidigh a chur chun cinn le haghaidh na ngníomhaíochtaí is gá chun cuspóirí na Treorach seo a bhaint amach.***

**Leasú 167**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 17 – mír 1 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1d. Urramóidh na Ballstáit agus an Coimisiún an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 le haghaidh chur chun feidhme na Treorach seo.*** |

**Leasú 168**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 18 – mír 1 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh na Ballstáit na sonraí agus an fhaisnéis seo a leanas a thuairisciú go leictreonach don Choimisiún agus ***don*** EEA gach ***5 bliana***: | Déanfaidh na Ballstáit na sonraí agus an fhaisnéis seo a leanas a thuairisciú go leictreonach don Choimisiún agus ***do*** EEA gach ***6 bliana ar a laghad***: |

**Leasú 169**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 18 – mír 1 – fomhír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) anailís treochta ar shláinte ***ithreach le haghaidh na dtuairisceoirí*** a liostaítear i gcodanna A, B**,** agus C d'***Iarscríbhinn I*** agus le haghaidh ***táscairí tógála*** talún agus | (b) ***na sonraí tacaíochta, na meiteashonraí agus*** anailís treochta ar shláinte ***na hithreach do na tuairisceoirí*** a liostaítear i gcodanna A, B agus C |

| | |
|---|---|
| ***séalaithe*** ithreach a liostaítear i ***gcuid D*** d'***Iarscríbhinn I*** i gcomhréir le ***hAirteagal 9***; | d'***Iarscríbhinn I, de réir an leibhéil a roghnaíodh le haghaidh dearadh faireacháin ithreach*** agus le haghaidh ***na dtáscairí maidir le tógáil*** talún agus ***séalú*** ithreach a liostaítear i ***gcuid*** D ***d'Iarscríbhinn*** I ***i*** gcomhréir le ***hAirteagal 9, lena n-áirítear na tuairisceoirí leathnaithe arna gcur in iúl ag Ballstáit aonair***; |

**Leasú 171**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 18 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cuirfear na chéad tuarascálacha isteach faoin … (Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = ***5*** bliana ***agus 6 mhí*** tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach). | Cuirfear na chéad tuarascálacha isteach faoin … (Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = ***6*** bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach). |

**Leasú 172**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 18 – mír 3 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) liosta cothrom le dáta agus sonraí spásúla dá gceantair ithreach dá dtagraítear in Airteagal 4 faoin... (Oifig na bhFoiseacháin: cuir isteach an dáta = ***2 bhliain agus 3*** mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach); | (a) liosta cothrom le dáta agus sonraí spásúla dá gceantair ithreach dá dtagraítear in Airteagal 4 faoin... (Oifig na bhFoiseacháin: cuir isteach an dáta = ***12*** mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach) ***agus, i gcás ina mbeidh fáil orthu, a bpleananna ceantair ithreach faoi seach***; |

**Leasú 173**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 18 – mír 3 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) liosta cothrom le dáta de na húdaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 5 faoin... (Oifig na bhFoiseacháin: cuir isteach an dáta = ***2 bhliain agus 3*** mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach); | (b) liosta cothrom le dáta de na húdaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 5 faoin... (Oifig na bhFoiseacháin: cuir isteach an dáta = ***12*** mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach); |

**Leasú 174**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 18 – mír 3 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) tomhais na dtuairisceoirí ithreach ar leibhéal an phointe samplála.*** |

**Leasú 175**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 19 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ***Poibleoidh*** na Ballstáit na sonraí ***arna nginiúint ag*** an bhfaireachán ***a rinneadh*** faoi ***Airteagal 8*** agus ***cuirfidh siad an measúnú a rinneadh*** faoi ***Airteagal 9*** den Treoir seo ar fáil don phobal, i gcomhréir leis na forálacha faoi ***Airteagal 11 de Threoir 2007/2/CE*** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[79] i gcás sonraí atá sainráite ó thaobh na geografaíochta de agus faoi Airteagal 5 de Threoir (AE) 2019/1024 i gcás sonraí eile. | 1. ***Cuirfidh*** na Ballstáit na sonraí ***a ghintear leis*** an bhfaireachán ***arna dhéanamh*** faoi ***Airteagal 8*** agus faoi ***na measúnuithe arna ndéanamh faoi Airteagal 9 agus Airteagal 10(3)*** den Treoir seo ar fáil don phobal, i gcomhréir leis na forálacha faoi ***Airteagal 11 de Threoir 2007/2/CE*** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[79] i gcás sonraí atá sainráite ó thaobh na geografaíochta de agus faoi Airteagal 5 de Threoir (AE) 2019/1024 i gcás sonraí eile. |
| [79] Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2007 lena mbunaítear Bonneagar | [79] Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2007 lena mbunaítear Bonneagar |

d'Fhaisnéis Spásúil sa Chomhphobal Eorpach (INSPIRE) (IO L 108, 25.4.2007, lch. 1).

d'Fhaisnéis Spásúil sa Chomhphobal Eorpach (INSPIRE) (IO L 108, 25.4.2007, lch. 1).

**Leasú 231**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 19 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiúsn* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh fáil ag an bpobal ar na sonraí maidir le sláinte ithreach arna gcur ar fáil tríd an tairseach dhigiteach sonraí maidir le sláinte ithreach dá dtagraítear in Airteagal 6 i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[81] agus Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[82] . | 2. Áiritheoidh an Coimisiún nach mbeidh fáil ag an bpobal ar na sonraí ***ábhartha*** maidir le sláinte ithreach arna gcur ar fáil tríd an tairseach sonraí dhigiteach um shláinte ithreach dá dtagraítear in Airteagal 6 ***ach amháin le cead sainráite ón úinéir talún agus ón mbainisteoir talún,*** i bhfoirm chomhiomlánaithe agus anaithnid i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[81] agus Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[82] . |
| ______________ | ______________ |
| [81] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht | [81] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht |

| | |
|---|---|
| sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39). | sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39). |
| [82] Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Meán Fómhair 2006 maidir le forálacha Choinbhinsiún Aarhus maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil a chur i bhfeidhm ar institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail (IO L 264, 25.9.2006, lch. 13). | [82] Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Meán Fómhair 2006 maidir le forálacha Choinbhinsiún Aarhus maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil a chur i bhfeidhm ar institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail (IO L 264, 25.9.2006, lch. 13). |

**Leasú 232**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 19 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiúsn* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 18 den Treoir seo ar fáil agus inrochtana don phobal i gcomhréir le Treoir 2003/4/CE, Treoir 2007/2/CE agus Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[83] . | 3. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh an fhaisnéis ***ábhartha*** dá dtagraítear in Airteagal 18 den Treoir seo ar fáil agus inrochtana don phobal ***ach amháin le cead sainráite ón úinéir talún agus ón mbainisteoir talún, i bhfoirm chomhiomlánaithe agus anaithnid,*** i gcomhréir le Treoir 2003/4/CE, Treoir 2007/2/CE agus Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[83] . |

[83] Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid (IO L 172, 26.6.2019, lch. 56).

[83] Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid (IO L 172, 26.6.2019, lch. 56).

**Leasú 176**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 19 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Glacfaidh na Ballstáit bearta chun a áirithiú go ndéanfar faisnéis a bhaineann leis an ithir a bhailítear trí chur chun feidhme na Treorach seo a chur ar fáil do cheannaitheoir ionchasach nó do thionónta féideartha na dáileachta talún ábhartha.*** |

**Leasú 177**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 20 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in ***Airteagail 8, 10, 15 agus 16 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo.*** | 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in ***Airteagail 8, 9 agus 15 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo.*** |

**Leasú 178**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 20 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle an tarmligean cumhachtaí dá dtagraítear in ***Airteagail 8, 10, 15 agus 16 a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, nó ar dháta is déanaí a shonrófar ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.*** | 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle an tarmligean cumhachtaí dá dtagraítear in ***Airteagail 8, 9 agus 15 a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, nó ar dháta is déanaí a shonrófar ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.*** |

**Leasú 179**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 20 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun ***Airteagail 8, 10, 15 agus 16 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go gcuirfidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfear síneadh 2 mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh ó Pharlaimint na hEorpa nó ón gComhairle.*** | 6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun ***Airteagail 8, 9 agus 15 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go gcuirfidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfear síneadh 2 mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh ó Pharlaimint na hEorpa nó ón gComhairle.*** |

**Leasú 180**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 22 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cinnfidh na Ballstáit ***an rud*** is leas leordhóthanach ann agus ***an rud is sárú leordhóthanach*** ar cheart ***ann, go comhsheasmhach*** leis an gcuspóir rochtain leathan ar cheartas a sholáthar don phobal. ***Chun críocha mhír 1, aon eagraíocht neamhrialtasach a chuireann cosaint an chomhshaoil chun cinn agus a chomhlíonann aon cheanglas*** faoin ***dlí náisiúnta, measfar go bhfuil cearta aici ar féidir iad a shárú agus measfar go bhfuil a leas leordhóthanach***. | Cinnfidh na Ballstáit ***cad*** is leas leordhóthanach ann agus ***cad is lagú ann*** ar cheart***, i gcomhréir*** leis an gcuspóir rochtain leathan ar cheartas a sholáthar don phobal ***i gcomhréir le hAirteagal 9 de Choinbhinsiún Aarhus***. ***Ní bheidh aitheantas seasaimh coinníollach ar ról a bheith ag an duine den phobal lena mbaineann le linn céim rannpháirtíochta de na nósanna imeachta cinnteoireachta*** faoin ***Treoir seo***. |

**Leasú 234**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiúsn* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Airteagal 23*** | ***scriosta*** |
| ***Pionóis*** | |
| ***1. Gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát faoi Threoir 2008/99/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ag daoine nádúrtha agus dlítheanacha ar fhorálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo a leagan síos, agus áiritheoidh siad go gcuirfear na rialacha sin chun feidhme. Beidh na pionóis dá ndéantar foráil*** | |

***éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.***

***2. Áireofar sna pionóis dá dtagraítear i mír 1 fíneálacha atá comhréireach le láimhdeachas an duine dhlítheanaigh nó le hioncam an duine nádúrtha a rinne an sárú. Déanfar leibhéal na bhfíneálacha a ríomh ar bhealach lena n-áiritheofar go mbainfear go héifeachtach na tairbhí eacnamaíocha a eascraíonn as an sárú sin den duine atá freagrach as an sárú sin. I gcás sárú arna dhéanamh ag duine dlítheanach, beidh na fíneálacha sin comhréireach le láimhdeachas bliantúil an duine dhlítheanaigh sa Bhallstát lena mbaineann, agus aird á tabhairt, inter alia, ar shainiúlachtaí fiontar beag agus meánmhéide (FBManna).***

***3. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar aird chuí ar na nithe seo a leanas sna pionóis a bhunófar de bhun an Airteagail seo, de réir mar is infheidhme:***

***(a) cineál, tromchúis agus méid an tsáraithe;***

***(b) cineál an tsáraithe, is é sin an ndearnadh d'aon ghnó nó le faillí é;***

***(c) an daonra nó an comhshaol dá ndéanann an sárú difear, agus aird á tabhairt ar thionchar an tsáraithe ar an gcuspóir atá ann chun ardleibhéal***

***cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol a bhaint amach.***

***4. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún, gan moill mhíchuí, faoi na rialacha agus na bearta dá dtagraítear i mír 1 agus faoi aon leasú ina dhiaidh a dhéanfaidh difear dóibh.***

**Leasú 186**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 24 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Faoin ***[Oifig*** na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = ***6 bliana*** tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach ***seo]***, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Treoir seo chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo a cuspóirí agus ar an ngá lena forálacha a leasú chun ceanglais ***níos sonraí a shocrú*** chun a ***áirithiú go ndéanfar ithreacha míshláintiúla a athghiniúint agus go mbeidh gach ithir*** sláintiúil faoi 2050. Cuirfear san áireamh, inter alia, sa mheastóireacht sin na heilimintí seo a leanas: | 1. Faoin ***(Oifig*** na bhFoilseachán :cuir isteach an dáta = ***6 bliana*** tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach***)***, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Treoir seo chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo a cuspóirí agus ar an ngá ***atá*** lena forálacha a leasú chun ***na*** ceanglais ***a leagtar síos sa Treoir seo a oiriúnú*** chun ***dul chun cinn leanúnach i dtreo gach ithreach*** a ***bheith*** sláintiúil faoi 2050. Cuirfear san áireamh, inter alia, sa mheastóireacht sin na heilimintí seo a leanas: |

**Leasú 187**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 24 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) sonraí ábhartha eolaíocha agus anailíseacha, lena n-áirítear torthaí ó thionscadail taighde arna gcistiú ag an | (c) sonraí ábhartha eolaíocha agus anailíseacha, lena n-áirítear torthaí ó thionscadail taighde arna gcistiú ag an |

| | |
|---|---|
| Aontas; | Aontas ***agus ag na Ballstáit***; |

**Leasú 188**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 24 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) anailís ar an mbearna ***i dtreo*** ithreacha sláintiúla a bhaint amach faoi 2050; | (d) anailís ar an mbearna ***agus na bearta is gá chun*** ithreacha sláintiúla a bhaint amach faoi 2050; |

**Leasú 189**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 24 – mír 1 – pointe e – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) critéir a bhaineann leis na tuairisceoirí ithreach a liostaítear ***i gcuid C d'***Iarscríbhinn I a bhunú; | (ii) critéir a bhaineann leis na tuairisceoirí ithreach a liostaítear ***in*** Iarscríbhinn I a bhunú; |

**Leasú 190**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 24 – mír 1 – pointe e – pointe iii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) tuairisceoirí nua ***ithreach*** a chur isteach chun ***críoch*** faireacháin**.** | (iii) tuairisceoirí ***ithreach*** nua a chur isteach chun ***críocha*** faireacháin ***nó chun tuairisceoirí ithreach agus critéir atá ann cheana in Iarscríbhinn I a choigeartú;*** |

**Leasú 191**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 24 – mír 1 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) anailís ar na dearaí faireacháin dá bhforáiltear agus na luachanna tairsí arna socrú ag na Ballstáit faoin Treoir seo;*** |

**Leasú 192**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 24 – mír 1 – pointe e b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(eb) tionchar socheacnamaíoch na Treorach seo.*** |

**Leasú 193**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 24 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Déanfaidh*** an Coimisiún tuarascáil ***maidir le príomhthorthaí*** na meastóireachta dá dtagraítear i ***mír 1 a chur*** faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, agus Choiste na Réigiún. | 2. ***Cuirfidh*** an Coimisiún tuarascáil ***ar phríomhthorthaí*** na meastóireachta dá dtagraítear i ***mír 1*** faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, agus Choiste na Réigiún***, agus, i gcás inarb iomchuí, beidh togra reachtach ag gabháil léi***. |

**Leasú 194**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 24 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Ón ... [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = ocht mbliana ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin, tuairisceoidh an Coimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le cur chun feidhme na Treorach seo lena n-áirítear na bearta is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh arna ndéanamh ag na Ballstáit. Áireofar sa tuarascáil measúnú foriomlán ar an dul chun cinn atá déanta i dtreo ithreacha sláintiúla a bhaint amach.*** |

**Leasú 195**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 24 – mír 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2b. Faoin ... [OP: cuir isteach an dáta = 6 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach], déanfaidh an Coimisiún measúnú, mar chuid den mheasúnú dá dtagraítear i mír 1, ar an bhfaisnéis arna bailiú sna Ballstáit maidir le tarlú, scaipeadh agus luachanna éilleán ithreach, d'fhonn liosta substaintí tosaíochta a bhunú, agus ina dhiaidh sin liosta faire d'éilleáin ithreach, i gcás inarb iomchuí.*** |

**Leasú 196**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 24 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 24a*** |
| | ***Fóram Fhaireachlann Ithreach an*** |

| |
|---|
| ***Cuid A: tuairisceoirí ithreach lena ngabhann critéir maidir le riocht sláintiúil ithreach arna mbunú ar leibhéal an Aontais*** |

| | |
|---|---|
| | ***Aontais Eorpaigh (EUSO)*** |
| | ***Déanfaidh an Coimisiún, trí Fhóram EUSO, an comhar a éascú go tráthrialta idir geallsealbhóirí, lena n-áirítear údaráis inniúla na mBallstát ar gach leibhéal ábhartha, an tionscal, an sochaí shibhialta agus pobal na heolaíochta. Éascóidh Fóram EUSO cur chun feidhme comhordaithe dhlí agus bheartais an Aontais a bhaineann le faireachán ar shláinte ithreach agus sláinte ithreach a fheabhsú, inter alia trí thaithí agus dea-chleachtais a mhalartú, lena n-áirítear maidir le bainistiú inbhuanaithe ithreach agus cleachtais athghiniúna, chomh maith le malartú taithí maidir le cleachtais bainistithe ithreach atá le seachaint.*** |

**Leasú 197**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn I – Teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| TUAIRISCEOIRÍ ITHREACH, CRITÉIR ***LE hAGHAIDH RIOCHT SLÁINTIÚIL*** ITHREACH, AGUS TÁSCAIRÍ TÓGÁLA TALÚN AGUS SÉALAITHE ITHREACH | TUAIRISCEOIRÍ ITHREACH, CRITÉIR ***AGUS MODHANNA CHUN STÁDAS ÉICEOLAÍOCH*** ITHREACH ***A CHINNEADH***, AGUS TÁSCAIRÍ TÓGÁLA TALÚN AGUS SÉALAITHE ITHREACH |

**Leasú 198**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn I – tábla– Cuid A**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| | | | |
|---|---|---|---|
| ***Salannú*** | ***Seoltacht Leictreach (deici-Shímin in aghaidh an mhéadair)*** | ***< 4 dS $m^{-1}$ le linn do mhodh tomhais maidir le heastóscadh taois in ithir sháithithe (eEC) a úsáid, nó critéar coibhéiseach má tá modh tomhais eile in úsáid*** | ***Limistéir thalún atá salanda go nádúrtha; Limistéir thalún a ndéanann ardú ar leibhéal na farraige difear díreach dóibh*** |
| ***Creimeadh ithreach*** | ***Ráta creimthe ithreach (tonaí in aghaidh an heicteáir in aghaidh na bliana)*** | ***≤ 2 t $ha^{-1}$ $y^{-1}$*** | ***Drochthailte agus limistéir eile thalún nádúrtha neamhbhainistithe, ach amháin má tá riosca suntasach tubaiste ag baint leo*** |
| ***Caillteanas carbóin orgánaigh ithreach*** | ***Tiúchan carbóin orgánaigh ithreach (SOC) (g in aghaidh an kg)*** | ***- I gcás ithreacha orgánacha:*** na spriocanna a leagtar síos maidir le hithreacha den sórt sin ar an leibhéal náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 4.1, 4.2, 9.4 de Rialachán (AE) …/…+ a urramú | ***Eisiamh ar bith*** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | ***- I gcás ithreacha mianracha: Cóimheas SOC/cré > 1/13; Féadfaidh na Ballstáit fachtóir ceartaitheach a chur i bhfeidhm i gcás ina dtugann cineálacha sonracha ithreach nó dálaí aeráide údar leis, agus an cion iarbhír SOC i bhféarthailte buana á chur san áireamh.*** | ***Ithreacha neamhbhainistithe i limistéir thalún nádúrtha*** |

<table>
<tr>
<td>Balcadh fo-ithreach</td>
<td>Dlús toirte i bhfo-ithir (an chuid uachtarach de sainchiseal ithreach B nó E[1]); Féadfaidh na Ballstáit paraiméadar coibhéiseach (g in aghaidh an cm³) a chur in ionad an tuairisceora seo</td>
<td>
<table>
<tr><td>Uigeacht ithreach[2]</td><td>raon</td></tr>
<tr><td>gaineamh, gaineamh dúrabhánach, dúrabhán gainmheach, dúrabhán</td><td><1.80</td></tr>
<tr><td>Dúrabhán gainmheach créúil, dúrabhán, dúrabhán créúil, siolta, dúrabhán siolta</td><td><1.75</td></tr>
<tr><td>dúrabhán siolta, dúrabhán créúil siolta</td><td><1.65</td></tr>
<tr><td>Cré ghainmheach, cré shiolta, dúrabhán créúil ina bhfuil 35-45 % de chré</td><td><1.58</td></tr>
<tr><td>Cré</td><td><1.47</td></tr>
</table>
I gcás ina gcuireann Ballstát paraiméadar coibhéiseach in ionad an tuairisceora ithreach ‘dlús toirte i bhfo-ithir’, glacfaidh sé critéar maidir le riocht sláintiúil ithreach don tuairisceoir ithreach roghnaithe a bheidh coibhéiseach leis an gcritéar
</td>
<td>Ithreacha neamhbhainistithe i limistéir thalún nádúrtha</td>
</tr>
</table>

2 Mar a shainítear in Arshad, M.A., B. Lowery, agus B. Grossman. 1996. *Physical tests for monitoring soil quality*. lch. 123-142. In: J.W. Doran agus A.J. Jones (eds.) *Methods for assessing soil quality.* Soil Sci. Soc. Am. Spec. Publ. 49. SSSA, Madison, WI.

*Leasú*

---

[+] ***Oifig na bhFoilseachán : cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin maidir le hathbhunú an dúlra atá i ndoiciméad COM (2022) 304***

[1] ***Mar a shainítear i dTreoirlínte FAO maidir le Tuairisciú ar Ithreach, Caibidil 5 ([https://www.fao.org/3/a0541e/a0541e.pdf](https://www.fao.org/3/a0541e/a0541e.pdf) )***

[2] ***Mar a shainítear in Arshad, M.A., B. Lowery, agus B. Grossman. 1996. Physical tests for monitoring soil quality. lch.123-142. In: J.W. Doran agus A.J. Jones (eds.) Methods for assessing soil quality. Soil Sci. Soc. Am. Spec. Publ. 49. SSSA, Madison, WI.***

***Cuid A: Leibhéal 1 dearadh faireacháin ithreach***

***Tá Ballstát incháilithe le haghaidh Leibhéal 1 dearadh faireacháin ithreach má chomhlíonann sé na critéir uile a shainítear i gcolún 2 agus má áirítear leis gach tuairisceoir ithreach.***

***Dearadh samplála***

| ***Modheolaíocht tagartha*** | ***Critéir le comhlíonadh*** | ***Eisceachtaí*** | ***Nótaí*** |
|---|---|---|---|
| ***Déanfar an suirbhé samplach a dhearadh ó fhráma samplach iomlán ina mbeidh an fhaisnéis is fearr dá bhfuil ar fáil maidir le dáileadh airíonna ithreach, lena n-áirítear faisnéis a eascraíonn as tomhais náisiúnta a rinneadh roimhe sin agus tomhais faoi chlár LUCAS, ach gan a bheith teoranta don fhaisnéis sin.***<br><br>***Sampláil randamach shrathaithe a bheidh sa scéim samplála.*** | ***(a) Sampláil randamach shrathaithe bunaithe ar chineál talún; Féadfaidh dálaí aeráide, cineál ithreach, cineál talún, agus réigiúin riaracháin de réir Airteagal 4 a bheith san áireamh sna srathóirí***<br><br>***(b) Beidh an meastachán ar líon na samplaí i gcomhréir le húsáid algartam Bethel agus cuntas á thabhairt ar an uasearráid mheastacháin is gá.***<br><br>***(c) Cead a thabhairt*** | ***I gcás ina bhfuil dearadh samplála ar leibhéal an Bhallstáit a chomhlíonann na critéir a bunaíodh le haghaidh Leibhéal 1, is féidir an mhodheolaíocht tagartha a oiriúnú nó cineálacha cur chuige deartha eile a mholadh don Choimisiún ar choinníoll go soláthraíonn an dearadh a cuireadh*** | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| *Le méid an tsampla náisiúnta comhlíonfar an ceanglas maidir le huasearráid chéatadánach (nó Comhéifeacht na hInathraitheachta) de 5 % chun meastachán a dhéanamh ar an limistéar ina bhfuil ithreacha sláintiúla.*<br><br>*Cuirfidh sampla an Choimisiúin don suirbhé a shocraítear faoi Airteagal 6(4) le 20 % ar a laghad de mhéid na samplaí náisiúnta.*<br><br>*Cinnfear leithdháileadh agus méid an tsampla trí algartam Bethel (Bethel, 1989) a chur i bhfeidhm agus cuntas á thabhairt ar an uasearráid meastacháin is gá.* | *céatadán (suas le 20 % agus 10 % ar a laghad) de na láithreacha samplála a thiomnú do shampláil spriocdhírithe a bhaineann le himscrúduithe nó le measúnú riosca.* | *chun feidhme cumhdach leordhóthanach don Bhallstát i gcomhréir leis an modheolaíocht tagartha (lena n-áirítear samplaí náisiúnta agus LUCAS). Agus an mhodheolaíocht tagartha á hoiriúnú, ní mór do na Ballstáit dearadh in situ CE a chomhlíonadh i gcónaí.* | |
| *Fachtóirí díghrádúcháin* | | | |
| *Fachtóir díghrádúcháin* | *Tuairisceoir ithreach* | *Eisceachtaí* | *Nótaí* |
| *Creimeadh ithreach* | • *Ráta creimthe ithreach (tonaí caillteanais ithreach in aghaidh an heicteáir in aghaidh na bliana (t $ha^{-1}$ $yr^{-1}$))* | - | |
| *Caillteanas carbóin orgánaigh ithreach* | • *Tiúchan Carbóin Orgánach ithreach (SOC) (g de charbón in aghaidh an kg (g $kg^{-1}$))* | - | *Le déanamh le haghaidh barrithir (0-10 cm, 10-* |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | *30 cm)* |
| *Balcadh ithreach* | • *Dlús toirte i mbarrithir (g $cm^{-3}$)* | *-* | *Le déanamh le haghaidh barrithir (0-10 cm, 10-30 cm (roghnach))* |
| *Cion cothaitheach iomarcach san ithir* | • *Fosfar atá ar fáil (mg $kg^{-1}$)*<br>• *Nítrigin iomlán san ithir (mg $g^{-1}$)* | *-* | *Le déanamh le haghaidh barrithir (0-10 cm, 10-30 cm)* |
| *Éilliú ithreach* | • *Tiúchan trom-mhiotal san ithir: As, Sb, Cd, Co, Cr (iomlán), Cr (VI), Cu, Hg, Pb, Ni, Tl, V, Zn (µg in aghaidh an kg)*<br>• *Tiúchan de rogha éilleán orgánach arna bhunú ag na Ballstáit agus éilleáin a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2019/1021 agus teorainneacha tiúchana atá ann cheana á gcur san áireamh e.g. le haghaidh cáilíocht uisce agus astaíochtaí aeir i reachtaíocht an Aontais, go háirithe substaintí tosaíochta faoin gCreat-Treoir Uisce agus Treoracha gaolmhara maidir le Caighdeáin Cháilíochta Comhshaoil (Treoir 2008/105/CE) agus na* | *-* | *Le déanamh le haghaidh barrithir (0-10 cm, 10-30 cm (roghnach))* |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | *Treoracha Screamhuisce (Treoir 2006/118/CE)*<br>• ***Substaintí táirgí cosanta plandaí lena n-ionadú agus substaintí atá údaraithe faoi chóras éigeandála, agus iarmhair bhithicídí***<br>• ***Substaintí sárfhluarailcile agus pholafluarailcile (PFAS) iomlán nó suim iomlán PFASanna*** | | |
| ***Coinneáil uisce a laghdú*** | • ***Acmhainn coinneála uisce ithreach atá ag an sampla ithreach (% den toirt uisce)***<br>• ***Toirt na hithreach sáithithe*** | ***-*** | ***Le déanamh le haghaidh barrithir (0-10 cm, 10-30 cm (roghnach))*** |
| ***Aigéadú*** | • ***Aigéadacht ithreach (pH $H_2O$)*** | ***-*** | ***Le déanamh le haghaidh barrithir (0-10 cm, 10-30 cm (roghnach))*** |
| ***Feidhmeanna éiceolaíocha ithreach*** | | | |
| ***Feidhm éiceolaíoch*** | ***Tuairisceoir ithreach*** | ***Eisceachtaí*** | ***Nótaí*** |
| ***Comhiomlánú ithreach*** | • ***Comhiomláin tábla uisce (%)*** | ***-*** | ***Le déanamh le haghaidh barrithir (0-10 cm, 10-30 cm*** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | *(roghnach))* |
| *Riospráid ithreach* | • *Bonnriospráid mhiocróbach ithreach ( (µl $O_2$ $h^{-1}$ $g^{-1}$ meáchan tirim ithreach)* | - | *Le déanamh le haghaidh barrithir (0-10 cm, 10-30 cm (roghnach))* |
| *Bithmhais ithreach* | • *Bithmhais mhiocróbach ithreach carbóin (Cmic µg C $g^{-1}$ soil dry weight)* | - | *Le déanamh le haghaidh barrithir (0-10 cm, 10-30 cm (roghnach))* |
| *Bithéagsúlacht ithreach* | | | |
| *Gné na bithéagsúlachta ithreach* | *Tuairisceoir ithreach* | *Eisceachtaí* | *Nótaí* |
| *Éagsúlacht thacsanomaíoch* | • *Éagsúlacht na n-orgánach ithreach trí (déantar an áit a chomhaireamh in aghaidh an ghrúpa tacsanomaíoch) bunaithe ar mheiteabarchódú atá dírithe ar réigiúin ghéinte rRNA 16S agus 18S agus ag úsáid réigiún spásairí tras-scríofa inmheánach (ITS) go háirithe le haghaidh Fungi (sa* | - | *Le déanamh le haghaidh barrithir (0-10 cm, 10-30 cm (roghnach))* |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | *bhreis air sin, is féidir marcóirí eile amhail COI le haghaidh fána ithreach a mheas)* | | |
| *Flúirse pobal* | • *Flúirse iomlán baictéir agus aircéabaictéar (ag baint úsáid as cóipeanna réigiúin géine 16S rRNA)*<br>• *Flúirse iomlán fungas (ag baint úsáid as cóipeanna réigiúin géine 18S rRNA)*<br>• *Líon iomlán agus cion iomlán na bhfungas pataigineach*<br>• *Flúirse iomlán néimeatóide in aghaidh an fheidhmghrúpa bunaithe ar mhoirfeolaíocht (baictéarbheathóirí, fungasbheathóirí, fréamhbheathóirí, uiliteoirí, creachadóirí)* | *-* | *Le déanamh le haghaidh barrithir (0-10 cm, 10-30 cm (roghnach))* |
| *Gnáthóg ithreach* | | | |
| *Gné na gnáthóige ithreach* | *Tuairisceoir ithreach* | *Eisceachtaí* | |
| *Struchtúr ithreach* | • *Codanna na haicme méide (gaineamh, siolta, cré)*<br>• *Cion na n-ábhar garbh (>2 mm)* | *-* | *Le déanamh le haghaidh barrithir (0-10 cm, 10-30 cm)* |

**Leasú 199**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn I – tábla– Cuid B**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| ***Cuid B tuairisceoirí ithreach lena ngabhann critéir maidir le riocht sláintiúil ithreach arna mbunú ar leibhéal na mBallstát*** | | |
|---|---|---|
| ***Cion cothaitheach iomarcach san ithir*** | ***Fosfar in-eastósctha (mg in aghaidh an kg)*** | ***<‘uasluach’;Leagfaidh an Ballstát síos an ‘t-uasluach’ laistigh den raon 30-50 mg*** $kg^{-1}$ |

| | | |
|---|---|---|
| *Éilliú ithreach* | *- tiúchan trom-mhiotal san ithir: Mar, Sb, Cd, Co, Cr (iomlán), Cr (iomlán), Cu, Hg, Pb, Ni, Tl, V, Zn (σg in aghaidh an kg)*<br>*- tiúchan de rogha éilleán orgánach arna bhunú ag na Ballstáit agus na teorainneacha tiúchana atá ann cheana á gcur san áireamh e.g. le haghaidh cháilíocht an uisce agus astaíochtaí aeir i reachtaíocht an Aontais* | *Dearbhú réasúnta, a fhaightear ó shampláil pointí ithreach, sainaithint agus imscrúdú láithreán éillithe, agus aon fhaisnéis ábhartha eile, nach bhfuil aon riosca do-ghlactha ann do shláinte an duine ná don chomhshaol ó éilliú ithreach, Gnáthóga ina bhfuil ardtiúchan nádúrtha de mhiotail throma a áirítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE ón gComhairle*[3] *leanfaidh siad de bheith faoi chosaint.* |

| | | |
|---|---|---|
| ***Laghdú ar an acmhainn atá ag ithreacha uisce a choinneáil*** | ***Acmhainn coinneála uisce ithreach atá ag an sampla ithreach (% den toirt uisce / toirt ithreach sáithithe)*** | ***Tá luach measta na hacmhainne iomláine coinneála uisce atá ag limistéar ithreach de réir abhantraí nó fo-abhantraí os cionn na tairsí íosta. Socróidh an Ballstát an íostairseach (i dtonaí), ag leibhéal ceantair ithreach agus abhantraí nó fo-abhantraí, ag luach a fhágfaidh go maolófar tionchair tuilte, tar éis teagmhais throma báistí, nó tréimhsí taise ísle ithreach de dheasca triomaigh.*** |
| ______________________ | | |
| ***[3] Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7).*** | | |

*Leasú*

| | | | |
|---|---|---|---|
| ***Cuid B Leibhéal 2 dearadh faireacháin ithreach***<br><br>***Tá Ballstát incháilithe le haghaidh dearadh faireacháin ithreach Leibhéal 2 más rud é:***<br><br>***— go n-áirítear ann go carnach na tuairisceoirí ithreach uile do Leibhéal 1 agus na critéir a shainítear i gcolún 2 don dearadh samplála i gCuid B agus go n-áirítear ann ar a laghad 50 % de na tuairisceoirí ithreach i gCuid B, nó,***<br><br>***— go gcomhlíonann sé go carnach na critéir maidir le dearadh samplála ithreach Leibhéal 1 agus go n-áirítear leis na tuairisceoirí ithreach go léir i gCuid A agus Cuid B.*** | | | |
| ***Dearadh samplála*** | | | |
| ***Modheolaíocht tagartha*** | ***Critéir le comhlíonadh*** | ***Eisceachtaí*** | ***Nótaí*** |
| ***Sampláil chórasach shrathaithe a bhaineann úsáid as greille spásúil chun cumhdach aonchineálach chríoch an Bhallstáit a áirithiú le haghaidh gach*** | ***(a) Cumhdach aonchineálach chríoch an Bhallstáit a áirithiú le haghaidh gach cineáil talún (e.g. trí shrathaitheoir córasach*** | ***-*** | ***Moltar go n-áireofaí i ndearadh agus i gcur chun feidhme an chórais*** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| *cineáil talún. Is féidir faisnéis chúnta amhail criosanna comhshaoil nó cineálacha ithreach a úsáid freisin chun an dearadh samplála a bheachtú tuilleadh.*<br><br>*Nuair a bheidh siad ar fáil, comhordóidh na Ballstáit leithdháileadh na bpointí samplála le cláir faireacháin eile atá ann cheana amhail fásra náisiúnta agus fardail foraoise. Baineann an rud céanna le cineálacha eile áireamh, amhail an áireamh talmhaíochta, chun bailiú níos fearr sonraí a cheadú maidir le cleachtais um bhainistiú agus barrfheabhsú costas.*<br><br>*Déanfar leithdháileadh agus méid an tsampla a chinneadh trí mhodhanna arna suí go heolaíoch don dearadh samplála arna chur i bhfeidhm, amhail na modhanna dá dtagraítear in Bethel (1989) le haghaidh sampláil randamach shrathaithe.* | *(e.g. greille leanúnach) a chur chun feidhme mar chuid den dearadh samplála.*<br><br>*(b) Sampláil randamach shrathaithe bunaithe ar chineál talún; féadfaidh dálaí aeráide, cineál ithreach, cineál talún, agus réigiúin riaracháin de réir Airt. 4 a bheith san áireamh sna srathóirí*<br><br>*(c) Déanfar an meastachán, ar an líon íosta foriomlán samplaí, de réir an nós imeachta i Leibhéal 1.*<br><br>*(d) Cead a thabhairt 20 % de na láithreacha samplála a thiomnú do shampláil spriocdhírithe a bhaineann le himscrúduithe nó le measúnú riosca.* | | *faireacháin ithreach páirtithe leasmhara iomadúla agus, nuair is gá, comhaontuithe idirnáisiúnta teorann, chun a áirithiú go ndéanfar bearta costéifeachtacha a mheas agus go gcuirfear an saineolas atá ar fáil san áireamh.* |
| *Fachtóirí díghrádúcháin* | | | |
| *Fachtóir díghrádúcháin* | *Tuairisceoir ithreach* | *Eisceachtaí* | *Nótaí* |
| *Salannú* | • *Seoltacht Leictreach* | *-* | *Le déanamh le* |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | *(Símin in aghaidh an mhéadair (S $m^{-1}$))* | | *haghaidh barrithir (0-10 cm, 10-30 cm (roghnach))* |
| *Tógáil talún;* | • *Séalú ithreach (mar chéatadán den talamh atá séalaithe le haon chineál bonneagair de dhéantús an duine in aghaidh an 100 m²)* | - | *Mar thagairt, ba cheart an láthair samplála a mheas mar mheánlár an mheasúnaithe seo* |
| *Éilliú ithreach* | • *Táirgí cógaisíochta agus tréidliachta* | - | |
| *Balcadh ithreach* | • *Dlús toirte san fho-ithir; Féadfaidh na Ballstáit paraiméadar coibhéiseach (g in aghaidh an $cm^3$) a chur in ionad an tuairisceora seo* | *Ithreacha neamhbhainistithe i limistéir thalún nádúrtha* | *Le déanamh le haghaidh fo-ithir (30- 50, 50-100 cm)* |
| *Feidhmeanna éiceolaíocha ithreach* | | | |
| *Feidhm éiceolaíoch* | *Tuairisceoir ithreach* | *Eisceachtaí* | |
| *Timthriall cothaitheach* | • *mianrú nítrigine,*<br>• *infhaighteacht nítrigine* | - | *Le déanamh le haghaidh barrithir (0-10 cm, 10-30 cm (roghnach))* |
| *Comhiomlánú ithreach* | • *ábhar garbh codánach uisce cobhsaí* | - | *Le déanamh le haghaidh barrithir (0-10 cm, 10-30 cm (roghnach))* |
| *Gníomhaíocht einsímeach* | • *Acmhainneacht gníomhaíochta einsímí le haghaidh* | - | *Le déanamh le haghaidh* |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | *fosfatáis aigéid (CE 3.13.2)*<br>• *Acmhainneacht na gníomhaíochta einsímí do N-aicéitilglúcósaimíniodáis (CE 3.2.1.50)*<br>• *Acmhainneacht na gníomhaíochta einsímí do xiolóisíodáis (CE 3.2.1.37)*<br>• *Acmhainneacht na gníomhaíochta einsímí do cheallaidhé-óshiodróláis (CE 3.2.1.91)*<br>• *Acmhainneacht na gníomhaíochta einsímí do β-glúcóisíodáis (CE 3.2.1.21)* | | *barrithir (0-10 cm, 10-30 cm (roghnach))* |
| *Bithmhais ithreach* | • *Bithmhais mhiocróbach mar a léirítear le haigéid shailleacha marcála (bithmhais in aghaidh an fheidhmghrúpa mhiocróbaigh; ng FAME $g^{-1}$ meáchan tirim ithreach)* | - | *Le déanamh le haghaidh barrithir (0-10 cm, 10-30 cm (roghnach))* |
| *Bithéagsúlacht ithreach* | | | |
| *Gné na bithéagsúlachta ithreach* | *Tuairisceoir ithreach* | *Eisceachtaí* | *Nótaí* |

| | | | |
|---|---|---|---|
| *Éagsúlacht thacsanomaíoch* | • *Éagsúlacht (saibhreas) ainmhithe ithreach in aghaidh an ghrúpa bunaithe ar mhodhanna moirfeolaíocha agus d'fhéadfadh sainaithint íomhánna a bheith san áireamh freisin (Néimeatóidí (i gcás néimeatóidí, ba cheart aicmiú a dhéanamh go leibhéal an teaghlaigh ar a laghad) agus péisteanna talún (i gcás péisteanna talún, ba cheart aicmiú a dhéanamh síos go leibhéal an speicis))*<br>• *Áirimh thacsanomaíocha na bithéagsúlachta ithreach mheitigéanóm-bhunaithe in aghaidh an ghrúpa thacsanomaíoch* | - | *Le déanamh le haghaidh barrithir (0-10 cm, 10-30 cm (roghnach))* |
| *Flúirse pobal* | • *Flúirsí iomlána na bhfungas (ag baint úsáid as an réigiún spásaire tras-scríofa inmheánaigh (ITS))* | - | *Le déanamh le haghaidh barrithir (0-10 cm, 10-30 cm (roghnach))* |
| *Gnáthóg ithreach* | | | |

| *Gné na gnáthóige ithreach* | *Tuairisceoir ithreach* | *Eisceachtaí* | *Nótaí* |
|---|---|---|---|

**Leasú 200**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn I – tábla– Cuid C**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| *Cuid C: tuairisceoirí ithreach gan chritéir* | |
|---|---|
| ***Gné den dhíghrádú ithreach*** | ***Tuairisceoir ithreach*** |
| ***Cion cothaitheach iomarcach*** san ithir | ***Nítrigin*** san ithir ***(mg $g^{-1}$)*** |
| ***Aigéadú*** | ***Aigéadacht ithreach (pH)*** |
| ***Balcadh barrithreach*** | ***Dlús toirte sa bharrithir (léaslíne $A^4$) (g $cm^{-3}$)*** |
| ***Caillteanas*** bhithéagsúlacht ***na hithreach*** | ***Bonnriospráid mhiocróbach ithreach (($mm^3$ $O_2$ $g^{-1}$ $hr^{-1}$) in ithir thirim***<br><br>***Féadfaidh na Ballstáit tuairisceoirí roghnacha ithreach eile a roghnú freisin don*** bhithéagsúlacht***, amhail:***<br>***- meitea-bharrachódú baictéar, fungas, prótaisteach agus ainmhithe;***<br>***- flúirse agus éagsúlacht néimeatóidí;***<br>***- bithmhais mhiocróbach;***<br>***- flúirse agus éagsúlacht péisteanna talún (ar thalamh curaíochta);***<br><br>***- speicis choimhthíocha ionracha agus lotnaidí plandaí*** |
| ______________________ | |

| |
|---|
| *4* <br><br> ***Mar a shainítear i dTreoirlínte FAO maidir le Tuairisc ar Ithreacha, Caibidil 5 (https://www.fao.org/3/a0541e/a0541e.pdf )*** |

*Leasú*

| ***Cuid C: Leibhéal 3 dearadh faireacháin ithreach*** <br><br> ***Tá Ballstát incháilithe le haghaidh dearadh faireacháin ithreach Leibhéal 3 má chomhlíonann sé coinníollacha Leibhéal 2 agus má chuimsíonn sé 50 % ar a laghad de na tuairisceoirí ithreach i gCuid C.*** | | | |
|---|---|---|---|
| ***Fachtóirí díghrádúcháin*** | | | |
| ***Fachtóir díghrádúcháin*** | ***Tuairisceoir ithreach*** | ***Eisceachtaí*** | ***Nótaí*** |
| ***Éilliú ithreach*** | • ***Tiúchan micreaphlaisteach agus nanaphlaisteach*** | ***-*** | ***Le déanamh le haghaidh barrithir (0-10 cm, 10-30 cm (roghnach))*** |
| ***Feidhmeanna éiceolaíocha ithreach*** | | | |
| ***Feidhm éiceolaíoch*** | ***Tuairisceoir ithreach*** | ***Eisceachtaí*** | ***Nótaí*** |
| ***Bithmhais ithreach*** | • ***Bithmhais ainmhithe ithreach(de réir an ghrúpa tacsanomaíoch (Néimeatóidí agus péisteanna talún); mg úr (i gcás Néimeatóidí)/meáchan tirim (i gcás péisteanna talún) meáchan in aghaidh g d'ithir thirim)*** | ***-*** | ***Le déanamh le haghaidh barrithir (0-10 cm, 10-30 cm (roghnach))*** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | • *Bithmhais fréimhe (mg meáchan tirim in aghaidh g meáchan tirim ithreach)* | | |
| *Tréithe pobail fréamhacha* | • *Nítrigin iomlán atá i láthair i bhfréamhacha*<br>• *Dlús faid fréimhe*<br>• *Meántrastomhas fréimhe*<br>• *Éagsúlacht i dtrastomhas fréimhe*<br>• *Cion ábhair fhréamhthirime* | *-* | *Le déanamh le haghaidh barrithir (0-10 cm, 10-30 cm (roghnach))* |
| *Bithéagsúlacht ithreach* | | | |
| *Gné na bithéagsúlachta ithreach* | *Tuairisceoir ithreach* | *Eisceachtaí* | *Nótaí* |
| *Éagsúlacht thacsanomaíoch* | • *Éagsúlacht (saibhreas) ainmhithe ithreach in aghaidh an ghrúpa (Collembola agus fíneoga)*<br>• *Láithreacht speiceas coimhthíoch ionrach*<br>• *Éagsúlacht víreas ag baint úsáide as cuir chuige mheiteanómacha* | *-* | *Le déanamh le haghaidh barrithir (0-10 cm, 10-30 cm (roghnach))* |
| *Flúirse pobal* | • *Flúirse iomlán ainmhithe ithreach in aghaidh tacsóin (i gcás Néimeatóidí agus péisteanna talún)* | *-* | *Le déanamh le haghaidh barrithir (0-10 cm, 10-30 cm (roghnach))* |

| *Gnáthóg ithreach* | | | |
|---|---|---|---|
| *Gné na gnáthóige ithreach* | *Tuairisceoir ithreach* | *Eisceachtaí* | *Nótaí* |

**Leasú 201**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – tábla– Cuid A**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

***Cuid A: Modheolaíocht chun pointí samplála a chinneadh***

| *Gníomhaíocht* | *Critéir íosta don mhodheolaíocht* |
|---|---|
| ***Pointí samplála a chinneadh*** *(*suirbhé samplach) | ***Dearfar an*** suirbhé samplach ***ó fhráma samplach iomlán ina mbeidh an fhaisnéis is fearr dá bhfuil ar fáil maidir le dáileadh airíonna ithreach, lena n-áirítear an fhaisnéis a thagann ó thomhais náisiúnta roimhe seo agus ó thomhais faoi chlár LUCAS, ach gan a bheith teoranta don fhaisnéis sin.***<br><br>***Is éard a bheidh sa scéim samplála ná sampláil randamach shrathaithe arna barrfheabhsú ar na tuairisceoirí sláinte ithreach.***<br><br>***Le méid an tsampla náisiúnta comhlíonfar an ceanglas maidir le huasearráid chéatadánach (nó Comhéifeacht na hInathraitheachta) de 5 % chun meastachán a dhéanamh ar an limistéar ina bhfuil ithreacha sláintiúla.***<br><br>***Féadfaidh sampla an Choimisiúin don suirbhé a leagtar síos faoi Airteagal 6(4) rannchuidiú le 20 % ar a mhéad de mhéid na samplaí náisiúnta.***<br><br>***Cinnfear leithdháileadh agus méid an tsampla trí*** |

| | |
|---|---|
| | ***algartam Bethel (Bethel, 1989)[5] a chur i bhfeidhm agus cuntas á thabhairt ar an uasearráid meastacháin is gá.*** |

_____________

[5] ***Bethel, J. 1989. "Sample Allocation in Multivariate Surveys." Modheolaíocht Suirbhé 15: 47–57.***

*Leasú*

***Cuid A: Modhanna ginearálta chun bithéagsúlacht ithreach agus feidhmeanna éiceolaíocha ithreach a shampláil***

| ***Gníomhaíocht*** | ***Critéir thagartha le haghaidh modheolaíochta*** |
|---|---|
| ***Faireachán*** éiceolaíoch ithreach | ***Is é an aidhm a bheidh ann úsáid a bhaint as prótacal samplála ithreach simplí lenar féidir sampláil*** éiceolaíoch ithreach ***a chaighdeánú ar fud na mBallstát agus a bheidh infheidhme maidir le gach tuairisceoir Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 (feidhmeanna éiceolaíocha ithreach, bithéagsúlacht ithreach agus tuairisceoirí gnáthóige ithreach) cé is moite de thuairisceoirí fauna ithreach.***<br><br>***Ag leanúint an phrótacail samplála arna ghlacadh le haghaidh SoilBON, agus limistéar cearnach aonchineálach 30x30 méadar á chur san áireamh, naoi bhfoshampla a bhunú a chomhfhreagraíonn do choirnéil na gcearnóg, lár na cearnóige, agus na pointí idirmheánacha. Agus úsáid á baint as croíghearrthóir miotail ithreach nó uirlis chomhchosúil, bain amach méid ithreach de thrastomhas 5 cm agus doimhneacht 10 cm. Is féidir doimhneacht ithreach a mhéadú go 30 cm, ach ba cheart an chéad sraith (suas le 10 cm) agus an dara sraith a scaradh.*** |
| ***Faireachán fauna ithreach*** | ***Maidir le péisteanna talún: sórtáil de láimh ag baint úsáid as prótacail atá i gcomhréir leis an bprótacal samplála a leagtar amach in Briones et al. 2020.***<br><br>***Maidir le néimeatóidí: ag leanúint na gcritéar a bunaíodh i*** |

| | |
|---|---|
| | ***bprótacal samplála caighdeánach SoilBON.***<br><br>***Maidir le collembola agus fíneoga: ag leanúint na bprótacal a bunaíodh in Potapov et al. 2022.*** |
| ***Tuairisceoirí*** ithreach ***eile atá bunaithe ar phointí*** | ***Úsáidfidh na Ballstáit modheolaíocht*** ithreach ***LUCAS mar thagairt le haghaidh sampláil ithreach.*** |

**Leasú 202**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – tábla– Cuid B**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| ***Tuairisceoir ithreach*** | ***Modheolaíocht tagartha*** | ***Íoschritéir mhodheolaíochta*** | ***Feidhm tarchuir córais bhailíochtaithe a bhfuil gá léi (má úsáidtear modheolaíocht atá difriúil ón modheolaíocht thagartha[6])?*** |
|---|---|---|---|
| ***Uigeacht ithreach (cion cré, siolta agus gainimh – a bhfuil gá leo chun tuairisceoirí eile agus raonta gaolmhara a*** | ***An modh tosaíochta: ISO 11277:1998 Dáileadh mhéid na gcáithníní in ábhar ithreach mianraigh a chinneadh - Modh an chriathraithe agus an dríodraithe Modh malartach:*** | | ***TÁ*** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| ***chinneadh)*** | ***ISO13320:2009 Anailís ar mhéid na gcáithníní - Modhanna an díraonacháin léasair*** | | |
| ***Seoltacht Leictreach*** | ***Rogha 1: modh tomhais maidir le heastóscán taois in ithir sháithithe (eEC) (FAO SOP: GLOSOLAN-SOP-08[7])*** <br> ***Rogha 2: ISO 11265:1994 An tSeoltacht Leictreach Shonrach a Chinneadh;*** | | ***TÁ*** |
| ***Ráta creimthe ithreach*** | | ***Cuirfear san áireamh sa mheastachán ar an ráta creimthe ithreach gach gníomhaíocht a dhéanfar chun an riosca creimthe a mhaolú nó a chúiteamh, lena n-áirítear bearta maolaithe iardhóiteáin.*** <br><br> ***Áireofar le meastachán ar an ráta creimthe ithreach gach próiseas creimthe ábhartha amhail creimeadh ag uisce, gaoth, fómhar agus*** | ***N/B*** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | ***curaíocht.***<br><br>***Déanfar measúnú ar chreimeadh ithreach ag an uisce trí na tosca seo a leanas a chur san áireamh:***<br><br>***- saintréithe ithreach (e.g. inchreimtheacht, screamhú ithreach, gairbhe ithreach),***<br><br>***- aeráid (e.g. creimneacht bháistí – a déine agus a fad, agus réamh-mheastacháin ábhartha maidir le hathrú aeráide le haghaidh limistéar áirithe á gcur san áireamh),***<br><br>***- topagrafaíocht (e.g. géire agus fad fána),***<br><br>***- cumhdach fásra, cineál barr, úsáid talún agus cleachtais bhainistíochta chun creimeadh a rialú nó a laghdú,*** | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | - *cleachtais bhainistíochta (e.g. barra cumhdaigh, curaíocht laghdaithe, mótú, etc.),*<br>- *limistéir dhóite.*<br><br>*Déanfar measúnú ar chreimeadh ithreach ag an ngaoth trí na tosca seo a leanas a bhreithniú:*<br>- *saintréithe ithreach (e.g inchreimtheacht),*<br>- *aeráid (e.g. taise ithreach, luas gaoithe, galú),*<br>- *fásra (e.g. cineál barr),*<br>- *cleachtais bhainistíochta chun creimeadh a rialú nó a laghdú (e.g. scáthláin ghaoithe).* | |
| *Carbón orgánach san ithir (SOC)* | *ISO 10694:1995 Carbón orgánach agus carbón iomlán a chinneadh tar éis dóchán tirim* | | *TÁ* |

| | | | |
|---|---|---|---|
| ***Dlús toirte sa bhfo-ithir (léaslíne B [8]) nó paraiméadar coibhéiseach[9] arna roghnú ag na Ballstáit*** | ***ISO 11272:2017 chun dlús toirte tirim a chinneadh***<br><br>***I gcás ina roghnófar paraiméadar coibhéiseach, is caighdeán Eorpach nó Idirnáisiúnta a bheidh sa mhodheolaíocht más ann dó; mura bhfuil an caighdeán sin ar fáil, beidh an mhodheolaíocht a roghnófar le fáil sa litríocht eolaíoch nó ar fáil don phobal.*** | | ***TÁ*** |
| ***Fosfar in-eastósctha*** | ***ISO 11263:1994 maidir le fosfar intuaslagtha i dtuaslagán de charbónáit hidrigine sóidiam a chinneadh le speictriméadar (P-Olsen)*** | | ***TÁ*** |
| ***- Tiúchan trom-mhiotal san ithir: As, Sb, Cd, Co, Cr (iomlán), Cr (VI), Cu, Hg, Pb, Ni, Tl, V, Zn*** | ***Méid féideartha comhshaoil trom-mhiotal atá ar fáil in ithreacha bunaithe ar ISO 17586:2016 trí úsáid a bhaint as*** | ***Caighdeáin Eorpacha nó idirnáisiúnta a úsáid nuair is ann dóibh; mura bhfuil an caighdeán sin ar fáil, beidh an mhodheolaíocht a*** | ***TÁ***<br>***N/B*** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| ***- tiúchan de rogha éilleán orgánach arna sainiú ag na Ballstáit agus reachtaíocht an Aontais atá ann cheana á cur san áireamh (e.g. reachtaíocht maidir le cáilíocht uisce nó maidir le lotnaidicídí)*** | ***aigéad nítreach caol.*** | ***roghnófar le fáil sa litríocht eolaíoch nó ar fáil don phobal*** | |
| ***Acmhainn coinneála uisce ithreach*** | ***Modheolaíocht chun luach pointe shamplaigh amháin a chinneadh:***<br>***Rogha 1: SAOTHARLANN: ISO 11274:2019 chun an tréith choinneála uisce a chinneadh.***<br><br>***Rogha 2: MEASTACHÁN: an mhodheolaíocht a bhfuil tuairisc uirthi san alt eolaíoch 'New generation of hydraulic pedotransfer*** | ***Íoschritéir chun an acmhainn fhoriomlán atá ag ceantair ithreach chun uisce a choinneáil ar scála abhantraí nó fo-abhantraí a mheas:***<br><br>***- don achar talún nár tógadh déan meastachán ar luach iomlán maidir le hacmhainn coinneála uisce na hithreach***<br><br>***- maidir leis an limistéar talún a tógadh, smaoinigh ar acmhainn coinneála uisce na*** | ***TÁ (do luach pointe)*** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | ***functions for Europe'*[10] *a chur i bhfeidhm bunaithe ar uigeacht (nó dáileadh mhéid na gcáithníní) agus ar charbón orgánach ithreach.*** | ***limistéar neamh-thréscaoilteach a shocrú go nialas, agus luachanna comhréireacha idirmheánacha á ndáileadh ar limistéir leath-thréscaoilteacha agus limistéir shaorga eile.*** | |
| ***Nítrigin san ithir*** | ***ISO 11261:1995 chun nítrigin iomlán na hithreach a chinneadh trí úsáid a bhaint as modh modhnaithe Kjeldahl*** | | ***TÁ*** |
| ***Aigéadacht ithreach*** | ***ISO 10390:2005 chun pH a chinneadh in eastóscán H2O agus CaCl2 (pH-H2O agus pH-CaCl2)*** | | ***TÁ*** |
| ***Dlús toirte sa 'bharrithir' (léaslíne A*[113]***)*** | ***ISO 11272:2017 le dlús toirte tirim a chinneadh*** | | ***TÁ*** |
| ***Bonnriospráid ithreach Féadfaidh na*** | ***Lean na tásca a thuairiscítear san alt eolaíoch 'Microbial*** | ***Caighdeáin Eorpacha nó idirnáisiúnta a úsáid nuair is ann dóibh; mura*** | ***TÁ*** |

3 Mar a shainítear i dTreoirlínte FAO maidir le Tuairisc ar Ithreacha, Caibidil 5 (https://www.fao.org/3/a0541e/a0541e.pdf )

| | | | |
|---|---|---|---|
| ***Ballstáit tuairisceoirí roghnacha bithéagsúlachta ithreach eile a roghnú freisin amhail:*** <br> ***-Meitea-bharrachódú[12] ar bhaictéir, fungais, prótaistigh agus ainmhithe;*** <br> ***- Flúirse agus éagsúlacht néimeatóidí;*** <br> ***- Bithmhais mhiocróbach;*** <br> ***- Flúirse agus éagsúlacht péisteanna talún (ar thalamh curaíochta)*** | ***biomass and activities in soil as affected by frozen and cold storage'[13]*** | ***bhfuil an caighdeán sin ar fáil, beidh an mhodheolaíocht a roghnófar le fáil sa litríocht eolaíoch nó ar fáil don phobal.*** | ***Le haghaidh tuairisceoirí bithéagsúlachta ithreach eile: N/B*** |

______________________________

***[6] Na modheolaíochtaí a bheidh difriúil ón modheolaíocht tagartha, beidh siad ar fáil sa litríocht eolaíoch nó ar fáil go poiblí.***

***[7] https://www.fao.org/3/cb3355en/cb3355en.pdf***

***[8] Mar a shainítear i dTreoirlínte FAO maidir le Tuairisc ar Ithreacha, Caibidil 5(https://www.fao.org/3/a0541e/a0541e.pdf )***

***[9] Coibhéis de réir thuarascáil na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil: Soil monitoring***

| |
|---|
| ***in Europe – Indicators and thresholds for soil health assessments [Monatóireacht ithreach san Eoraip – Táscairí agus tairseacha le haghaidh measúnuithe ar shláinte ithreach] — an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (europa.eu)*** |
| ***10*** |
| ***[11] Mar a shainítear i dTreoirlínte FAO maidir le Tuairisc ar Ithreacha, Caibidil 5(https://www.fao.org/3/a0541e/a0541e.pdf )*** |
| ***[12] Seicheamhú ar bharrachóid RNA chun éagsúlacht thacsanomaíoch agus fheidhmiúil aircéabaictéar, baictéar, fungas agus eocarót eile a thomhas mar a rinneadh do Bhithéagsúlacht Ithir LUCAS bunaithe ar https://doi.org/10.1111/ejss.13299*** |
| ***[13] https://www.sciencedirect.com/science/article/abs/pii/S0038071797001259*** |

*Leasú*

| ***Tuairisceoir ithreach*** | ***Modheolaíocht tagartha*** | ***Íoschritéir mhodheolaíochta*** | ***Feidhm tarchuir bhailíochtaithe a bhfuil gá léi (má úsáidtear modheolaíocht atá difriúil ón modheolaíocht thagartha)*** |
|---|---|---|---|
| ***Uigeacht ithreach (cion cré, siolta agus gainimh – a bhfuil gá leo chun tuairisceoirí eile agus raonta gaolmhara a chinneadh)*** | ***An modh tosaíochta: ISO 11277:1998 Dáileadh mhéid na gcáithníní in ábhar ithreach mianraigh a chinneadh - Modh an chriathraithe agus an dríodraithe***<br><br>***Modh malartach:*** | | ***TÁ*** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | ***ISO13320:2009 Anailís ar mhéid na gcáithníní - Modhanna an díraonacháin léasair*** | | |
| ***Seoltacht Leictreach*** | ***Rogha 1: modh tomhais maidir le heastóscán taois in ithir sháithithe (eEC) (FAO SOP: GLOSOLAN-SOP-08[6])***<br><br>***Rogha 2: ISO 11265:1994 An tSeoltacht Leictreach Shonrach a Chinneadh;*** | | ***TÁ*** |
| ***Ráta creimthe ithreach*** | | ***Cuirfear san áireamh sa mheastachán ar an ráta creimthe ithreach gach gníomhaíocht a dhéanfar chun an riosca creimthe a mhaolú nó a chúiteamh, lena n-áirítear bearta maolaithe iardhóiteáin.***<br><br>***Áireofar le meastachán ar an ráta creimthe ithreach gach próiseas creimthe ábhartha amhail creimeadh ag uisce, gaoth, fómhar agus curaíocht.***<br><br>***Déanfar measúnú ar chreimeadh ithreach ag an uisce trí na tosca seo a leanas a chur san áireamh:***<br><br>- ***saintréithe ithreach (e.g. inchreimtheacht, screamhú ithreach, gairbhe ithreach),*** | ***N/B*** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | - ***aeráid (e.g. creimneacht bháistí – a déine agus a fad, agus réamh-mheastacháin ábhartha maidir le hathrú aeráide le haghaidh limistéar áirithe á gcur san áireamh),***<br><br>- ***topagrafaíocht (e.g. géire agus fad fána),***<br><br>- ***cumhdach fásra, cineál barr agus foraoise, úsáid talún agus cleachtais bhainistíochta chun creimeadh a rialú nó a laghdú,***<br><br>- ***cleachtais bhainistíochta (e.g. barra cumhdaigh, curaíocht laghdaithe, mótú, etc.),***<br><br>- ***limistéir dhóite.***<br><br>***Déanfar measúnú ar chreimeadh ithreach ag an ngaoth trí na tosca seo a leanas a bhreithniú:***<br><br>- ***saintréithe ithreach (e.g inchreimtheacht),***<br><br>- ***aeráid (e.g. taise ithreach, luas gaoithe, galú),***<br><br>- ***fásra (e.g. cineál barr),***<br><br>- ***cleachtais bhainistíochta*** | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | *chun creimeadh a rialú nó a laghdú (e.g. scáthláin ghaoithe),*<br>- *limistéir dhóite* | |
| ***Carbón orgánach san ithir (SOC)*** | ***ISO 10694:1995 Carbón orgánach agus carbón iomlán a chinneadh tar éis dóchán tirim*** | | ***TÁ*** |
| ***Dlús toirte i mbarrithir nó paraiméadar coibhéiseach[7] arna roghnú ag na Ballstáit*** | ***ISO 11272:2017 le dlús toirte tirim a chinneadh***<br><br>***I gcás ina roghnófar paraiméadar coibhéiseach, is caighdeán Eorpach nó Idirnáisiúnta a bheidh sa mhodheolaíocht más ann dó; mura bhfuil an caighdeán sin ar fáil, beidh an mhodheolaíocht a roghnófar le fáil sa litríocht eolaíoch nó ar fáil don phobal.*** | | ***TÁ*** |
| ***Fosfar in-eastósctha*** | ***ISO 11263:1994 maidir le fosfar intuaslagtha i dtuaslagán de charbónáit hidrigine sóidiam a chinneadh le speictriméadar (P-Olsen)*** | | ***TÁ*** |
| ***- Tiúchan trom-mhiotal san ithir: As, Sb, Cd, Co, Cr*** | ***Méid féideartha comhshaoil trom-mhiotal atá ar fáil in ithreacha*** | | ***TÁ*** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| *(iomlán), Cr (VI), Cu, Hg, Pb, Ni, Tl, V, Zn*<br>*- tiúchan de rogha éilleán orgánach arna sainiú ag na Ballstáit agus reachtaíocht an Aontais atá ann cheana á cur san áireamh (e.g. reachtaíocht maidir le cáilíocht uisce nó maidir le lotnaidicídí)*<br><br>*- Iarmhair lotnaidicídí agus bithicídí, táirgí tréidliachta*<br><br>*- PFASanna* | *bunaithe ar ISO 17586:2016 trí úsáid a bhaint as aigéad nítreach caol.* | *Caighdeáin Eorpacha nó idirnáisiúnta a úsáid nuair is ann dóibh; mura bhfuil an caighdeán sin ar fáil, beidh an mhodheolaíocht a roghnófar le fáil sa litríocht eolaíoch nó ar fáil don phobal* | *N/B* |
| *Acmhainn coinneála-uisce ithreach* | *Modheolaíocht chun luach pointe shamplaigh amháin a chinneadh:*<br><br>*Rogha 1: SAOTHARLANN: ISO 11274:2019 chun an tréith choinneála uisce a chinneadh.*<br><br>*Rogha 2: MEASTACHÁN: an mhodheolaíocht a bhfuil tuairisc uirthi san alt eolaíoch 'New generation* | *Íoschritéir chun an acmhainn coinneála-uisce fhoriomlán atá ag ceantair ithreach ar scála abhantraí nó fo-abhantraí a mheas:*<br><br>- *don achar talún nár tógadh déan meastachán ar luach iomlán maidir le hacmhainn coinneála uisce na hithreach*<br><br>- *maidir leis an limistéar talún a tógadh,* | *TÁ* |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | *of hydraulic pedotransfer functions for Europe' a chur i bhfeidhm bunaithe ar uigeacht (nó dáileadh mhéid na gcáithníní) agus ar charbón orgánach ithreach.* | *smaoinigh ar acmhainn coinneála-uisce na limistéar neamh-thréscaoilteach a shocrú go nialas, agus luachanna comhréireacha idirmheánacha á ndáileadh ar limistéir leath-thréscaoilteacha agus limistéir shaorga eile.* | |
| *Nítrigin san ithir* | *ISO 11261:1995 chun nítrigin iomlán na hithreach a chinneadh trí úsáid a bhaint as modh modhnaithe Kjeldahl* | | *TÁ* |
| *Aigéadacht ithreach* | *ISO 10390:2005 chun pH a chinneadh in eastóscán H2O agus CaCl2 (pH-H2O agus pH-CaCl2)* | | *TÁ* |
| *Dlús toirte i 'mbarrithir'* | *ISO 11272:2017 le dlús toirte tirim a chinneadh* | | *TÁ* |
| *Timthriall cothaitheach* | *Maidir le mianrú nítrigine, déantar samplaí ithreach aerthriomaithe a athfhliuchadh chun 80 % dá n-acmhainn coinneála uisce a bhaint amach agus déantar iad a ghoradh sa tsaotharlann ar feadh 14 lá ag 30 °C.* | | *TÁ* |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | ***Déantar an glanráta mianraithe N a d'fhéadfadh a bheith ann a mheas mar an difríocht idir N neamhorgánach tosaigh agus deiridh. Déantar infhaighteacht cothaitheach ithreach a ríomh trí úsáid a bhaint as ionsamhlóirí fréimhe, déantar N agus P atá ar fáil a chinneadh trí chinneadh dathmhéadrach a úsáid bunaithe ar an imoibriú le molabdáit amóiniam.*** | | |
| ***Comhiomlánú ithreach*** | ***Tuairiscítear na tuairisceoirí ithreach sin mar chomhiomláin ithreach uiscechobhsaí a ndéantar measúnú orthu trí fhrithsheasmhacht na gcomhiomlán ithreach i gcoinne uisce mar fhórsa díscaoilte a chinneadh, trí chur chuige arna mhodhnú ó Kemper agus Rosenau (1986) a chur i bhfeidhm. Léiríonn an t-innéacs a eascraíonn as céatadán na gcomhiomlán uiscechobhsaí***<br><br>***ag a bhfuil trastomhas níos lú ná 4 mm. Ina*** | | ***TÁ*** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | ***theannta sin, déanfar smionagar (i.e.ábhar garbh) a dheighilt ón gcodán uiscechobhsaí chun codán na gcomhiomlán uiscechobhsaí (WSA) den sampla a chinneadh i gceart: % WSA=(codán uiscechobhsaí - ábhar garbh)/(4 g-ábhar garbh).*** | | |
| ***Gníomhaíocht einsímeach*** | ***Lean na tásca a dtugtar tuairisc orthu in Zeiss et al., 2022*** | | ***TÁ*** |
| ***Riospráid ithreach*** | ***Lean na tásca a thuairiscítear san alt eolaíoch 'Microbial biomass and activities in soil as affected by frozen and cold storage'***[8] | | ***TÁ*** |
| ***Dianscaoileadh bruscair*** | | ***Caighdeáin Eorpacha nó idirnáisiúnta a úsáid nuair is ann dóibh; mura bhfuil an caighdeán sin ar fáil, beidh an mhodheolaíocht a roghnófar le fáil sa litríocht eolaíoch nó ar fáil don phobal.*** | ***N/B*** |
| ***Bithmhais ithreach*** | ***Lean na tásca a thuairiscítear in Guerra et al., 2021, Briones et al. 2020, agus Potapov et al. 2022*** | | ***TÁ*** |
| ***Tréithe pobail*** | ***Lean na tásca a dtugtar*** | | ***TÁ*** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| ***fréamhacha*** | ***tuairisc orthu in Guerra et al., 2021*** | | |
| ***Éagsúlacht thacsanomaíoch*** | ***Lean na tásca a dtugtar tuairisc orthu in Guerra et al., 2021*** | | ***TÁ*** |
| ***Flúirse pobal*** | ***Lean na tásca a dtugtar tuairisc orthu in Guerra et al., 2021*** | | ***TÁ*** |
| ***Éagsúlacht ghéiniteach inspeiceasach*** | ***Lean na tásca a dtugtar tuairisc orthu in Guerra et al., 2021*** | | ***TÁ*** |
| ***Struchtúr ithreach*** | ***Déantar anailís ghráinnmhéadrach ar ithir criatharaithe (Ø < 2 mm), tar éis scriosadh an ábhair orgánaigh le H2O2. Déantar an t-easrú le tuaslagán de heicseaimeiteafosfáit/carbónáit sóidiam agus corraítear é ar feadh 16 uair an chloig. Is iad na codáin ghráinnmhéadracha a chuirtear san áireamh ná na cinn a mhol Aontas Idirnáisiúnta na hEolaíochta Ithreach (Scála Atterberg), ar gaineamh garbh (2 > Ø > 0.2 mm), gaineamh mín (0.2 > Ø > 0.02 mm), siolta (0.02 > Ø > 0.002 mm) agus cré (Ø <*** | | ***TÁ*** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | ***0.002 mm) iad. Déantar an codán gainimh ghairbh a chinneadh trí chriathrú, déantar na codáin shiolta agus chré a chinneadh trí dhríodrú agus trí phípéadú ag baint úsáid as pípéad Robinson agus an gaineamh mín trí dhríodrú agus scinceáil. Déantar amanna dríodraithe a ríomh trí úsáid a bhaint as Dlí Stokes.*** | | |

______________________

[6] ***https://www.fao.org/3/cb3355en/cb3355en.pdf***

[7] ***Coibhéis de réir thuarascáil na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil: Soil monitoring in Europe – Indicators and thresholds for soil health assessments [Monatóireacht ithreach san Eoraip – Táscairí agus tairseacha le haghaidh measúnuithe ar shláinte ithreach] — an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (europa.eu)***

[8] ***https://www.sciencedirect.com/science/article/abs/pii/S0038071797001259***

**Leasú 260**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn III**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***scriosta*** |

**Leasú 214**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn IV – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuirfear an liosta táscach seo a leanas de chláir, pleananna, spriocanna agus bearta san áireamh:*** |

**Leasú 215**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn IV – pointe 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(8a) Na straitéisí náisiúnta bithéagsúlachta agus na pleananna gníomhaíochta náisiúnta a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 6 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch.*** |

**Leasú 216**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn IV – pointe 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) Na pleananna gníomhaíochta náisiúnta arna nglacadh i gcomhréir le ***hAirteagal 8 de Rialachán …/…***[18] +. | (14) Na pleananna gníomhaíochta náisiúnta arna nglacadh i gcomhréir le ***hAirteagal 4 de Threoir 2009/128/CE***. |

[18] ***+ + Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le húsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115 atá i ndoiciméad COM(2022)305***